



Díolachán Litríochta na Gaeilge

L. 16



An cuimhin libh 'Y2K'?

L. 18



Labhrás Ó Murchú

L. 12

Tuairisc ón UN: cearta bia

L. 20



Ealaíontóir Nua na hEorpa

L. 22



Gaelisceal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 30.07.2010

An tÚdarás in 2014

Le Treasa Bhreathnach

FAOI Chlár Athbhreithnithe Caipitil an Rialtais (Capital Review Programme) tá sé molta go n-ísleofaí buiséad caipitiúil na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ó €105m i mbliana go €86m an bhliain seo chugainn, go €40m in 2012 agus go €30m in 2013. Deir Pádraig Ó hAoláin, Príomhfhéidhmeannach Údarás na Gaeltachta, “Má chloítear leis na figiúirí seo agus má bhaintear an buiséad don Chlár Leader den Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta is léir nach mbeidh caipiteal ar bith fágtha agus nach mbeadh Údarás na Gaeltachta in ann feidhmiú mar eagraíocht fheidhmithe amach anseo.”

I gcruinniú le hÚdarás na Gaeltachta Dé hAoine seo caite dúirt an tAire Gaeltachta, Pádraig Ó Ciardha, go bhfuil sé muiníneach go mbeidh ról láidir fós ag an Údarás i bhfiontraíocht agus i bhfostaíocht, cé nach é sin dearcadh an Rialtais faoin gClár Athbhreithnithe Caipitil. Tá sé beartaithe ag an Rialtas cúraimí fiontraíochta a aistriú ó Údarás na Gaeltachta go dtí Fiontraíocht Éireann. Deir Pádraig Ó hAoláin, “Níl aon taithí ag Fiontraíocht Éireann i leith fiontraíocht tuaithe. Measaimid go bhfuil 65% d’fhiontraíocht Údarás na Gaeltachta nach mbeadh Fiontraíocht Éireann in ann déileáil leis mar eagraíocht mar atá sí faoi láthair.

Ar lean ar leathanach 2

‘Cuir na moltaí faoin Straitéis i bhfeidhm’-Conradh na Gaeilge

Le Meadhbh Ní Eadhra

SEOLADH tuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge Dé Céadaoin. Tá Conradh na Gaeilge i ndiaidh fáiltiú roimh an

tuarascáil seo agus tá siad ag éileamh ar an Rialtas anois glacadh ina n-iomláine leis na moltaí sa tuarascáil chéanna. Cuireadh líon mór de mholtaí de chuid an Chonartha agus de chuid phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta trí chéile san áireamh i dtuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais. Thug 59 pearsan aonair agus

eagraíocht cúnamh don Chomhchoiste ina bplé. Tá naoi gcomhalta dhéag ar an gComhchoiste, ina measc urlabhraí Gaeltachta nua Fhine Gael, Frank Feighan, an Seanadóir Piaras Ó Dochar-taigh agus Cathaoirleach an Choiste, Tomás Ó Ceit, TD.

Ar lean ar leathanach 7

Cogar mise leat a Aire

GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



Preasoifigeach an Rialtais, Eoghan Ó Neachtain, ón Spidéal ó dhúchas, ag cur cogar i gcluais an Aire Airgeadais, Brian Lenihan T.D., ag seoladh Plean nua Infreastruchtúr an Rialtais san Ionad Nua Comhdhála Náisiúnta ar an Luan.

Idirnáisiúnta

Dlíthe Imirce Arizona

D’FHÁILTIGH rialtas Mheicsiceo roimh chinneadh a rinne breitheamh feidearálach i Meiriceá cosc a chur ar chuid de dhlíthe úra imirce Arizona. Glacadh le bille i mí Aibreáin a cheadaigh do na póilíní stádas imirce duine a fhiosrú dá gcreidfi gur imirceach mídhleathach a bhí ann. Faoin mbille ba choir a bheadh ann gan an páipéarachas imirce cuí a bheith ag duine.

Beirt cúisithe i ndúnmharú ochtar leanaí

CÚISÍODH máthair sa Fhrainc inné i ndúnmharú ochtar leanaí nuabheirthe dá cuid féin, agus cúisíodh a fear céile i gceilt na gcorp.

Tuigtear gur tháinig úinéir nua ar theach, arbh leis an bheirt é tráth, ar chnámha sa ghairdín agus gur ghlaoigh sí ar na póilíní i Villers-au-Terte in aice le cathair Lille. Is cúntóir banaltrachta í an bhean a cúisíodh agus is oibrí tógála é a fear agus é ar an gComhairle áitiúil freisin.

RÉIGIÚNACH	● 8
TUAIRIMÍ	● 12
CÚRSAI SAOIL	● 16
GNÓ	● 18
COMHSHAOL	● 20
BEATHA	● 22
OIDEACHAS	● 26
I measc an phobail	● 28
SPÓRT	● 29

1 NUACHT NÁISIÚNTA

Ó stocaí agus bróga go stoic agus scaireanna

Le Meadhbh Ní Eadhra agus Ciarán Dunbar

BHÍ a fhios ag cách go raibh fadhanna airgeadais agus eacnamaíochta sa tír seo, ach ní raibh mórán daoine ag súil leis an nuacht a fógraíodh an tseachtain seo faoi na bainc ag glacadh ceannais ar shiopa Arnotts i mBaile Átha Cliath. Is é an Banc Angla-Éireannach agus Banc Uladh atá i gceist. Is léir go bhfuil fadhanna móra ag an siopa agus tá 950 oibrí inníoch anois faoina bpoist, gan trácht ar an díomá atá ar chustaiméirí.

Tá an plean tathcheangail ag brath ar fhaomhadh ó Choimisinéir Iomaíochta an Aontais Eorpaigh. Tá os cionn €250 milliún d'iasachtaí le híoc ag an siopa agus cé go bhfuil lucht an tsiopa ag rá go bhfuil ag éirí go maith leo,

agus go mbeidh an siopa ag feidhmiú mar is gnáth, is léir ón bhforbairt suntasach seo go bhfuil Arnotts i dtioblóid.

Creidtear go mbaineann na fiacha le déileáil réadmhaoine den chuid is mó seachas le gnó an tsiopa amháin.

Creidtear go mbeidh na bainc ag iarraidh an chuid is mó de na hiasachtaí agus is féidir a fháil ar ais agus is é díolachán an ghnó an bealach éalaithe don dá pháirtí.

Níl aon taithí ag ceachtar de na bainc seo san earnáil mhiondíola agus tuigtear nach mbeadh fonn orthu nó an ábaltacht acu é a reáchtáil sa ghearrthréimhse.

Tá sé á thuairisciú gurbh fhéidir go mbeadh Arnotts ar díol ar costas €1 amháin, ach bheadh ar an té a cheannódh Arnotts ar an bpraghas sin freagracht a ghlacadh as na fiacha chomh maith.

Mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre mar atá, áfach, tuigtear nach bhfuil mórán daoine sa tír a mbeadh an t-airgead acu ná an cumas iontu seilbh a ghlacadh ar Arnotts.

Uime sin, tá baol nach beag ann go mbeidh an branda íocónach Éireannach seo á dhíol le comhlacht eachtrannach agus tá an comhlacht Breatnach, Debenhams, á lua mar cheannaitheoir dóchúil. Sula mbeidh díolachán ann, áfach, caithfear iasachtaí a athstruchtúrú agus foireann bainistíochta a cheapadh.

Tá Arnotts i mbun gnó i mBaile Átha Cliath le 167 bliain anuas agus mothaíonn muintir na príomhchathrach agus an pobal níos leithne, freisin, go bhfuil áit thábhachtach aige i gcroílár Bhaile Átha Cliath. Cuireadh go leor dúshlán roimh an siopa áirithe seo cheana agus go deimhin, sa bhliain 1894, scriosadh an siopa, a chuid stoc agus go leor de Shráid Anraí, i dtine. D'éirigh le Arnotts an dúshlán áirithe sin, agus go leor eile, a sháru ach anois agus na bainc le ceannas a fháil ar an siopa, an bhfuil ré Arnotts thart, agus má tá, an mbeidh cathair Bhaile Átha Cliath mar an gcéanna gan é?

Cruinniú Práinne MFG

TÁ cuid de stiúrthóirí MFG (Meitheal Forbartha na Gaeltachta) ag iarraidh cruinniú práinneach mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta don Phríomhfheidhmeannach nua ar MFG. Níl siad sásta leis an amscála gearr atá leagtha síos do na hiarratais agus tá siad ag iarraidh go gcuirfí am breise leis.

Fógraíodh an post an tseachtain seo agus is é an 6 Lúnasa an spriocdáta d'iarraitaí atá luaite san fhógra, níos lú ná coicís. Measann cuid de na stiúrthóirí nach bhfuil 'ciall na réasún' ag baint leis sin, go háirithe agus muid i lár saoire an tSamhraidh agus le lá saoire bainc ann ar an Luan seo chugainn.

De réir Meamraim & Airteagail MFG féin, tá cead ag an gcomhlacht Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh ar 'cibé coinníollacha is mian leo' ach 'aird a thabhairt do na gnáth-nósanna a bhíonn i bhfeidhm maidir le poist chosúla san earnáil phoiblí agus phríobháideach'.

Tá foireann faoi leith ag POBAL, a dhéanann maoiniú ar MFG, le comhairle a chur ar a leithéidí maidir le dea-chleachtais do cheapacháin den chineál seo. Tá an folúntas seo ann, de bharr go bhfuil an Príomhfheidhmeannach reatha Antaine Ó Sé ag éirí as a chuid dualgais ag deireadh na míosa seo. Tá Bainisteoir Réigiúnach na Mumhan do MFG, Máire Uí Léime, le feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach eatramhach go dtí go mbeidh comharba Uí Shé ceaptha.

Tá fo-choiste roghnaithe ag an mbord leis an bpróiseas earcaíochta a bhainistiú ar a bhfuil an Cathaoirleach agus beirt stiúrthóirí eile. Thug an bord cead le go n-ainmneofai beirt ionadaithe neamhspleách ar an gcoiste chomh maith.

Tá sé luaite sa bhfógra don phost go bhfuil sonraí poist don fholúntas le fáil ó Chathaoirleach MFG, ach nuair a d'iarr Gaelscéal cóip díbh sin ar an gCathaoirleach dúradh nach raibh siad ar fáil agus go raibh an 'fo-choiste ag plé leo'. Meastar go bhfuil raon tuarastail ag dul leis an bpost de idir €70,000 & €95,000.

Deir Brian Carty, Stiúrthóir an Gréasán Forbartha Pobail Éireannach, scátheagraíocht ina bhfuil MFG páirteach ann, go mbíonn folúntais chomh tábhachtach leis seo fógartha níos faide agus chomh leathan agus is féidir de ghnáth, le go bhféadfaí deis a thabhairt do na hiarthóirí is láidre teacht chun cinn.

Bhí cruinniú ag ardbhainistíocht MFG le foireann MFG na Gaillimhe an tseachtain seo inar cuireadh in iúl go gcaithfí glacadh le ciorrú pá thart ar 20% as seo go deireadh na bliana. Níl buiséad na bliana don eagraíocht ceadaithe ag POBAL go fóill agus bhí dréacht nua de le cur ar aghaidh chucu roimh inniu. Bhí Póbal ag lorg ciorrú de 10% ar an bpárolla don bhliain, ach de bharr nach raibh sé seo aontaithe le foireann na Gaillimhe ó thúis na bliana, táthar ag iarraidh orthu an ciorrú iomlán a ghlacadh thar tréimhse chúig mhí go deireadh na bliana. Táthar ag iarraidh luach tuairim €54,000 de shábháil a dhéanamh ar an bpárolla den réigiún.

Níl deireadh fós leis an bpróiseas iniúchta atá ar siúl ag POBAL maidir le MFG ach an oiread. Dúirt urlabhraí ó POBAL linn go ndéantar na hiniúchtaí seo ar bhonn leanúnach agus

gurb é an próiseas a bhíonn ann ná go gcuirtear cóip de na torthaí chuig an gcomhlacht le plé ag cruinniú boird, le sraith gníomhartha molta maidir le dea-chleachtais riaradh airgid a chur ina cheart. Deir duine de na stiúrthóirí linn nár cuireadh a leithéid os a chomhair féin ag aon chruinniú boird go fóill, ach gur thug ionadaí ó POBAL tuairisc bhéil do chruinniú amháin. Tuigtear do Gaelscéal nach bhfuil aon amhras léirithe ag POBAL maidir le hairgead a bheith imithe amú ach go bhfuil ceist maidir le suimeanna airgid a bhí á aistriú ó chlár go clár ag MFG gan cead ó POBAL.

Ardú mór ar an ngadaíocht

DE réir fhigiúirí an Phríomh-Oifig Staidrimh, tháinig méadú suntasach ar an méid coireanna gadaíochta le linn an dara ráithe in 2010. Tá an ráta coireanna gadaíochta, sractha agus fuadaigh ardaithe ar 33.9% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2009.

Is é an méadú is suntasaí atá sa tuairisc ná an méadú 52.3% ar chionta gnéis. Tá sé seo tarlaithe mar gheall ar an athbhreithniú atá á dhéanamh ag an nGarda Síochána faoi láthair ar gach cás inar ndearnadh líomhaint maidir le cionta gnéis. Tharla roinnt cásanna den chineál seo tamall sách fada ó shin, ach tá siad léirithe sna staitisticí de réir dáta nua aicmithe.

An tÚdarás in 2014

Ar lean ó leathanach a haon

Bheadh ar Fhiontraíocht Éireann leasú a dhéanamh ar a gcuid reachtaíochta chuige seo."

Foilsíodh tuarascáil de chuid an Chomhchoiste um Ghnóthaí Turasóireachta, Cultúir, Spóirt, Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta i leith na Dréacht-Straitéise 20 bliain don Ghaeilge an tseachtain seo. Deir sé sa tuarascáil gur chóir go gcinnteofaí go bhfuil "príomhchúram forbartha gheilleagar agus bhonneagar na Gaeltachta á fhágáil faoi Údarás na Gaeltachta / na Gaeilge nua, agus nach mbeidh aon laghdú i seirbhísí don Ghaeilge mar gheall ar athstruchtúrú an Údaráis."

Síleann Pádraig Ó hAoláin go gcaithfear "muinín a bheith againn as an Aire Gaeltachta atá againn agus muinín go dtiocfaidh athrú ar na figiúirí luaite mar atá siad." Tá plé iomlán le déanamh go fóill ar bhuiséad na Roinne, agus an Údarás dá bharr, roimh cháinainnéis 2011. Beidh an Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge á plé ag an gCoiste Comhairleachta i Mí Mheán Fómhair agus todhchaí Údarás na Gaeltachta mar chuid de sin.

4 Ghaelscoil nua faofa ag Ruane

Le Meadhbh Ní Eadhra

FÓGRAÍODH an tseachtain seo go bhfuil faomhadh coinníollach tugtha ag an Aire Oideachais Caitríona Ruane do bhunú ceithre bhunscoil Ghaeilge nua. I measc na scoileanna a faomhadh tá Gaelscoil an tSeanchaí i gContae Doire, scoil a mbeidh airgid á bhailiú di oíche amárach i mBéal Feirste. Na scoileanna eile a faomhadh ná Gaelscoil

na mBeann i gCill Chaoil, Gaelscoil Léim an Mhadaidh agus Gaelscoil Choin Rí Uladh sa Bhaile Meánach.

Is é an dáta molta oscailte do na scoileanna ar fad ná 1 Meán Fómhair 2010 nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Deir an tAire Ruane go bhfuil méadú ag teacht le roinnt blianta anuas ar éileamh tuisitheoirí go bhfaighidh a gcuid páistí oideachas trí mheán na Gaeilge agus go

léiríonn na moltaí do na scoileanna nua seo an t-éileamh méadaitheach sin.

"Tá dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais forbairt na Gaelscolaíochta a chothú agus a éascú," ar sí. "Mar sin de, tá faomhadh coinníollach á thabhairt agam do na ceithre scoil nua seo nó creidim go gcinnteoidh siad go mbeidh fáil ag níos mó páistí ar rogha na bun-scolaíochta trí mheán na Gaeilge."

Fuair na moltaí do na ceithre scoil tacaíocht ó Chomhairle na Gaelscolaíochta, a luaigh an t-éileamh méadaitheach ar Ghaelscolaíocht sna ceantair sin agus gurbh fhéidir go dtacódh na scoileanna le soláthar nua iarbhunscoile nó le soláthar reatha iarbhunscoile. Tá na forbairtí seo mar chuid den phlean straitéiseach le Gaelscoileanna inmharthana a fhorbairt i scoilcheantair níos mó.

Gaelscéal

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
meadhbh.nieadhra@gaelisceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge
Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhairfionn le litríú agus gramadach na Gaeilge, www.cruineog.com

Dáta socraithe do Chás Cúirte in aghaidh an Rialtais

Le Treasa Bhreathnach

ÉISTEOFAR cás cúirte Phiarais Uí Dhochartaigh ó Sinn Féin in aghaidh an Rialtais ar 18ú Deireadh Fómhair. Tá an cás seo á thabhairt ag Ó Dochartaigh in aghaidh an Rialtais agus é a rá go bhfuil sé mídhleachtach agus míreachtúil nach raibh fothoghchán i nDún na nGall Thiar Theas go fóill cé gur fhág Pat ‘the Cope’ Ó Gallchóir an dailcheantar i mí na Bealtaine seo caite chun dul chuig Parlaimint na hEorpa.

D’aontaigh na páirtithe uile a bhaineann leis an gcás inné go n-éistefar an cás cúirte ar

18ú Deireadh Fómhair.

Rinne Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Nicholas, maoirseacht ar an gcás inné. Agus é ag labhairt tar éis an chás cúirte inné dúirt Piaras Ó Dochartaigh gur cé go raibh sé sásta go raibh dáta socraithe don éisteacht chúirte, bhí díomá air go raibh an Rialtas chun an cás seo a throid, rud a chuirfidh tuilleadh moille ar an bhfothoghchán.

Ní i nDún na nGall Thiar Theas amháin atá suíochán Dála fágtha folamh ach tá fothoghchán le réachtáil i dtoghcheantair Bhaile Átha Cliath Theas agus Phort Láirge chomh maith.

Rotha Mór an tSaoil

GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



An fiontraí Harry Crosbie, os comhair Roth Mór Bhaile Átha Cliath atá á thógáil aige ag an 'Point Village' i limistéir chalafort Átha Cliath. Beidh radharc iontach trasna na cathrach ag daoine ón roth atá 60m ar leithead nuair a bheidh sé tógtha.

Na mílte duine ag fágáil Éireann

Le Treasa Bhreathnach

TÁ i bhfad níos mó daoine ag imeacht ar eisimirce as Éirinn ná aon tír eile san Aontas Eorpach, dar le figiúirí Eurostat, brainse staitisticí den Choimisiún Eorpach.

Meastar gur fhág 40,000 duine an tír anuraidh agus tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ag rá go bhfuil an baol ann go mbeidh 200,000 duine ag dul

ar eisimirce faoi 2015 mura dtagann feabhas ar chúrsaí fostaíochta.

Tá a lán inimirceach a tháinig anseo le linn bhlianta an Tíogair Cheiltigh ag dul abhaile anois ós rud é nach bhfuil aon obair le fáil anseo, ach tá a lán Éireannach, fir óga den chuid is mó, ag fágáil na tíre chomh maith.

Dar le figiúirí Eurostat, bhí ráta eisimirce de 9 % i ngach míle duine ag Éirinn in 2009.

Ba é an Liotuáin an tír ba ghairde dúinn ó thaobh ráta eisimirce de le ráta de 4.6% in 2009. Tá eisimircigh san Eoraip ag cur le daonra an Aontais Eorpaigh, agus meastar anois go bhfuil 501.1 milliún duine san Aontas Eorpach i gcomparáid le 499.7 milliún in 2009. Eisimircigh is cúis le cuid shuntasach (0.9m) den mhéadú sin ar an daonra ach tháinig fás nádúrtha (0.5m) ar dhaonra an Aontais Eorpaigh

chomh maith.

Tá an ráta beireatais is airde san Eoraip in Éirinn le ráta de 16.8 leanbh in aghaidh gach míle duine in 2009. Is é seo an ráta is airde sa tír seo ó bhí na 1890í ann. Tá an básráta is ísle san Eoraip againn le ráta de 6.6 i ngach míle duine ag fáil bháis. Is í an Bhulgáir an tír leis an mbásráta is airde san Aontas Eorpach, ráta de 14.2% duine in aghaidh gach míle ag fáil bháis .

Culaith nua d’Fhear an Phoist

Le Treasa Bhreathnach

I ndeireadh na bliana seo nó ag tús na bliana seo chugainn beidh culaith éadaí dhifriúil le feiceáil ar fhoirne seachadta agus bailiúcháin An Post. Bhí ról lárnach ag an dearthóir Paul Costelloe in athdhearadh culaith na n-oibríthe, mar a bhí aige 25 bliain ó shin nuair a dearadh na seanchultacha. Thart ar €3 milliún an costas a bhaineann leis an athdhearadh seo thar thréimhse ceithre bliana, agus beidh An Post ag soláthar timpeall 5,000 culaith nua dá oibríthe.

Deir Aonghus Lavery, urlabhraí ó An Post, “Táimid ag tabhairt faoin athdhearadh seo mar chomhartha de ré nua an

mhargaidh phoist a thosóidh ar 1ú Eanáir. Tá an culaith atá in úsáid anois ann le 25 bliain anuas, agus nuair a tugadh isteach í is amhlaidh gur culaith a bhí i gceist, ach is feisteas oibre a bheidh i gceist leis an athdhearadh. D’iarr an fhoireann orainn uasghrádú a dhéanamh ar an gculaith atá acu faoi láthair.” Beidh culaith ar fáil don fhoireann anois agus i deartha don uile chineál aimsire a bhíonn sa tír seo. Beidh seaicéid bháistí, buataisí agus caipíní san áireamh.

Ó 1ú Eanáir ar aghaidh déanfar léirscaoileadh trádála ar mhar-gadh an phoist ar fud na hEorpa. Baineann timpeall 30% de mhar-gadh An Post le litreacha agus is é

an margadh seo a mbeidh léirscaoileadh á dhéanamh air ar fud na hEorpa. Faoi na rialacha nua seo beidh deiseanna iomaíochta ann anois dóibh siúd ar mhaith leo dul san iomaíocht le An Post sa mhargadh seo. Thosaigh próiseas léirscaoileadh an phoist 15 bliain ó shin san Eoraip. Is in 2002 a cuireadh an léirscaoileadh deireanach i bhfeidhm le hoscailt ar an margadh pacáistí thar 50 gram. Is é an Coimisinéir Eorpach, Charlie McCreevy atá ag tiomáint an léirscaoilte seo agus é ag iarraidh sampla Shasana, na hIorua agus na Fionlainne a leanúint, tíortha ina bhfuil an margadh poist oscailte cheana féin.

Is é an comhlacht ‘Hunter

Apparel Solutions’ atá lonnaithe i nDoire i dTuaisceart Éireann a bhuaigh an próiseas iomaíoch tairisceana a réachtáladh ar fud na hEorpa. Fuair An Post 14 thairiscint ó Phoblacht na hÉireann don chonradh seo, trí cinn ó Thuaisceart Éireann agus dhá cheann ó Shasana. Soláthraíonn ‘Hunter Apparel Solutions’ cultacha do chomhlachtaí mar British Airways, Body Shop International, an tSeirbhís Póilíneachta Metropolitan agus anois An Post.

Tá tástáil á déanamh ar na cultacha éadaí seo faoi láthair i gceantair áirithe ar fud na tíre agus tá sé i gceist go mbeidh siad á gcaitheamh ag an fhoireann uile faoi thús 2011.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cuirfear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste na hInnealtóireachta & na hIonformaitice

Léachtóir Sinsearach san Fhiontraíocht Dhigiteach

Spriodcháta: 9 Meán Fómhair, 2010.

Tuarastal: €67,071 sa bhliain - € 94,003 sa bhliain

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Léachtóir (Tearma socraithe) sa Dlí (Oideachas Dlíthiúil Cliniciúil)

2 phost

Spriodcháta: 19 Lúnasa, 2010.

Tuarastal: €40,256 sa bhliain - €56,782 sa bhliain

Sonraí/Nós imeachta le haghaidh iarratas:

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun cur isteach ar an bpost seo, tabhair cuairt, le do thoil, ar www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service



www.nuigalway.ie

Ciorruithe ollmhóra ar thithíocht shóisialta

Le Meadhbh Ní Eadhra

CHÁIN an charthanacht tithíochta, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH), an rialtas an tseachtain seo maidir lena

bpleananna chun ciorruithe a dhéanamh ar chaiteachas ar thithíocht shóisialta.

Tá an caiteachas caipitiúil seo laghdaithe ó €17 billiún go €4.4 billiún agus tá an ICSH ag iarraidh ar an rialtas gan cúlú a

dhéanamh ar an ngealltanas a rinneadh sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Sa phlean sin, dúradar go gcuirfeadh siad tithíocht shóisialta ar fáil do 56,000 teaghlach atá liosta feithimh faoi láthair.

Bhí athbhreithniú ar an bplean seo an tseachtain seo agus is léir ón athbhreithniú sin go mbeidh laghdú ollmhór ar an infheistíocht i dtithíocht shóisialta sna seacht mbliana atá romhainn. Sa bhunphlean, cuireadh €17 billiún ar fáil do thithíocht shóisialta thar tréimhse seacht mbliana, ach sa phlean athdhréachtaithe, tá figiúr i bhfad níos ísle luaite - €4.4 billiún. Tá an ICSH i ndiaidh samhail maoinithe measctha (mixed funding model) a mholadh, agus iad ag aithint na ndeacrachtaí airgeadais atá sa tír. De réir na samhla nua seo, bheadh

eagraíochtaí deonacha tithíochta ag gearáil airgeadas príobháideach chun tithíocht a thógáil nó a cheannach.

Bheadh maoiniú caipitiúil ag teastáil chun é seo a chur i bhfeidhm, chomh maith le maoiniú leanúnach ioncaim. Tá an ICSH, lena bhfuil os cionn 300 eagraíocht tithíochta bainteach, ag iarraidh ar an rialtas a chinntiú go gcuirfeadh dóthain maoiniú ioncaim ar fáil do thithíocht shóisialta, ionas gur féidir samhail maoinithe measctha a úsáid chun tithíocht a chur ar fáil.

“Níl clár cuí caipitiúil ann

anois,” ar siad. “Mar sin, caithfidh an rialtas rud éigin eile a dhéanamh chun a chinntiú nach ndéantar faillí ar na teaghlaigh is boichte agus ionas go mbeidh tithe á gcur ar fáil mar a gealladh sa Phlean Forbartha Náisiúnta.”

Le blianta beaga anuas, tá an infheistíocht i dtithíocht shóisialta i ndiaidh titim go mór, ó bheagnach €1.4 billiún in 2008 go dtí faoi €800 milliún in 2010. Tá an laghdú seo ar infheistíocht i dtithíocht shóisialta ag teacht tráth a bhfuil tithe de dhíth níos mó ná riamh orthu siúd ar ioncam níos lú ná €15,000 sa bhliain.

Ag Rince le Lámha



Irene Ann Tonyas (11) ag déanamh rince an Bharatanatyam ag Féile na gCultúr Domhanda i nDún Laoghaire an deireadh seachtaine seo caite. GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Oifig oscailte ag Fianna Fáil in Ard Mhacha Theas

SF ag ceistiú tráthúlacht an chinnidh, níl an SDLP ag tabhairt mórán airde air

Le Meadhbh Ní Eadhra

D’OSCAIL Fianna Fáil an oifig is déanaí leo go hoifigiúil i gCros Mhic Linnáin i gContae Ard Mhacha an tseachtain seo caite. Seo í an chéad uair d’Fhianna Fáil oifig a oscailt i dTuaisceart na hÉireann, agus chomh maith leis sin, ba é an Taoiseach Brian Cowen an chéad Taoiseach riamh le cuairt a thabhairt ar Chrois Mhic Linnáin i nDeisceart Ard Mhacha, ceantar a bhfuil clú air mar chroílár an Phoblachtánachais.

Ag caint faoi chuairt an Taoisigh go Crois Mhic Linnáin, dúirt Conor Murphy, MP de chuid Sinn Féin don Iúr/Ard Mhacha, “Is iad Sinn Féin an t-aon pháirtí uile-Éireann faoi láthair agus cé go bhfáiltíom roimh na céimeanna atá á nglacadh ag Fianna Fáil chun iad féin a lonnú i dtuaisceart na tíre, cheisteoinn an tráthúlacht a bhaineann leis. Beag beann ar ghníomhaíochtaí páirtí polaitiúil ar bith eile, leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh ag cinntiú go bhfuilimid ag obair dár dtoghthóirí ar an talamh trínár ngréasán oifigí agus ionadaithe.”

Is é Martin McAllister, iarchime IRA, agus ball sinsearach d’Fhianna Fáil anois, a d’fháiltigh an Taoiseach chun

na háite, chomh maith le baill eile den pháirtí. Chaith an tUasal McAllister tréimhse sa phríosún go luath sna 1970í mar gheall ar ghníomhaíochtaí Poblachtánacha.

Deir urlabhraí ón SDLP nach bhfuil a pháirtí féin ag tabhairt mórán airde ar oscailt na hoifige agus go mbaineann sé le Fianna Fáil, agus ní leis an SDLP. Deir sé freisin nach bhfuil oifig nua Fhianna Fáil ag feidhmiú ar bhonn praiticiúil, chomh fada agus is eol dóibh.

Bhí 150 duine nó mar sin i láthair i gCros Mhic Linnáin agus an oifig seo á hoscailt, ina measc an tAire Dlí agus Cirt, Dermot Ahern, an tIar-Cheann Comhairle, Rory O’Hanlon agus an tAire Coimirce Sóisialta, Éamon Ó Cuív.

Tuigtear nár thug an Taoiseach cuairt ar an oifig féin ach gur fhreastail sé ar dhinnéar príobháideach.

Ar ndóigh ardaíonn oscailt na hoifige seo ceisteanna maidir le Fianna Fáil. An mbeidh siad ag iarraidh dul in iomaíocht sna toghcháin sa Tuaisceart?

Tá sé ráite ag an Taoiseach gur cinneadh é sin don todhchaí, ach táthar ann a chreideann go bhfuil sé d’aidhm aige agus ag an bpáirtí cumhacht Fhianna Fáil a

laidriú sa Tuaisceart, agus páirt a ghlacadh i dtoghcháin ann.

Cé nár oscailíodh an oifig seo go hoifigiúil go dtí le déanaí, tuairiscíodh ag tús na bliana 2009 go mbeadh oifig á hoscailt ag Fianna Fáil i dTuaisceart Ard Mhacha, i ndiaidh gur bunaíodh Fóram sa chontae. Ag an am, dúirt urlabhraí ón bhFóram go raibh go leor tacaíochta ann maidir leis an oifig a bhí le lonnú sa cheantar, ní hamháin in Ard Mhacha ach i nDoire, i mBéal Feirste, i bhFear Manach agus in áiteanna eile freisin.

Dar leis, bheadh Fianna Fáil ag fás agus ag forbairt sa cheantar agus thiocthadh méadú ar an mballraíocht de réir a chéile. Anois agus oifig oscailte go hoifigiúil ag an Taoiseach i nDeisceart Ard Mhacha, beidh sé suimiúil a fheiceáil céard a tharlóidh amach anseo agus an mbeidh siad in ann mórán tionchair a bheith acu sa réigiún nó in áiteanna eile sa Tuaisceart. Maidir leis an oifig nua i gCros Mhic Linnáin, ardaíodh ceisteanna faoi cé atá ag íoc as.

Deir Fianna Fáil gur reáchtáladh ócáid chun airgead a bhailiú don oifig agus ba iad Fóram Fhianna Fáil, atá bunaithe in Ard Mhacha, a bhí ina bhun sin.



Tá Feachtas, óg-eagraíocht lán-Ghaeilge a eagraíonn clubanna óige, comórtas thráth na gceist, campa samhraidh agus turais tumtha Ghaeilge do dhaoine óga ag lorg beirt fhostaithe cumasacha le hArdchaighdeán Gaeilge chun dul i mbun oibre leis an óg-eagraíocht.

BAINISTEOIR


(lánaimseartha) - Conradh bliana

OIFIGEACH FORBARTHA

(páirtaimseartha) - Conradh bliana

Is féidir tuilleadh eolais faoi na folúntais a fháil ó www.feachtas.ie nó ó runai.feachtas@gmail.com.

Seol CV chuig An Rúnaí, Feachtas, 10 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 roimh spriocdháta na bhfolúntas ag a 5.00i.n. ar an 13 Lúnasa 2010.



Maoinithe ag an Rannóg Gnóthaí Óige de chuid Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Oidhreacht Dhomhanda faoi Bhagairt ag Báisteach

Le hAlex Hijmans,
In Salvador, sa Bhrasaíl

Tá Meiriceá Theas á chéasadh ag sioc agus sneachta: an mhí seo, fuair os cionn 230 duine bás ó cheann ceann na mór-roinne mar gheall ar an drochaimsir. I ndeisceart Perú amháin fuair 120 duine bás nuair a thit an teocht go 23 chéim faoi bun an reophointe. Dúnadh scoileanna sa Bholaív, san Airgintín agus i bParagua agus b'éigean lóistín sealadach a shocrú do na mílte duine.

Tá cathair Salvador, in oirthuaisceart na Brasaíle, ró-ghar don mheán-chiorcal le go gcuirfeadh sioc agus sneachta as dí, ach tá sí á céasadh ag díle báistí le mí anuas. Sa chathair seo, tá contúirt ar leith ag baint leis an doineann: foirgnimh ársa ag titim.

Is í Salvador an chathair is sine de bhunús Eorpach ar mhór-roinn Mheiriceá, Thuaidh agus Theas. Ní nach ionadh, tá sí lán séadchomharthaí. Tá lár stairiúil na cathrach, ina iomláine, ar liosta oidhreachta domhanda UNESCO, eagraíocht na Náisiún Aontaithe d'oideachas, eolaíocht agus cultúr.

Onóir mhór do shéadchomhartha a bheith ainmnithe ar an liosta seo - níl ach dhá shuíomh Éireannacha air, Sceilig Mhichíl agus Brú na Bóinne - ach níl aon airgeadú breise ó UNESCO

ag baint leis. Fágann sé sin gur féidir drochbháil a bheith ar láthair atá ainmnithe ar an liosta. Mar atá i gcathair Salvador.

Mar gheall ar bháisteach leanúnach na míosa seo, tá 111 fhoirgneamh ón Séu, ón Seachtú, ón Ochtú agus ón Naou hAois Déag i mbaol a dtíte. Tá daoine ina gcónaí - go mídhleathach - i 38 gcinn de na foirgnimh seo. Maraíodh beirt le seachtain anuas nuair a thit díon an fhoirgnimh ón Ochtú hAois Déag a raibh cónaí orthu ann isteach orthu.

Tráthúil go leor, tá ainmniúcháin nua don liosta oidhreachta domhanda á meas ag UNESCO ag comhdháil i mBrasília, ardchathair na Brasaíle, as seo go dtí an 3 Lúnasa. Tá roinnt láithreacha Éireannacha sa phlé: Gleann Dá Loch agus Cluain Mhic Naoise ina measc. Bronnadh gradam saoil mar 'Chathair Litríochta' ar Bhaile Átha Cliath ag an gcomhdháil ag tús na seachtaine.

Go teoiriciúil, is féidir láithreacha a bhaint ón liosta freisin. Ní thiocfaidh sé chuige sin go fóill i gcás Salvador - tá slacht maith ar 800 seanfhoirgneamh eile i lár na cathrach. Ach ardaíonn an drochbhail a fágadh ar 111 fhoirgneamh ársa, i gceantar na nduganna ach go háirithe, ceisteanna - agus táthar ann a deir go bhfuil amhantraithe agus forbróirí ag súil lena thuilleadh báistí.



Cathaoirleach Plaid Cymru éirithe as

Le hAnton Mac Cába

D'ÉIRIGH John Dixon, cathaoirleach Plaid Cymru, páirtí náisiúnach na Breataine Bige, as a phost. Labhair Gaelscéal le roinnt iriseoirí sa Bhreatain Bheag, a dúirt nach raibh duine ar bith ag súil leis an rud a tharla.

Dúirt Dixon gur cúiseanna suntasacha polaitiúla a thug air éirí as a phost: "Tá mise den bharúil gur bhog an páirtí, nó go bhfuil sé ag bogadh, i dtreo nach dtig liom tacaíocht a thabhairt dó. Ach bhí cosc orm é sin a rá mar go raibh post agam sa pháirtí."

Dar leis gur chláraigh sé le Plaid Cymru mar go raibh sé den bharúil go raibh fis dhifriúil acu don todhchaí: "Sílim go bhfuil roinnt fadhbanna againn maidir leis an ghné sin." Dúirt sé le Gaelscéal nach raibh rud ar bith sa bhreis le rá aige.

Bhí sé riamh amuigh ar Dixon gur duine cúramach é, a



bhí pragmatach go leor. Ach bhain sé leis an seanpháirtí, gur náisiúntóirí den eite chlé iad. Tá Plaid mar chuid de chomhrialtas leis an Lucht Oibre sa Tionól. Tá trí aire ag na náisiúntóirí. Le tamall anuas, tá teannas idir an páirtí agus na hairí. Tá daoine in Plaid den bharúil nár chomhlíon na hairí gealltanais maidir le táillí mac léinn agus leis an Bhreatnais.

NUACHT BLÚIRÍNÍ



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Iserdo freagrach as víreas an 'fhéileacáin' ?

GABHADH an bradaí ríomhaireachta a chreidtear a bhí freagrach as an víreas mariposa ríomhaireachta, nó an 'féileacán' mar is fearr aithne air. Rinne an víreas ionfhabhtú ar 12.7 milliún ríomhaire ar fud an domhain níos túisce sa bhliain. Bhí an víreas deartha chun sonraí príobháideacha airgeadais a ghoid ó ríomhairí éagsúla, ríomhairí bainc agus mórchomhlachtaí ina measc. Is sa tSlóivéin a gabhadh an fear a bhfuil aithne air mar Iserdo.

Fadhbanna láimhseála feirge ag Mel Gibson

TÁ líomhaintí foréigean tí déanta ag Oksana Grigorieva in aghaidh Mel Gibson agus iad seo á bhfiosrú ag na póilíní

i Meiriceá faoi láthair. Tá suas le 30 taifead de ghlaonna gutháin a chuir Mel ar Oksana ag an suíomh gréasáin RadarOnline agus é i gceist acu iad a scaoileadh de réir a chéile. Deir Oksana gur bhuail Mel í, agus deir Mel go ndearna Oksana iarracht ar dhúmhál (blackmail) a dhéanamh air. Tá iarracht ar siúl ag an bheirt acu coimeád a linbh, Lucia, a fháil.

Fear Éireannach maraithe ar an Costa del Sol

RINNEADH John O'Neill, fear as an gCúlóg i mBaile Átha Cliath, a lámhach ar an Costa Del Sol sa Spáinn an tseachtain seo agus é taobh amuigh de theach ósta in Benalmadena. Tá fear Sasanach á cheistiú maidir lena bhás. Tuigtear gur thosaigh argóint idir an bheirt fhear agus go ndearadh John O'Neill a lámhach go gairid ina dhiaidh sin. Tá beirt pháistí ag John O'Neill agus tuigtear go raibh sé ar laethanta saoire sa cheantar lena pháirtí. Is cosúil go raibh sí istigh sa bheár nuair a tharla an eachtra.

Cosc ar an tarbhchomhrac sa Chatalóin

VÓTÁIL Parlaimint na Catalóine i bhfabhar cosc ar an tarbhchomhrac (bullfighting). Is é an Chatalóin an chéad cheantar ar mórthír na Spáinne a bhfuil cosc curtha i bhfeidhm acu. Is ar



an aon réileán tarbh atá fós ag feidhmiú in Barcelona a bheidh an tionchar is mó ag an gcosc ó

Beirt curtha chun báis sa tSeapáin

CROCHADH beirt mharfóirí sa tSeapáin Dé Céadaoin. Ba é sin an chéad uair ó mhí Mheán Fómhair seo caite, nuair a tháinig Páirtí Daonlathach na Seapáine i gcumhacht, gur cuireadh éinne chun báis sa tír.

Go deimhin, is i Mí Iúil 2009 a cuireadh an duine deireanach chun báis. Tá Aire Dlí agus Cirt na Seapáine, Keiko Chiba, ag iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar phionós an bháis sa tír. Tá Amnesty International sa tSeapáin ag fáiltiú roimh athbhreithniú ach deir siad gur gá stop a chur leis an gcleachtas daoine a chur chun báis ar dtús.



Cá bhfuil an tAcht Gaeilge agus Straitéis Ghaeilge a gealladh don Tuaisceart?

Agallamh le Dominic Ó Brolcháin - urlabhraí Gaeilge, oideachais agus póilíneachta an SDLP



Le Meadhbh Ní Eadhra

“Sochaí dhátheangach a chruthú sa tír seo, thuaidh agus theas.” Sin í príomhaidhm an SDLP ó thaobh na Gaeilge de, dar lena n-urlabhraí oideachais, póilíneachta agus Gaeilge, Dominic Ó Brolcháin, agus tá siad ag obair chuige sin i gcónaí. Deir sé go bhfuil traidisiún fada Gaeilge ag an SDLP ó bunaíodh an pháirtí.

Ach céard atá á dhéanamh ag an SDLP chun an aidhm seo a bhaint amach? An bhfuil siad ag déanamh beart de réir a mbriathair? Creideann Dominic go bhfuil sé tábhachtach go léireodh ionadaithe a pháirtí ceannaireacht ar an talamh agus an oiread tacaíochta agus is féidir a thabhairt do ghrúpaí ar an talamh.

“Ach lena chois sin, ar ndóigh, tá sé tábhachtach go mbeadh polasaí againn le déileáil le mórcheist na Gaeilge sa Tuaisceart,” ar sé. “Ar an ábhar sin, táimid ar son reachtaíocht Ghaeilge a thabhairt isteach sa Tuaisceart, le cearta Gaeilgeoirí a chinntiú.”

Mar is eol dúinn, tá go leor oibre déanta ag grúpaí ar nós Pobal chun an reachtaíocht seo a fháil do Ghaeilgeoirí ó thuaidh, reachtaíocht a bheadh ar aon dul le hAcht na dTeangacha Oifigiúla sa Deisceart. Ach níl sé faighte go fóill. Arís agus arís eile diúltaítear dó.

“Tá díomá ar chuid mhór de phobal na Gaeilge nach bhfuil níos mó dul chun cinn déanta againn ar an cheist sin go háirithe,” a deir Dominic. An bhfuil an SDLP ag déanamh rud ar bith chun é sin a athrú?

“Tá mé féin i mbun Bille Gaeilge a thabhairt os comhair an Tionóil i mBéal Feirste,” ar sé. “Is bille é sin a thabharfadh an stádas céanna don Ghaeilge sa Tuaisceart agus atá ag an Bhéarla. Caithfidh mise é sin a dhéanamh mar bhall príobháideach den Tionól, agus ar ndóigh caithfidh tú tacaíocht a fháil chun bille mar sin a thabhairt tríd an phróiseas ar fad. Déarfainn go mbeidh sé deacair tacaíocht a fháil ó na páirtithe Aontachtacha, ach tá gá le vóta trasphobail. Beidh sé doiligh é sin a bhaint amach. Ach má thriailimid, agus fiú má theipeann orainn, sílim go gcuireann sé sin níos mó brú ar an dá rialtas na dualgais atá acu siúd a ghlacadh i ndáiríre agus beart a dhéanamh dá réir.”

Cad iad na dualgais atá ag an dá rialtas, mar sin?

“Nuair a síníodh Comhaontú Chill Rìmhinn,



Dominic Ó Brolcháin (dara duine ó chlé) agus é ag feachtasaíocht ar son Acht Gaeilge i dTuaisceart na hÉireann.

Dominic ag léamh do pháistí bunscoile. Is é Dominic urlabhraí oideachais agus póilíneachta an SDLP chomh maith leis an urlabhraí Gaeilge.



“Nuair a síníodh Comhaontú Chill Rìmhinn, bhí dhá ghné den chomhaontú sin a bhain le cúrsaí teanga. An chéad rud ná go mbeadh Acht Gaeilge ann. Leagadh an dualgas ar an dá rialtas - Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine fosta, agus lena chois sin, dúradh gur chóir go mbeadh straitéis ann don Ghaeilge agus don Ultais. Níl ceachtar den dá rud forbartha go fóill.”

Rìmhinn, bhí dhá ghné den chomhaontú sin a bhain le cúrsaí teanga. An chéad rud ná go mbeadh Acht Gaeilge ann. Leagadh an dualgas ar an dá rialtas - Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine fosta, agus lena chois sin, dúradh gur chóir go mbeadh straitéis ann don

Ghaeilge agus don Ultais. Níl ceachtar den dá rud forbartha go fóill.”

“San am i láthair, is dócha go bhfuil Rialtas na hÉireann den bharúil gur cheart é a fhágáil faoi na páirtithe ó thuaidh, ach beidh le feiceáil nuair a thiofadh an bille príobháideach s’agamsa os comhair an Tionóil,” a deir Dominic. “Is dócha go dtiocfaidh sé chun tosaigh san Fhómhar. Mura n-éiríonn leis, sílim go mbeidh orainn ansin dul chuig an dá rialtas agus a mhíniú dóibh go bhfuil dualgais acu siúd agus go gcaithfidh siad na dualgais sin a ghlacadh orthu féin.”

Cad faoi Straitéis 20 bliain Fhianna Fáil, an bhfuil maitheas ar bith ann?

“Is cuidiú i gcónaí é plean réamhdhéanta a bheith ann agus ar ndóigh tá am ag na heagraíochtaí Gaeilge agus grúpaí Gaeilge ar fud na tíre a mbarúlacha a nochtadh ar an phlean sin. Sílim go ndéanfaidh sé sin an plean a threisiú. Ar ndóigh tá géarchéim eacnamaíochta ann san am i láthair agus mar a chonaic muid, tá athruithe á ndéanamh ar fheidhmiú na n-eagraíochtaí Gaeilge. Tá imní ar chuid de na heagraíochtaí faoi na hathruithe sin.

Tá an-mheas ag Dominic ar

scéimeanna ar nós Gaillimh le Gaeilge. Anois agus Doire ainmnithe mar chathair chultúrtha na Ríochta Aontaithe, an mbeidh an SDLP ag cur Doire chun cinn mar Dhoire le Gaeilge, nó an bhfuil a leithéid indéanta?

“Sílim go bhfuil. Is deis iontach Doire a bheith mar chathair chultúrtha an teanga a thabhairt chun tosaigh. Tá an Bhreatain ann sa Bhreatain Bheag, tá an Gháidhlig ann in Albain, agus cad chuige nach mbeadh an Ghaeilge ann i nDoire? Tá infrastruchtúr maith Gaeilge ann i nDoire cheana féin. Tá an dúshraith leagtha síos ansin agus déarfainn go mbeidh pobal Gaeilge Dhoire ag iarraidh gach úsáid agus is féidir leo a bhaint as an deis seo. Is dócha go mbeidh seansanna ann chun scéimeanna nua a chur ar siúl agus maoiniú a fháil fosta.”

Deir Dominic gur chóir go mbeadh cur chuige ag an Fheidhmeannas ó thuaidh ó thaobh stádas Dhoire mar chathair chultúrtha de.

“D’fhéadfaimis Doire a úsáid ó thaobh na Gaeilge de mar shampla, chan amháin don chuid eile den Tuaisceart, ach don chuid eile den tír fosta.”

Cén bharúil atá ag Dominic faoi

theorainneacha na Gaeltachta, agus an chaint ar fad faoin nGaeltacht ag dul i léig?

“In áit a bheith ag amharc ar na breac-Ghaeltachtaí mar áiteanna ina bhfuil an teanga ag imeacht, b’fhéidir gur cheart dúinn dearcadh eile a ghlacadh chugainn féin agus amharc orthu mar áiteanna go bhféadfaimis an teanga a thabhairt ar ais, a neartú agus a fhorbairt taobh istigh de na pobail sin. Tá dearcadh traidisiúnta againn ar cad is Gaeltacht ann. Tá nua-Ghaeltachtaí ag teacht chun tosaigh agus ba chóir dúinn coincheap nua a bheith againn agus nua-Ghaeltachtaí a thabhairt orthu. Ní ag déanamh dímhéasa den Gaeltacht thraidisiúnta a bheifeá ach ag iarraidh na Gaeltachtaí nua sin, cuid mhór acu uirbeach, a mhealladh, agus fás agus forbairt a chothú iontu. In áit a bheith ag amharc ar na rudaí nach bhfuil ag dul sa treo ar mhaith linn, ba chóir dúinn a bheith ag tógáil ar na rudaí láidre atá ann cheana féin, agus ag cothú fáis timpeall orthu siúd,” ar sé.

Beidh le feiceáil conas a éireoidh le Bille Gaeilge Dhoimínic san Fhómhar. An gcuirfidh cúinsí polaitiúla bac ar chearta Gaeilgeoirí arís, nó an mbeidh sé difriúil an uair seo?

Deireadh le maoiniú do Thionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann


le hAnton Mac Cába

TÁ deireadh le maoiniú do Thionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann. Dúirt urlabhraí thar ceann na Roinne Airgeadais agus Pearsanra go bhfuair an Tionscadal maoiniú £420,000 (€503,284.57) thar chúig bliana “ainneoin nach raibh ann ach tionscadal dhá bhliain ag an tús. Ciallaíonn an brú ó thaobh maoiniú atá ar gach Roinn go gcaithfear acmhainní a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí duine le duine. Mar sin, ní féidir maoiniú breise a thabhairt don tionscadal.”

Tá an Roinn sásta leanúint uirthi ag tabhairt tacaíocht theicniúil do shuíomh idirlín an Tionscadail áfach. Bunaíodh an Tionscadal le taighde a dhéanamh ar fhoinsí agus bríonna logainmneacha an Tuaiscirt. Bhí sé lonnaithe i Roinn na Ceiltise in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. Ba é amháin, in iomlán na Ríochta Aontaithe, a bhí ag déanamh staidéir ar logainmneacha Gaeilge. Bhí obair mhór le déanamh nó, ó thuaidh, tá 9,600 baile fearainn ann,

chomh maith le 20,000 logainm eile. Tá fréamhacha Gaeilge, Béarla, Albainise, Laidine agus Sean-Lochlainnise acu. Go dtí seo, tá logainmneacha an Dúin ar fad, agus an leathchuid de chontaetha Ard Mhacha agus Aontroma, fíorasaithe ag an Tionscadal. Dar le Jack Johnston, Cathaoirleach ar Iontaobhas Staire Áitiúla Uladh, gur buille mór an Tionscadal bheith ar lár: “Sílim go bhfuil sé tábhachtach go ligfí dóibh an obair a chríochnú, go mbeadh an chuid eile den tír déanta ar an chaighdeán céanna. De réir mar a théann an t-am thart, bíonn an baol ann go ligfear do logainmneacha sleamhnú i ndearmad. Tá logainmneacha anseo faoi bhagairt ó chóid poist.”

ARDSTRAW PARISH



2009. Bhíodh sin faoin Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, ach é anois faoin Roinn Airgeadais agus Pearsanra. Is airí ón bPáirtí Aontachtach Daonlathach atá i mbun an dá Roinn, Nelson McCausland agus Sammy Wilson; beirt nach bhfuil sé amuigh orthu gur fabhrach don Ghaeilge ar chaoi ar bith atá siad. Leis, bhí an Tionscadal riamh ar imeall na Ranna sin. Dúirt Declan O’Loan, ó Choiste na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, nach cuimhin leis ach tagairt amháin dó agus é ar an Choiste. Bhí an Tionscadal ar an chéad fhiontar go raibh blas Gaeilge air a fuair maoiniú ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta. Tuigtear go raibh airgead curtha ar fáil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus

Gaeltachta do na trí bliana amach romhainn chun staideár tras-teorann a dhéanamh ar bhailte fearainn Chontae Fhear Manach agus Chontae an Chabháin, a fhad is go mbeadh maoiniú comhoiriúnach ar fáil ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta. Theip ar an roinn sin airgead ar bith a chur ar fáil. Mhínigh Nelson McCausland a chinneadh gan an t-airgead a chur ar fáil, ag rá: “Níl aon pholasaí aontaithe ag an Fheidhmeannas maidir le húsáid ainmneacha bailte fearainn.” Bheadh neart comhaltáí den DUP báúil le caomhnú ainmneacha bailte fearainn. Níl McCausland orthu. Dar leis, cé nach bhfuil ‘deacracht ar bith’ aige “chun suntas cultúrtha logainmneacha a aithint ... tá siad ann ar mhaith leo dul níos faide ná sin agus nuair a théann muid ansin, is cinnte go bhfuil sé sin taobh amuigh de shainchúraimí mo roinne.” Mar sin, ní fios an gcríochnófar obair an Tionscadail choíche. Tá teacht ar an obair a rinneadh go dtí seo. Tá bunachar logainmneacha ar líne ag www.placenamesni.org.

Tuarascáil seolta maidir le Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Tá sé “ríthábhachtach” go nglacfar leis na moltaí - Julian de Spáinn

Ar lean ó leathanach a haon

Deir an tUasal Ó Ceit gur chaith an Comhchoiste seacht mí ag obair ar an Tuarascáil seo. Deir sé, freisin, “gur chóir go ndéanfadh an Tuarascáil seo tuairimí iad siúd ar grá leo ár dteanga náisiúnta ... a sheachadadh díreach go dtí an Rialtas.” Ar ndóigh, beidh le feiceáil an gcuirfear na moltaí sa Tuarascáil seo i bhfeidhm ach má chuirtear, deir an tUasal Ó Ceit “go láidreoidh siad agus go gcuirfidh siad leis an tiomantas an Ghaeilge a chothú agus a fhás.”

Deir Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn, “Sílimse gur próiseas é seo. Táimid ag súil go nglacfaidh an rialtas le gach moladh sa Tuarascáil. An chéad chéim eile ná brú a chur orthu é sin a dhéanamh, mar tá sé ríthábhachtach go nglacfar leo. Ina dhiaidh sin, nuair a bheidh an leagan deireanach den Straitéis cinntithe ag an rial-

siúd a bhaineann le tábhacht innmharthanacht na Gaeltachta. Tá sé molta ról fiontraíochta agus cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht a fhágáil faoin Údarás. Chomh maith leis sin tá ról lárnach na n-eagras Gaeilge deonach i gcur i bhfeidhm na Straitéise luaite sa Tuarascáil. Moltar, chomh maith, curaclam comhtháite Gaeilge a chur i bhfeidhm agus measúnú na Straitéise a chur faoi chúram Oifig an Choimisinéara Teanga, agus dualgas a chur ar an Taoiseach féin tuairiscí a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar dhul chun cinn na Straitéise.

Molann Conradh na Gaeilge an Comhchoiste Oireachtais as an ngéarchéim sa Ghaeltacht a aithint mar an laige is práinní ó thaobh todhchaí na Gaeilge de agus as an tábhacht mar is cuí a leagadh ar innmharthanacht na Gaeltachta trína mholadh gur ghá spriocanna ar leith do mhéadú ar líon na gcainteoirí dúchais sa Ghaeltacht a chinntiú sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge,” a deir Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Pádraig

Mac Fhearghusa. Maidir leis an moladh atá déanta sa Tuarascáil go gcuirfí cúrsa comhtháite Gaeilge i bhfeidhm, deir an Conradh gur “géar-riachtanas” é go múinfi an Ghaeilge go héifeachtach ó thús go deireadh sa chóras oideachais. Creideann siad go gcinnteoidh cúrsa den chineál seo le leanúnachas foghlama ó aimsir na réamhscolaíochta go dtí an tríú leibhéal, chomh maith le hoiliúint múinteoirí agus daoine fásta. Tá sé aitheanta ag an gComhchoiste gur gá idirdhealú a dhéanamh ar na riachtanais dhéanaí forbartha theangeolaíochta atá ag cainteoirí dúchais Gaeilge agus ag cainteoirí inniúla eile, agus acu siúd a bhfuil an Béarla mar chéad teanga acu. Chomh maith leis sin tá sé molta sa tuarascáil go mbeadh Saíocht agus Litríocht na Gaeilge mar ábhar breise Ardteiste. Tá aitheantas tugtha sa Tuarascáil do ról an phobail i gcur i gcrích Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais, agus don ról lárnach atá ag na heagrais dheonacha pobail i dtodhchaí na teanga.

Polaitíocht na Gaeilge á plé ag Slógadh na nÓg

Le Meadhbh Ní Eadhra

POLAITÍOCHT na Gaeilge a bhí á plé ag Slógadh na nÓg de chuid Shinn Féin i mbliana. Bhí an slógadh ar siúl ó 16 go dtí 18 Iúil i gConamara i gContae na Gaillimhe. Mar chuid den deireadh seachtaine, bhí cainteanna ar siúl faoin nGaeilge sna H-Blocanna i bpríosún na Ceise Fada agus ar Ghluaiseacht Cheart Sibhialta na Gaeltachta. Labhair an comhairleoir neamhspleách Seosamh Ó Cuaig ar Ghluaiseacht Cheart Sibhialta na Gaeltachta trinar

troideadh ar son ardú ar chaighdeán na mbóithre, stáisiúin raidió agus ceart iascaireachta. Bhí an-suim ag cách ann, go háirithe maidir leis an gcomparáid idir an streachailt i gConamara agus an streachailt a bhí ar siúl sa Tuaisceart ag an am. Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil mar chuid den Slógadh chun barr feabhais a chur ar Ghaeilge mhuintir Ógra Shinn Féin. Bhí caint ann freisin le Séamas Campbell agus Eoghan Mac Cormaic faoin nGaeilge sna H-Blocanna.

Daonscoil na Mumhan 2010
i gColáiste na Rinne, Rinn ó gCuanach, Co. Phort Láirge

Satharn 14 - Satharn 21 Lúnasa

Seachtain thaithneamhach thairbhíúil i nGaeltacht na nDéise ... Léachtaí, ranganna, siúl sléibhe, céilithe, ceol, amhránaíocht, filíocht, craic agus cairdeas.

Teastas ar fáil.
Aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna

www.daonscoil.com
Ríomhphost: annraoi.depaor@ucd.ie
Guthán: 01 280072 087 9711091

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Tuar Mhic Éadaigh Féile Cheoil na Locha

Le Treasa Bhreathnach

ÓN 9ú go dtí an 13ú Lúnasa beidh Féile Cheoil na Locha ar siúl i gColáiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh i gContae Mhaigh Eo. Is féile bhliantúil í seo agus tagann daltaí ó cheann ceann na tíre chun freastal ar ranganna agus páirt a ghlacadh sna seisiúin ceoil éagsúla. Is trí Ghaeilge a réachtáiltear an Fhéile seo. Dóibh siúd a bhfuil suim acu freastal ar an bhféile beidh teagasc ar siúl sa bhosca ceoil, an fheadóg stáin agus an fheadóg mhór, an fhídl, an bainseo, an maindilín, an bodhrán agus an consairtín. Ní ar an cheol amháin a bheidh an fhéile seo ag díriú mar go mbeidh ranganna ealaíon, damhsa ar an Sean-Nós, amhránaíocht Ghaeilge agus ceardlann ‘Woodturning’ le Máirtín Davy ar siúl. Beidh siúlóid eagraithe le dul tríd Coill Thuair Mhic Éadaigh ar an gCéadaoin ag 3i.n. agus tá fáilte roimh chách chuig seoladh dlúthdhiosca nua ‘Circle of Friends’ i dTí Phaddy ar an gCéadaoin ag 9.30i.n. Críochnóidh an fhéile ar an Aoine le ceolchoirm sa Cholaiste leis na daltaí a d’fhreastail ar na ranganna agus beidh barbaiciú ar siúl i dTí Phaddy ag a 3i.n. chun an fhéile a thabhairt chun críche.

Scéalta Chonamara

Le Caitríona Ní Chadhain

Comóradh ar Phoblachtaigh Chonamara

NOCHT Sinn Féin Cloch Chomórtha i Reilig Thuairín Áithe, i gcuimhne na



An t-aisteoir clúiteach Brendan Gleeson le Máire Bríd Ní Choistealbha ag seoladh dlúthdhiosca nua Mary Staunton i gCinn Mhara an tseachtain seo caite. GRIANGHRAF: MÁIRTÍN DAVY Ó COISTEALBHA

ndaoiné ó cheantar na Gaillimhe agus Chonamara a bhí chun tosaigh san fheachtas ar son neamhspleáchas na hÉireann.

Bhailigh os cionn 200 duine sa Reilig Dé Domhnaigh seo caite i gcomhair na hócáide.

Labhair an príomhchainteoir ar an lá, ball comhthionóil ó thuaidh ó Shinn Féin, Barry McClelland, ar an pháirt mhór a ghlac muintir na Gaillimhe sa troid. Labhair sé ar an chaoi gur tháinig an slógadh is mó taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath aimsir na Cásca 1916 as réigiún na Gaillimhe.

Rinne McClelland tagairt freisin do ghníomhaithe Poblachtacha ar nós Liam Mellows agus

Thomas Whelan agus an fhís agus an chrógacht a thaispeáin siad, a thug inspioráid go neart daoine eile.

Dhírigh sé ar mhuintir na háite nach bhfuil mórán aithne orthu ach a d’fhuailaigh ar son shaoirse na hÉireann chomh maith.

Tá ráiteas le Bobby Sands greanta ar an gcloch, “Tá a ról féin ag gach uile dhuine, Poblachtach nó eile. Níl ról ar bith rómhór ná róbheag, agus níl duine ar bith ró-shean ná ró-óg chun rud éigin a dhéanamh.”

Cuireadh leabhrán comórtha le chéile don ócáid, ina bhfuil píosaí faoi stair na háite agus alt ó Uachtarán Shinn Féin, Gerry Adams.

Siúlóidí Treoraithe Cois Trá

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar thrán na Gaillimhe tá an Chomhairle Contae ag eagrú roinnt siúlóidí ar 11 trá thart timpeall ar Ghaillimh i rith mhí Lúnasa.

COD, i saotharlann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gCarna Dé Máirt seo caite. Tá an togra dírithe ar dhearadh agus bunú gorlanna éisc, a oireann do thimpeallacht agus tionscal feirmeoireacht éisc na hÉireann.

“Chomh maith leis na buntáistí socheacnamaíocha do na pobail cois cósta, cuideoidh togra mar seo leis an earnáil do bharshaothraithe agus bia mara, trí speicis éagsúla agus táirgí de luach ard a chur ar fáil,” a dúirt an tAire Connick. Faoi 2011 beidh trosc fása san fharrage ag an togra EIRCOD ar feadh ceithre bliana, le níos mó na 50 clann éisc éagsúil. Ciallaíonn sé seo go mbeidh taighdeoirí ábalta na héisc seo a phóru go roghnaíoch den chéad uair, chun stoc níos láidre a chur ar fáil. Tá na heolaithe atá i mbun an togra, as Ollscoileanna na Gaillimhe agus Chorcaí, maoinithe faoi Sea Change, an straitéis náisiúnta eolais, taighde agus nuálaíochta muirí.

Tá an togra á réachtáil ag Institiúid Martin Ryan de chuid OÉ Gaillimh, Ollscoil Chorcaigh, Bord Iascaigh Mhara, an Grúpa Táirgeoirí Bia Mara Éireannach, Trosc Teo agus an comhairleoir, an Dr Ashie Norris.

Gig na Dubliners don Taibhdhearc

BEIDH na Dubliners ag seinm in óstán an Radisson i mí Dheireadh Fómhair, chun airgead a bhailiú do chiste atógála na Taibhdheirce.

Tá feachtas ar bun ag Taibhdhearc na Gaillimhe chun atógáil a dhéanamh ar Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, ar an tSráid Láir i nGaillimh, atá dúnta de bharr tine, le os cionn dhá bhliain anuas.

Chuaigh na seomraí feistis agus an seomra glas trí thine ag tús mhí na Samhna 2007, nuair a briseadh isteach san áit agus scaoileadh gléas tine ealaíne.

Chomh maith leis na seomraí a

ndearnadh damáiste dóibh a athchóiriú, tá gá leis an fhoirgneamh ar fad a uasghrádú chuig caighdeán nua sábháilteachta doiteáin.

Tá €300,000 á thairiscint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta do bhord na Taibhdheirce ach tá siad ag iarraidh orthu bogadh go hionad ealaíne Gaelach nua sa chathair. Níl suíomh aimsithe go fóill, cé go raibh cainteanna ann gur i gceantar na ndugaí a bheadh sé.

Ach ní theastaíonn ó lucht na hAmharclainne an t-ionad stairiúil atá acu a thréigean. Tá sé mar aidhm ag an Taibhdhearc an Amharclann stairiúil atá acu cheana féin, i lár chathair na Gaillimhe, a choinneáil, a athchóiriú agus a athoscailt chomh luath agus is féidir.

Measann siad go bhfuil gá le €1 mhilliún ar a laghad a bhailiú chun doirse na hAmharclainne a oscailt arís.

Beidh gach cineál gníomhaíochta á chur ar siúl acu chun airgead a bhailiú, coirm cheoil na Dubliners ina measc, agus tá cuntas bainc oscailte acu chun gur féidir le daoine síntiús a chur isteach ann. Tá na sonraí ar fad le fáil ón suíomh www.antaibhdhearc.com.

Scéalta Mhaigh Eo

Le Piaras Ó Raghallaigh

An Fleadh Domhanda

BEIDH an Fleadh Domhanda, an fhéile cheoil Gaelach agus Cheilteach is mó in Éirinn ar siúl ó 31 Iúil go dtí 8ú Lúnasa arís i mbliana i gCaisleán an Bharraigh. Beidh neart ceolchoirmeacha, rincí Gaelacha agus neart imeachtaí don chlann go léir ar siúl. Thosaigh an fhéile i gContae Chiarraí i 2006 agus ó shin i leith tá an



Máirtín Davy Ó Coistealbha i mbun taispeántais sníodóireacht adhmaid ag Seó Talmhaíochta Thuair Mhic Éide.

fhéile ar siúl go bliantúil i mbailte difriúla timpeall na tíre.

Bíonn cuid de na ceoltóirí is mó aithne orthu ag seinm gach bliain; Mary Black, Shane McGowan agus Sharon Shannon san áireamh. Bíonn neart imeachtaí sráide agus aonaigh ar siúl i rith na seachtaine freisin agus neart ceol agus craic timpeall an bhaile.

Gunnaire á mharú ar Acaill

TÁ oibrí deonacha as an Eoraip ar Oileán Acla an tseachtain seo le páirt a ghlacadh i dtionscadail nádúrtha chun deireadh a chur leis an bplanda gunnaire ar an oileán. Seo planda ar nós rúbarb mór a scaipeann ar fud na háite go héasca agus a chuireann isteach ar phlandaí nádúrtha agus tírdhreach na háite. Bhí imní ar mhuintir Acla le fada faoin fhadhb leis an ghunnaire agus d'iarr siad ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo cuidiú leo an fhadhb a réiteach. Bhí saineolaí ó Gharraithe Náisiúnta na Lus, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus an Comhairle Oidhreachtá páirteach i scéim phiolótach an samhradh seo caite chun bac a chur leis an ghunnaire ar Oileán Chléire.

Beidh na hoibrithe deonacha ar Acaill go dtí an 9ú Lúnasa agus tá an Comhairle Oidhreachtá ag cur fáilte roimh phobal na háite chun cuidiú a thabhairt don dtionscadail le linn na coicise.

Iarracht dhomhanda na bhfeadóg stáin ag Scoil Acla

TÁ iarracht á dhéanamh ag Scoil Acla an lón is mó feadóga stáin a thabhairt le chéile chun an tiúin ceoil céanna a seinm le chéile ag deireadh na míosa seo. Beidh an imeacht ar siúl ar thrá Acla ar an 31ú Iúil ar a 12.30 in mar chuid de cheiliúradh 100 bliana na scoile. Táthar ag súil le breis is 500 ceoltóir ar an lá.

Duais an ISO faighte ag cuideachtaí Iorrais

TÁ Shelvin Engineering i mBéal an Mhuirthead agus Brendan Hegarty Contraitheoir Leictreach i mBaingear Iorrais tar éis bronnadh an ISO a bhuachaint. Tá aitheantas idirnáisiúnta ar an ISO a chabhraíonn le cuideachtaí a bheith níos éifeachtúla agus níos comhoiriúnaí sa mhargadh iomaíoch atá anois ann.

Cinntoidh an ISO go bhfuil Shelvin Engineering agus Hegarty Electrical ar chomh chéim leis na cuideachtaí is fearr timpeall an domhain ina bhainistíocht chaighdeánach agus sábháilteacht agus go bhfuil siad dáiríre faoi na seirbhísí atá á gcur ar fáil acu.



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie

Ag dul síos bóthar na smaointe

Le Róisín Ní Éalaí

TÁ teacht le chéile á reáchtáil ag Aisteoirí Bulfin san Fhómhar agus is éard a bheidh i gceist ná teacht le chéile do na daoine ar fad a bhí páirteach in Aisteoirí Bulfin ó thosaigh an cumann drámaíochta sin sa bhliain 1968. Beidh an ócáid ar siúl ar an 25 Meán Fómhair ag a 8.30in i gConradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

Tá Aisteoirí Bulfin lonnaithe i mBaile Átha Cliath ach is minic a bhíonn siad ag taisteal chun páirt a ghlacadh i bhféilte Gaelacha ar fud na tíre. Rinne an cumann léirithe ag féilte drámaíochta an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta - i Rath Cairn, i gCorca Dhuibhne, i gCúil Aodha, in Iúr Cinn Trá, agus ar an gCeathrú Rua. Bhí an cumann ar camchuairt in amharclanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ar nós

Thaidhbhdhearc na Gaillimhe agus Chultúrlann MacAdam Ó Fiaich Bhéal Feirste.

Tugadh cuirí don ghrúpa taisteal thar lear le blianta anuas agus bhíodar i gcathracha éagsúla, ar nós Bhostúin agus na Bruiséile.

Ócáid neamhfhoirmiúil atá i gceist, a thabharfaidh deis do dhaoine bualadh le seanchairde leo a bhíodh sa chumann agus leo san atá páirteach sa chumann faoi láthair. Taispeánfar cuid d'ábhar cartlainne an chumainn agus táthar ag súil go dtabharfaidh daoine a gcuid seanghrianghraf leo.

Tá fáilte roimh gach duine a bhí in Aisteoirí Bulfin ó thosaigh an cumann teacht chun na hócáide.

Imeachtaí sa Pháil

Le Kate Fennell

Ciorcal Comhrá ag am lóin i lár Bhaile Átha Cliath

INNUIU agus gach Aoine i Siopa Connolly Books ar shráid Essex Thoir is féidir d'am lóin, idir 1-2i.n., a úsáid chun snas a chur ar do chuid Gaeilge. Bíonn ciorcal comhrá ansin gach seachtain le tae agus caifé agus bíonn fáilte roimh chách. Gach eolas ó www.ionad.org.

Ceol agus Rincí ón mBriotáin i gClub an Chonartha

ANOCHT, an 30 Iúil, ag 9.30i.n. i gClub an Chonartha ar Shráid

Eastáit tithíochta Bhaile Átha Cliath le hainmniú i nGaeilge go fóill

Le Meadhbh Ní Eadhra

I GCRUINNUIÚ a bhí ag Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath oíche Dé Máirt, socraíodh go leanfadh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le hainmniú eastát i nGaeilge.

Theip ar rún a bhí á bhrú chun tosaigh ag an gComhairleoir Der-

mot Lacey ó Pháirtí an Lucht Oibre. De réir an rúin sin, leasófaí an polasaí agus bheadh an Béarla in úsáid chomh maith leis an nGaeilge agus eastáit tithíochta á n-ainmniú. Rinneadh cinneadh anuraidh chun ainmneacha Gaeilge a thabhairt ar eastáit tithíochta nua i mBaile Átha Cliath.

Fhearchair, BÁC 2, is féidir sult a bhaint as ceol agus rincí ón mBriotáin má tá suim agat ann. Is oíche fhíor-thaitneamhach a bhíonn inti agus is fiú go mór bualadh isteach.

Labhraíonn roinnt de na Briotánaigh Gaeilge mhaith mar sin is féidir cleachtadh teanga a dhéanamh leo mura bhfuil an damhsa ar do thoil agat! Tá saorchead isteach agus fáilte roimh chách. Tuilleadh eolais ó www.anclub.ie nó www.breizheire.com.

Ceol agus comhrá in Áras Chrónáin

MÁS ar thóir ceol Gaelach i gcomhlúadar Gaelach gar do Bhaile Átha Cliath atá tú is féidir bualadh isteach chuig Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin ón Déardaoin go dtí an Domhnach agus ní bheidh díomá ort! Bíonn na doirse ar oscailt óna 8.30i.n. agus tosaíonn an ceol tamall ina dhiaidh sin. Scaip an scéal! Gach eolas ó www.araschronain.ie

Ciorcal Comhrá i gCill Mhantáin

AR an Déardaoin seo chugainn, agus gach Déardaoin ina dhiaidh sin go dtí lár mhí na Nollag, beidh ciorcal comhrá ar siúl i nGaescoil Chill Mhantáin i Ráth Naoi (Rathnew), Co. Chill Mhantáin. Tosaíonn sé ar 8.45i.n. agus tá fáilte roimh chách. Tuilleadh eolais ó gmpokane@gmail.com

Ciorcal Comhrá i nDún Dealgan

NÍOS faide ó thuaidh, i nDún Dealgan i gCo.Lú, bíonn fáilte roimh chách chuig ciorcal comhrá gach Déardaoin sa teach tábhairne, The Bar Tender, ar Shráid na Páirce, óna 8 - 10i.n. Bíonn saorchead isteach agus is féidir gach eolas a fháil ó Tamara ag 087 7624244 nó ó conelltamara@yahoo.ie

Imeachtaí don Ghael ag Fleadh Cheoil na hÉireann 2010

TA clár cuimsitheach leagtha amach ag eagraitheoirí Fleadh Cheoil na hÉireann 2010 i mbliana le go leor imeachtaí don Ghael ina measc. Is fearr lóistín a chur in áirithe anois don fhéile a bheidh ar siúl ón 15 Lúnasa go dtí an 22 Lúnasa i gCo. an Chábháin.

Beidh ciorcail comhrá agus ranganna Gaeilge ar siúl beagnach chuile lá. Chomh maith leis sin beidh léitheoireachtaí ann ó Ré Ó Laighléis, Anna Heusaff agus Niall Toibín agus léachtaí ó dhaoine mór le rá i saol na Gaeilge.

Is soiléir go bhfuil muintir an Chábháin ag tacú go mór leis an Ghaeilge i rith na féile agus is deas an rud é sin a fheiceáil.

Tapaigh an deis agus cuir tú féin ar an eolas maidir leis na himeachtaí Gaeilge go léir a bheidh ar siúl trí ghliogáil ar www.fleadh2010.ie nó trí ghlaoch ar 087 936 50 59.



MUMHAIN
NUACHT



 Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca
Dhuibhne

Le Breandán Mac Gearailt

Cealg

CÚPLA seachtain ó shin bhíomar ag tagairt do na smugairlí róin beaga a bhí le feiscint i gcuid de chuanta an cheantair agus mar a cuireadh cealg i ndaoine a bhí ag snámh. D’imíodarsan agus má imíodar cad é ach nár bhuail míoltóga beaga cealgacha isteach in uiscí tránna in Iarthar Duibhneach. Dúirt bean amháin liom go raibh sí “greataithe” ag na míola seo agus dar léi gurb iad na míolta céanna a bhíodh luaite leis na bradáin a éalaíonn ó chliabhanna móra mar a dtógтар iad a bhí i gceist. Dúirt sí go raibh daoine ag snámh mar a raibh sí féin agus níor priocadh in aon chor iad, ach gurbh dhóigh leat gur galar na muc a bhuail snámhaithe eile mar í féin. Dar le Mícheál Ó Coileáin, urlabhraí timpeallachta Chomhairle Contae Chiarraí, níl aon bhaint ag na míoltóga seo le bradáin. “Buaileann siad cuanta áirithe anois agus arís i rith mhionna an tsamhraidh, ach is gnáthach nach baol d’éinne iad agus fiú iad siúd ina gcuirtear cealg nó pionna, níl aon díobháil mhór ag baint leo,” dar le Mícheál. Le brothall is gnách leis na míoltóga seo a bheith le feiscint i dtránna áirithe. Caithfidh go bhfuil tréith éigin tarraingteach i bhfuil aon duine go gcuireann siad cealg ann? Níl a fhios agam cad as ar tháinig an ráfla gur míola bradáin iad, ach ní lú gur

Creid é nó ná Creid

Le Róisín Ní Éalaí

PLÉIFEAR an creideamh agus an reiligiún i sochaí, i gcultúr agus i bpobal na hÉireann le linn léachtaí agus siompóisiamai ag Scoil Samhraidh Merriman 2010. Is in Amharclann Glór in Inis, Contae an Chláir a bheidh an scoil samhraidh ar siúl. Tosóidh na himeachtaí Dé Céadaoin 18ú Lúnasa agus críochnóidh siad Dé Domhnaigh 22ú Lúnasa. Is imeacht rialta é Scoil Samhraidh Merriman i gContae an Chláir atá á heagrú le 43 bliain anuas agus is cúrsaí reatha pobail a bhíonn á bplé ann de ghnáth. Is é an téama i mbliana ná ‘Creideamh: Creid é nó ná Creid?’. Dar le Cumann Merriman, cé

gur féidir a bheith ag siúl leis go mbeidh béim áirithe ar an scanal a bhaineann le míúsáid páistí agus ar theip na hEaglaise Caitlicí ina leith, beidh an Scoil Samhraidh ag tabhairt faoin scéal ar bhonn níos leithne. I measc na dtpaicí a phléifear beidh ‘Cléiriúlachas agus pobal Dé’, ‘Creideamh agus an Dlí’ agus ‘Ról na mban sa chreideamh agus san Eaglais’. Beidh siompóisiamai ar siúl gach maidin i mBéarla agus i nGaeilge ar ghnéithe stairiúla den téama i dteannta le léachtaí, filí Chúirt an Mheán Lae, turais siúlóide timpeall na hInse agus Club Merriman, áit a mbeidh rince agus amhránaíocht ar siúl. Tuilleadh eolais ar fáil ag <http://www.merriman.ie/>.

eolach dom cad as ar eascair siad. Tá a bpriocadh an-chosúil le mantú na dreancaide, atá beagnach imithe as an saol anseo. Imeacht gan teacht orthu-san, ach go háirithe. Mar a thuaramar an tseachtain seo tharainn, lean ceiliúradh cúig bliana fichead mar thábhairmeoir ag Páidí Ó Sé ar aghaidh ar feadh na seachtaine. Ceannt de na hócáidí ba mhó grinn ná nuair a bhronn Muiris Ó Fiannachta cóip den phictiúr thíos air. “Má thugann tú fé ndeara,” arsa an fear cleas, Muiris Ó Fiannachta, “is é Páidí an t-aon bhuachaill go raibh bróga air.” “Is breá é mar scéal,” arsa Páidí, “tá éirithe go maith le gach duine acu seo sa phictiúr. Seo iad a bhí sa rang liom i Scoil Náisiúnta Chill Mhic an Domhnaigh fadó. Buíochas le Dia tá siad ar fad beo agus lán de cheol i gcónaí.” Bhuail a bhformhór mór isteach i rith na seachtaine.

Naomhóga

BHÍ an aimsir fé do Rásaí Naomhóg Fhionntrá ar an Domhnach seo caite. Má chum Seán Ó Duinnshléibhe an t-amhrán aitheanta, ‘Beauty Deas an Oiléain’ in ómós do chriú naomhóige ón mBlascaod Mór a bhuaigh ‘Rás Mór an Lae’ ar uiscí Chuan Fhionntrá sa bhliain 1880, bheadh ábhar dhá amhrán aige ar an Domhnach, mar gur dhein muintir

na Machairí cipíneach. Muintir Goodwin agus a ngaolta ón Machaire, maraon le Cumann Rámhaíochta an Daingin a bhuaigh gach rás naomhóige. Bhíodar go diall. Ach bhí imeachtaí eile ar bun, mar fheis, comórtas caitheamh crúite, cic fhada, ealaíon trá, filíocht ar an toirt, lúthchleasa, rothaíocht timpeall Cheann Sléibhe agus siúlóid Chosán na Naomh ar an Satharn. Thar ceann an choiste ghabh an Rúnaí, Siobhán Ní Uidhir, buíochas faoi leith leis an Athair Mac Síthigh ó Dhún Sian a dhein gaisce ag réiteach Chosán na Naomh don ócáid. Bhí Siobhán “an-sásta leis na sluaite a bhí i láthair, leis an aimsir agus leis an iomaíocht spórtúil ar muir agus ar tír.”

Scéalta Mhúscraí

Le Seán Ó Loingsigh

Cúrsa Gael Linn
curtha ar ceal i mBaile
Bhúirne

TÁ an tríú cúrsa samhraidh de chuid Gael Linn a bhí le bheith i mBaile Bhúirne i mí Lúnasa curtha ar ceal de bharr nach bhfuil go leor daltaí cláraithe dó. Tá 146 dalta ag freastal ar an dara cúrsa atá ar siúl i mBaile Bhúirne faoi láthair, agus tuigtear go bhfuil roinnt des na daltaí a chláraigh don tríú cúrsa san áireamh sa linn atá air. Bhí cruinniú athbhreithnithe ag Gael Linn i mBaile Átha Claith an tseachtain seo caite maidir lena gColáistí Samhraidh i mBaile Bhúirne, in Eachléim Mhaigh Eo, agus i mBun an Inbhir agus i Machaire Rabhartaigh i nDún na nGall. Socraíodh nach mbeadh aon athrú an bhliain seo chugainn sna táillí do na daltaí a fhreastalaíonn ar na cúrsaí i mBaile Bhúirne, in Eachléim agus i mBun an Inbhir, ach go mbeidh ardú ar an gcostas a bhaineann le Coláiste Machaire Rabhartaigh a fhreastalaíonn ar dhaltai ó na sé chontae den chuid is mó. €850 an táille atá ar dhaltai cónaithe

dos na cúrsaí trí seachtaine i mBaile Bhúirne, in Eachléim agus i mBun an Inbhir, na coláistí a fhreastalaíonn ar dhaltai ón 26 contae. £510 (sterling) a íocann na daltaí a fhreastalaíonn ar na cúrsaí trí seachtaine i Machaire Rabhartaigh, agus tuigtear go mbeidh ardú de suas le £30 i gceist don bhliain seo chugainn. Tá 71 dalta cónaithe agus 75 dalta lae ag freastal ar an gcúrsa coicise atá ar siúl i mBaile Bhúirne faoi láthair, ardú ar líon na ndaltaí lae i gcomparáid leis an dara cúrsa a bhí ann anuraidh. €680 an costas atá ar na daltaí cónaithe ar an gcúrsa coicise agus €175 atá á íoc ag na daltaí lae. Gearrtar €225 an duine ar na daltaí lae do chúrsaí trí seachtaine. D’fhreastail 22 dalta lae agus 72 dalta cónaithe ar an gcéad chúrsa trí seachtaine a bhí i mBaile Bhúirne i dtús na míosa seo. Cúrsa coicise le béim ar imeachtaí spóirt a bhí le bheith sa tríú cúrsa (an ceann deireanach) atá curtha ar ceal i mBaile Bhúirne. Cuireadh an cúrsa deireanach a bhí le tosnu san Eachléim an tseachtain seo caite ar ceal chomh maith agus níor reachtáladh an chéad chúrsa i mBun an Inbhir ceal uimhreacha. Meastar go mbeidh íslíú de 8,000 ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar chúrsaí samhraidh ar fud na tíre i mbliana i gcompráid le 28,000 dalta a d’fhreastail ar na cúrsaí Gaeilge in 2009.

Breithlá an Riadaigh á chomóradh le ceolchoirm ar Lá Lúnasa

BEIDH lá breithe an chumadóra Seán Ó Riada á chomóradh ar an gcéad lá de mhí Lúnasa le ceolchoirm mhór i gCill Airne oíche Dé Domhnaigh. Is í seo an ceathrú ceolchoirm atá eagraithe ag Cairde an Riadaigh i mbliana chun oidhreacht Sheáin Uí Riada a cheiliúradh agus fiacha a ghlanadh maidir le leacht cuimhneacháin ina onóir a nochtaíodh i gCúil Aodha i dtús mhí Lúnasa 2008. Beidh iarbhaill den ghrúpa a bhuainigh Seán Ó Riada, Ceoltóirí Chualann, ar stáitse in Óstán an Malton chomh maith leis an mboscadóir ó Shliabh Luachra, Jimmy Doyle, na hamhránaithe Jimmy O’Brien (Cill Airne) agus Danny Maidhcí Ó Súilleabháin (Cúil Aodha), clann cheoltóirí Uí Mhaolcatha as Mainistir na Féile agus muintir cheolmhar Uí Luasa as Cúil Aodha. Maidir le hiarbhaill Cheoltóirí Chualann, beidh an veidhleadóir Seán Keane ag seinnt sa cheolchoirm i dteannta iar-chomhghleacathe leis ón ngrúpa Na Chieftains, fear na feadóige, Seán Potts, agus fear na feadóige móire, Michael Tubridy. Beidh an píobaire Mícheál Ó Briain ag seint na bpíob uileann in ionad Paddy Moloney nach mbeidh ar fáil don ócáid, agus glacfaidh an veidhleadóir John Óg Kelly áit a athar, sean-John, a bhí sa ghrúpa cáiliúil a sheinn i gceolchoirm iomráiteach in amharclann an Gaeity san Ardchathair breis agus 40 bliain ó shin. Is é Kevin Glackin a bheidh ag seinnt

in ionad an veidhleadóra Martin Fay nach mbeidh in ann a bheith i láthair, agus beidh an ceoltóir Éamon McGivney ag seinnt in ionad an bhoscadóra Sonny Brogan. Beidh Éamon de Buitléir i láthair, agus seinnfidh an bodhránaí Mel Mercier i gcuimhne a athar, Peadar Mercier a chaith tréimhse le Ceoltóirí Chualann chomh maith. Beidh an t-amhránaí clúiteach agus iarbhall eile den ghrúpa, Seán Ó Sé, mar fhear an tí ar an oíche agus táthar ag siúl le lúibin nó dhó óna chomhghleacaithe ar choiste Chairde an Riadaigh, Eoiní Maidhcí Ó Súilleabháin agus Seán Ó Liatháin. Is é Peadar Ó Riada a ghlacfaidh suíochán a athar Seán ag an méarchlár, agus is é a bheidh i mbun stiúrtha agus tionlacan le Cór Chúil Aodha, cór a bhuainigh Seán Ó Riada sna 1960í chomh maith. 79 bliain d’aois a bheadh Seán Ó Riada Dé Domhnaigh seo chugainn – rugadh é ar Lá Lúnasa 1931 agus táthar ag siúl le sraith eile imeachtaí ina chuimhne an bhliain seo chugainn – 40 bliain i ndiaidh a bháis i 1971.

Na Déise Daonscoil na nDéise

Le Róisín Ní Éalaí

BEIDH seachtain léachtaí, imeachtaí, ceoil agus amhránaíochta, spóirt agus spraoi ar siúl nuair a thionólfar Daonscoil na Mumhan, scoil samhraidh i gColáiste na Rinne i nGaeltacht na nDéise. Tosóidh na himeachtaí ar an 14 Lúnasa agus leanfaidh siad ar aghaidh go dtí Satharn an 21 Lúnasa. Tá Daonscoil na Mumhan ar an bhfód ó 1953 i leith gan bhreiseadh, rud a chiallaíonn gurb í an Scoil Samhraidh is sine sa tír í. Tá idir pháistí agus daoine fásta in ann freastal ar an Daonscoil, áit a mbeidh siad in ann snas a chur ar a gcuid Gaeilge ag ranganna i rith na seachtaine. Múinfidh Anne Mulqueen agus Treasa Ní Eachthighearnn ranganna amhránaíochta agus beidh ceardlann filíochta á tabhairt ag Bríd Ní Mhóráin. Is é téama na Daonscoile i mbliana ná “Eachtraí san Oideachas”. Is iad an cineál léachtaí a bheidh ar siúl ná léacht ó Annraoi de Paor dar teideal ‘Edmund Edward Fournier d’Albe: Gaeilgeoir agus Innealtóirí Athshlánúcháin’, léacht ón Ollamh Pádraig Ó Macháin dar teideal ‘Lios Mór Mochuda Anallód’ agus léacht dar teideal ‘Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide sa Rang’ le Caoimhe Ní Chuinn. Má tá suim agat níos mó ná an Ghaeilge amháin a fhoghlaim, beidh an tUasal John Evans ag múineadh Breatnaise trí Ghaeilge, rud a cuireadh ar an gclár trí bliana ó shin. Seolfar “An Linn Bhuí XIV”, Iris Ghaeltacht na nDéise, ar an Mháirt 17 Lúnasa. Is é seo an ceathrú heagrán déag den iris, a bhíonn á foilsiú go bliantúil. Chomh maith leis na himeachtaí thuasluaite, beidh céilithe, Tráth na gCeist, siúl sléibhe agus ceardlanna ar siúl. Má tá suim agat sa chúrsa tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh na Scoile Samhraidh, www.daonscoil.com.



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Bainisteoir Réigiúnach Údarás na Gaeltachta i dTír Chonaill ag éirí as a phost

Le Judy Ní Ógáin

TÁ an Bainisteoir Réigiúnach ar Údarás na Gaeltachta i nDoirí Beaga, Gaoth Dobhair, Cathal Mac Suibhne, ag éirí as a phost tar éis 37 bliain leis an eagraíocht.

Thosaigh Cathal, atá 59 bliain d’aois agus arb as an Fhál Carrach ó dhúchas dó, ag obair leis an eagraíocht i 1974 mar thaighdeoir sa Rannóg Pleanála, é lonnaithe san Ardoifig sna Forbacha i gContae na Gaillimhe. Seoladh ar ais chuig a chontae dúchais é le tréimhse 3 mhí a chaitheamh in oifig réigiúnach an Údaráis i nDoirí Beaga mar Oifigeach Machaire, agus is ansin a d’fhan sé ó shin i leith.

Ag déanamh cur síos ar an gceantar ag an am sin, deir Cathal, “Bhí rudaí an-difriúil nuair a d’fhill mé ar an cheantar an t-am sin. Ní raibh sé neamhghnách feirmeoir a fheiceáil ag siúl síos an bóthar lena chuid ealaigh - ba cheantar tuaithe é agus bhí sé níos ciúine, ní ar nós an cheantair nua-aimseartha agus an tsochaí shofaisticiúil atá againn inniu.”

“36 bliain ó shin, ní raibh ach dhá chomhlacht teicstíle ann, GT agus ‘Comer Yarns’, comhlacht plaistigh, sean-ionad traenála ANCO agus beagán níos mó ná 300 duine fostaíthe ar Eastát Tionsclaíochta Ghaoth Dobhair”.

Thar na blianta rinne Cathal maoirseacht ar fhorbairt an Eastáit agus leis an méadú a tháinig ar chomhlachtaí innealtóireachta agus leictreonacha, d’ardaigh an fhigiúr sin go 1,300 sa bhliain faoi 2001.

Ar an iomlán, tá 2,250 duine fostaíthe go lánaimseartha agus 250 duine ag obair go páirtaimseartha i gcomhlachtaí atá ag fáil tacaíocht airgid ón Údarás sna ceantair Ghaeltachta i gContae Dhún na nGall

Tá laghdú tagtha ar líon na bhfos-

Onórú déanta ar stiúrthóir Aisteoirí Ghaoth Dobhair

Le Judy Ní Ógáin

ONÓRÓDH Tomás Mac Giolla Bhríghde, 87 bliain d’aois (stiúrthóir le hAisteoirí Ghaoth Dobhair) in amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn le gairid as ucht an méid ama agus oibre atá curtha isteach aige san ngrúpa drámaíochta, i gcultúr agus in amharclannaíocht na Gaeilge. Rinne Aisteoirí Ghaoth Dobhair an dráma ‘Aintín Séarlais’, atá stiúrtha ag Tomás, a chur ar stáitse an oíche chéanna. Is é seo an séú léiriúchán ón ngrúpa drámaíochta Aisteoirí Ghaoth Dobhair, a raibh Tomás bainteach leis ó tháinig sé isteach sa chumann i 1938.

Le linn an ómóis a tugadh ar stáitse i nGaeilge,

bhronn an t-aisteoir agus stiúrthóir aitheanta Tommy McArdle leabhar ar Thomás le pictiúirí d’aisteoirí agus de léiriúcháin éagsúla óna chuid blianta leis an ngrúpa. Le linn na hóráide a thug McArdle, luaigh sé ráiteas ón aisteoir Seán Mac Fhionnghaile, atá anois ar shlí na firinne, “Dá dtabharfá cuairt ar Thomás, nár mhór dhuit a bheith ullmhaithe le labhairt ar chúrsaí drámaíochta an oíche ar fad!”

Luaigh McArdle freisin go raibh Tomás bain-teach le drámaíocht i bPobalscoil Ghaoth Dobhair le blianta, chomh maith lena chuid oibre le hAisteoirí Ghaoth Dobhair. Bhíodh sé ag spreagadh aisteoirí óga san scoil ansin, agus is minic go rachadh siad isteach le cumann drámaíochta

Aisteoirí ina dhiaidh sin.

“Déanann stiúrthóir maith drámaíochta múinteoir drámaíochta i gcónaí”, a dúirt McArdle, “agus creidim go léiríonn Tomás é sin”.

Tá Tomás ina bhall d’Aisteoirí Ghaoth Dobhair le 75 bliain agus ina stiúrthóir ar an gcumann drámaíocht ó 1981. Tháinig sé i gcomharbacht ar Eoghan Mac Giolla Bhríghde, stiúrthóir ar Aisteoirí idir 1931-1939 agus Áine Ní Giolla Bhríde, stiúrthóir idir 1939-1981.

Cé go raibh gaolta Thomáis, a chairde agus na haisteoirí ar fad ar an eolas faoin ómós, níor thuig Tomás céard a bhí ag tarlú go dtí gur tháinig Áine Ní Churráin, láithreoir ó Raidió na Gaeltachta, ar stáitse chun tús a chur leis an ócáid speisialta.



Máiréad Ní Mhaonaigh ó Altan ag oscailt go hoifigiúil an 43ú féile Máire an Chlocháin Leith in éineacht le cuid de na cailíní a bheidh ag glacadh páirte ann. (PIC: EOIN MC GARVEY)

taithe ar an Eastát, síos go dtí timpeall 600, de bharr an chúlú eacnamaíochta. Ach mar sin féin, creideann Cathal go dtiocfaidh ardú ar líon na bpoist i gceann bliana nó dhó, a thabharfaidh an uimhir seo suas go 800 fostaí.

Tá 15 duine fostaíthe ag Údarás na Gaeltachta in oifig Thír Chonaill, le 100 eile fostaíthe in oifigí na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Chiarraí. “Tá an fhoireann anseo tiomanta agus oibríonn siad go díograiseach gach lá chun an Ghaeltacht a fhorbairt,” a dúirt Cathal.

Is í sin an éacht is mó a rinne Cathal le linn an 37 bliain leis an eagraíocht, dar leis, ná cumasú na bpobail áitiúil. “Thug gné an phobail go leor sásaimh dom. Tá forbairt mhaith déanta againn ar an infreastachtúir i gceantair Ghaeltachta ar nós Rann na Feirste, an Tearmann agus le gairid ar an Fhál Charrach. Tá na pobail ag suí ar shócmhainní dár luach €1 milliún ar a laghad. Tá comhoibriú sláintiúil i nDún na nGall agus bheinn ag súil go leanfaidh sé sin ar aghaidh fiú i ndiaidh dom fágáil,” a dúirt Cathal.

Feidhmeoidh Seán Ó Gallchoir, ó Ghaoth Dobhair, mar Bhainisteoir Réigiúnach sealadach ar feadh an chéad 3 mhí eile, go dtí go ndéanfar Bainisteoir Réigiúnach nua a cheapadh in áit Chathail.

Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair ag éirí as

Le hEoin Mac Garvey

TÁ sagart paróiste Ghaoth Dobhair, an tAthair Micheál Mac Suibhne, ag éirí as a chuid dualgas i ndiaidh ocht mbliana is fiche san paróiste sin. Is iar-phearsa Thír Chonaill é an tAthair Mac Suibhne agus tá aithne leitheadach air ó thaobh cúrsaí sacair sa chontae - go háirithe le Fanaid Aontaithe agus Finn Harps. Ba é a bhí ar chúl mórán de na háiseanna atá curtha ar fáil do na seandaoine i gceantar Ghaoth Dobhair agus go leor forbairtí pobail eile. Bhí sé i gcónaí páirteach i rudaí a bhí ag dul chun sochair don pharóiste agus i gcónaí sásta a pháirt a ghlacadh i rud ar bith.

Chaith sé sealanna i roinnt paróistí sa deoise, Oileán Thoraigh, Cill Mhich Reanain agus Leitir Mhic a’ Bhaird ina

measc. Bhí sé mar phríomhoide ar Phobalscoil an Fhál Carrach idir 1968 agus 1982.

Cé go bhfuil sé ag éirí as mar shagart paróiste tuigtear go mbeidh sé ag cuidiú i roinnt paróistí sa deoise ar feadh sealanna.

Is é an Dr Ró-Oirmhinneach Pádraig Ó Baoighill as Baile na Finne ó dhúchas atá ceaptha ina áit mar shagart paróiste. Tá blianta fada caite aige mar shagart cúnta i nGaoth Dobhair.

Seandálaithe i mbun staidéir

BEIDH scoil seandálaíochta á reáchtáil mar chuid de chúrsa cultúrtha ag Oideas Gael i nGleann Cholm Cille, Contae Dhún na nGall an tseachtain seo chugainn. Cuirfear tús leis an chúrsa ar 31ú Iúil agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 7ú Lúnasa.

Is cúrsa dátheangach atá i gceist a bheidh oiriúnach do chainteoirí líofa agus dóibh siúd nach bhfuil ach beagán Gaeilge acu.

I measc na n-imeachtaí a bheidh ar siúl beidh siúlóid threoraithe trí Ghleann Cholm Cille, turais go dtí na suímh stairiúla mar Thuama Cúirte an Chlocháin Mhoir, Fearann Mhic Giolla Bhríde agus Tuama Ursanach

Chill Chluaine.

I rith an lae, beidh meascán d’imeachtaí ar siúl ag na daoine a bheidh i láthair, idir léachtaí agus sealanna amuigh ar na suímh sheandálaíochta.

Tá áiteanna fós ar fáil ar an gcúrsa agus beifear in ann clárú le haghaidh lóistín ar an Satharn 31ú Iúil, nó don chúrsa amháin ag 3.00i.n ar an Domhnach. Má tá suim agat áit a fháil ar an gcúrsa tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh Oideas Gael ag www.oideas-gael.com/.

Fadhb le tiománaithe óga i nDún na nGall - Gardaí

Le hEoin Mac Garvey

GLACANN na Gardaí i nDún na nGall leis go bhfuil fadhb ann le tiománaithe óga as smacht agus go bhfuil sé deacair cosc a chur air.

Fiú agus ochtar marbh i dtaisme amháin in Inis Eoghain le gairid is cosúil nár chuidigh sé le hoideachas tiománaithe óga de réir tuairiscí laethúla fá thiománaithe óga bheith ag dul ar mire in áiteanna éagsúla ar

fud an chontae.

Is é an Sáirsint Iggy Larkin atá mar cheannasaí ar aonad tráchta na nGardaí i nDún na nGall agus measann seisean go gcaithfidh siad áis a chur ar fáil do thiománaithe óga le cabhrú leo smacht a chur ar a gcuid tiomána.

“Beidh fir óga ag tiomáint mar seo agus an t-aon dóigh a dtig linn é a láimhseáil ná é a aithint agus iarracht oideachas a chur ar fáil dóibh fá chúrsaí tiomána. Tá sé ag tarlú agus ní thig linn iad a stopadh,” a dúirt sé.

Cuireadh áiseanna ar fáil sa chontae roimhe seo, áit a raibh daoine óga le carranna gléasta agus gasta in ann bheith ag tiomáint os comhair daoine agus ag déanamh na gcleasanna éagsúla. Measann an Sáirsint Larkin gurbh fhearr iad bheith in áis mar seo ná amuigh ar an bhealach mhór ag cur an phobail agus iad féin i ndainséar.

“Ní hiad na rudaí eagraithe mar seo an fhadhb ach na fir óga atá ag iarraidh a gcuid carranna a thiomáint chomh gasta is a thig leo agus gan smacht ceart tiomána acu,” a dúirt sé.

Beidh na Gardaí níos feiceálai ar na bóithre i dTír Chonaill an deireadh seachtaine saoire bainc seo agus go háirithe in áiteanna a bhfuil sé aitheanta go bhfuil fadhbanna ann. Tá roinnt féilte á reáchtáil sa chontae na laethanta seo agus tá ardú ar an líon Gardaí ar dualgas sna háiteanna seo chomh maith.

3 TUAIRIMÍ

Ardán: Saol fóna a bhaint amach do chách



Leis An Seanadóir Labhrás Ó Murchú

Is fada an aisling sa dúchas againn in Éirinn. Is é sin, a shamhlú gur dual don saol, gur cinniúint don saol, feabhas a theacht air. Dlúthchuid, dar liom, den bheatha dhaonna a leithéid, an samhlú gur féidir linn trí-nar n-iarrachtaí saol fóna a bhaint amach do chách; agus dar liom chomh maith gur rud riachtanach é chun sinn a spreagadh chun na hoibre.

Le ciall na fealsúnachta, is dócha go mbeidh ‘gleann seo na ndeor’ go deo againn, ach tá dualgas orainn mar dhaoine a mhalairt a bheith i gcónaí mar sprioc againn, anseo in Éirinn agus i ngach áit.

Dar liom go bhfuil na bunriachtanais soiléir go leor d’aon duine a dhéanann cíoradh ar an gcás. Caithfear caighdeán ceart maireachtála a chur ar fáil don phobal ar fad, agus chuige sin níor cheart dúinn bheith cúlraideach critheaglach ar aon slí. Ní foláir iniúchadh a dhéanamh ar gach polasaí soch-eacnamúil, agus go deimhin ar gach meascán de pholasaithe soch-eacnamúla, chun

teacht ar an gceann is fearr a oireann chun na haidhme sin. Rud eile, ní foláir dúinn bheith ullamh athdhréachtadh a dhéanamh ar straitéis aon uair a oireann sin. Tá gá leis an bhfiontraíocht, gan dabht, ach nár cheart fiontraíocht shantach gan choinsias - fiontraíocht a oireann don leas coiteann a chaithfidh a bheith ann. Ar an gcuma chéanna, caithfear ceart a chinntiú do gach aon duine chun caighdeán ceart beatha, agus chun páirt a ghlacadh i saol an phobail; sin dínit an duine a bheith in uachtar i gcónaí. Rud ná luaitear ró-mhinic faoi láthair is ea freagracht, ach tá géarghá leis go mbeadh an fhreagracht mar chuid lárnach den chultúr againn - freagracht a leathann thar chúraimí na muintire ar fad, bíodh duine ina riarthóir, ina thionsclóir, ina bhaincér, nó ina bhall den ghnáth-phobal ar chuma an fhormhóir againn.

Seo ceist a bhaineann leis an gcultúr sa chiall is doimhne den fho-cal sin, agus mar dhuine atá ag obair in eagraíocht mhór chultúir bíonn an cheist de ghnáth i m’intinn agam. Creidim, go deimhin, ná beidh aon rath ceart ar an saol soch-eacnamúil gan an cultúr a bheith áirithe ó bhonn sa phleanáil pholasaí. Is é an cultúr fóna a dheimhneoidh sláinte spioradálta an phobail agus a thabharfaidh le chéile sinn ag obair mar fhoireann ar mhaithe lenár leas uile. Má bhíonn dearcadh ceart ar an gcultúr againn, fáilteoidim roimh iarracht gach duine - is cuma cén cúlra atá aige nó aici - chun a chuid féin nó a cuid féin a dhéanamh don chomharsa agus don mhuintir trí chéile. Ar na hiarrachtaí atá le moladh ón taobh seo bheadh an cur le chéile, an chabhair shóisialta,



siamsaíocht an chomhluidair, agus go deimhin an ealaín agus an smaointeachas. Dar liom go bhfuil gá leis an dioscúrsa poiblí a fhorbairt go mór, mar go bhfuil mórán daoine fágtha ar lár sa phlé agus i saol poiblí na haimsire seo, daoine a d’fhéadfadh cur go mór le mórán réimsí. Bhí an Piarasach den tuairim gur cheart forbairt a dhéanamh ar an mbua faoi leith atá ó nádúr i ngach duine, agus go mb’fhearrde sin an pobal go mór fada.

I bhfocail eile, gan dearcadh níos flaithiúla a chothú, is deacair liom a shamhlú go dtiocfaimid go sásúil as an tsáinn ina bhfuilimid mar náisiún faoi láthair. Mholfaínn féin an Ghaeilge agus gach gné dár gcultúr féin a fhorbairt chun go mbeidh níos mó muiníne againn asainn féin mar phobal agus go mbeimid ábalta na luachanna maithe d’ár gcuid féin a

thairiscint don saol idirnáisiúnta. Tá eagraíochtaí móra againn ar nós ghluaiseacht na teanga, Cumann Lúthchleas Gael, agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann, eagraíochtaí a dtiteann cúram an chultúir dhúchais go díreach ar a nguaille; ach ní bheidh toradh ceart ar ár n-iarrachtaí cultúir go dtí go mbeidh gach aon eagraíocht sa tír ag déanamh a gcoda féin ar son na hoibre sin. Níl aon chúis nach mbeadh an Ghaeilge i gceist chomh maith leis an mBéarla ar aon ócáid phoiblí a bhíonn ar siúl ag eagraíochtaí uile na tíre. Caithfear pleanáil a dhéanamh chuige sin má tá an Ghaeilge chun a bheith ina teanga bheo bhríomhar i saol na tíre, agus táimidne sa Chomhaltas ar ár gcroí dícheall ag iarraidh dea-shampla a thabhairt ón taobh seo de.

Is féidir ciall níos leithne a bhaint as an gcultúr lena rá gur gréasán a

bhíonn ann de shaol iomlán na muintire. Agus an scéal mar atá faoi láthair, ní miste a rá go bhfuil dúshláin mhóra ann i dtaca le nósanna atá á gcráladh. Ar na nósanna sin tá saint agus ábharachas, sotal agus mór-is-fiú, drochmheas ar an té atá thíos, agus bréagchultas gáifeachais agus clúiteachais. Ba dhóigh le duine agus é/í ag breathnú ar chuid mhaith de shaol an ghnó agus de na meáin chumarsáide gurb é an t-airgead an dia nua atá le n-adhradh againn, agus is feasach dúinn ón stair, ón taithí agus ón gcoinsias, nach bóthar ár leasa é sin. Caithfidh bealach a aimsiú chun a chur ar a súile do dhaoine, agus go háirithe don aos óg, gur ceart bheith ciallmhar tomhaiste agus gan ligint do dhreamanna atá beag beann orainn ár gcuid airgid a bhaint dinn agus maolú ar ár gcumas intleachta chun tuiscint ar fónamh a bhaint as an saol.

Tá meas ar Éirinn i gcian is i gcón-gar mar gheall ar spiorad dochloíte na muintire agus ar ár n-oidhreacht shaihbhir chreidimh agus daon-nachais. Tuigimis na buanna atá againn, agus oibrímis níos mó mar fhoireann chun ár gcuid fadhbanna a réiteach le misneach agus le dóchas. Má bhíonn meas againn orainn féin agus ar ár gcumas, agus má ghla-caimid orainn féin ár ndualgais dhaonna, beimid ábalta ar gach constaic a sháir.

Is ball de Sheanad Éireann é Labhrás Ó Murchú, bhí sé faoi aoireacht Fhianna Fáil ann go dtí an seachtú lá den mhí seo. Scar sé le haoireacht Fhianna Fáil mar gheall ar thacaíocht an pháirtí don Bhille um Páirtnéireacht Shibhialta. Tá sé ina ardstiúrthóir ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

An ‘piollaire’ caoga bliain ar an saol



Le Bernie Ní Fhlatharta

Is deacair a chreidiúint go bhfuil an ‘piollaire’ caoga bliain ar an saol mar tá sé sách nua i mo chuimhne-sa. Ní raibh sé ag glúin mo mháthar mar nár tháinig sé go hÉirinn i gceart go dtí 1979 agus fiú an uair sin féin ní raibh

mórán ban á úsáid mar gheall ar thionchar na hEaglaise agus nach raibh mórán dochtúirí ann a thabharfadh amach é do bhean muna mbeadh sí pósta.

B’fhéidir go bhfuil Meiriceá ag ceiliúradh 50 bliain den phiollaire sin ach thóg sé blianta orainn sa tír seo misneach a fháil a bheith freagrach as ár dtorthúlacht féin.

Níl aon mhaith anois bheith ag breathnú siar ar an saol agus ag caoineadh cén chaoi a mbeadh an saol difriúil do mhná dá mbeadh an piollaire seo acu sna caogaidí nó na seascaidí. Ní féidir a rá go mbeadh

an tír difriúil mar bhí cosc fós ar mhná pósta bheith ag obair. Agus níorbh fhiú an piollaire muna mbeadh cead agat dul amach ag obair. Tá suíomh nua seolta le fáil amach céard iad na rudaí a chuidigh le hathrú a chur ar an saol sa tír seo.

Ar www.50things.ie is féidir leat do rogha a phiocadh ach ní gné amháin ná fiú péire a d’athraigh muid nó an tír seo.

Go deimhin, níl mé cinnte gur ar mhaithe linn a bhí go leor don athrú, cosúil leis an Celtic Tiger mar shampla den saghas gnéithe atá luaite ar an suíomh seo.

Is cinnte go bhfuil meon daoine difriúil faoi ghnéas agus gur chuidigh an piollaire, coiscíní agus a leithéid leis seo ach níl fhios agam an bhfuil rudaí imithe thar fóir ar an taobh eile.

Tá sé iontach go bhfuil roghanna againn ach bíonn brón orm nuair a fheicim cailíní an-óg ag tógáil an phiollaire agus gan iad sách fasta suas le bheith freagrach faoina saol gnéis.

Bhí mo ghlúin-sa faiteach faoi ghnéas mar go raibh muid scanraithe go mbeadh muid ag súil le páiste ach chuir sé iallach orainn

bheith freagrach ar bhealach nach bhfuil dream óg an lae inniu.

Is cinnte gur chuidigh an piollaire le mná mar gur thug sé saoirse dúinn ach tá mé den tuairim nach bhfuair muid an t-oideachas le dul leis.

Tá an piollaire againn, tá cead againn dul amach ag obair freisin ach mar sin féin tá tromlach na mban ag breathnú i ndiaidh teaghligh, i bhfad níos mó ná na fir.

Cheap muid caoga bliain ó shin gur thug an piollaire saoirse dúinn ach tá coimhlint fós i saol na mban agus tógfaidh sé níos mó ná piollaire beag é a shocrú.

Boilsciú, le do thoil



Le Conall Ó Móráin

Is cuimhin liom go soiléir cá raibh mé i mo shuí fiú sa seomra ranga nuair, faoi dheireadh, gur thuig mé an coincheap matamaiticiúil maidir le luasghéarú. B’shin mo bhomaite ‘eureka’ féin. Tar éis dhá bhliain a chaitheamh gan cliú in aon chor agam tháinig mé ar mhúinteoir fisice nua a mhínigh ar bhealach chomh simplí é gur chaith mé dhá bhliain eile ag déanamh iontais de cén fáth gur thóg sé dhá bhliain orm é a thuiscint.

Le deich mbliana anuas bhí ár slá-naitheoirí, gabh mo leithscéal, ár bpo-laiteoirí, ar Morning Ireland agus gach clár cainte eile agus nuachtán agus iad dár léachtóireacht faoin ráta boilscithe. Ráta boilscithe ard - olc, ráta boilscithe íseal - maith. Bhí an ceart acu ar ndóigh ach fan go dtí go bhfeicfidh muid cad atá déanta acu anois. Tá fhios againn ar fad go bhfuil agus go raibh easpa mhór crei-dmheasa sa domhan agus, dá bharr, sa bhaile anseo, de bharr an méid a bhí tar éis titim amach leis na bainc ar fud

na cruinne. Bhí ar rialtais an domhain, agus rialtas Obama go mór mór, na míle mílte milliún Euro agus dollar a chlóbhualadh agus ansin a chur isteach i gcóras airgid an domhain chun iarracht a dhéanamh creidmheas a chur ar fáil. Le dhá bhliain anuas tá na Meiriceánaigh amháin tar éis an méid dollar atá sa chóras airgeadaíochta a mhéadú ó \$871 míle milliún go \$2024 míle milliún agus creid uaim é, sin méadú ollmhór.

Is trua nach bhfuil an scéal chomh simplí leis sin áfach mar, ar ndóigh, nach gceapfá go bhféadfadh rialtas, aon rialtas, airgead a chlóbhualadh agus, abraimis, ospidéal nó dhó a thógáil agus vóta nó dhó a mhealladh ina dtreo, rud nach smaoiníodh siad riamh air?

Má tá pictiúr amháin le Picasso ar fáil is fiú, abair, deich milliún Euro sa mhargadh é. Dá mbeadh an t-ealaíon-tóir tar éis dhá íomhá den phictiúr céanna a phéinteáil b’fhéidir nárbh fhiú ach trí mhilliún an ceann iad mar bheadh íslíu ar a luach ganntanas. Ansin má tá céad sampla den phictiúr, go hiomlán mar an gcéanna, ar fáil, níl aon ghanntanas orthu agus ní fiú ach céad míle Euro an ceann iad, cé gur fíor-‘Picasso’ gach ceann acu. Tugann muid díluacháil air seo agus sin a tharlaíonn leis an gcóras airgid freisin má chuireann tú airgead ‘éasca’ ar fáil. Caithfidh ganntanas bheith ann chun

Ní fiú bheith i do mhilliúnaí más milliúnaí gach duine eile sa tír mar bheadh praghsanna gach rud socraithe ag leibhéil an mhilliúnaí mar theastódh ó uinéir an tsiopa nó ón ngréasaí bheith ina mhilliúnaí freisin ionas go mbeidís in ann maireachtáil.

go dtugann muid luach ar rudaí. Ní fiú mórán uisce go dtí go bhfuil tart ort.

Ní fiú bheith i do mhilliúnaí más milliúnaí gach duine eile sa tír mar bheadh praghsanna gach rud socraithe ag leibhéil an mhilliúnaí mar theastódh ó uinéir an tsiopa nó ón ngréasaí bheith ina mhilliúnaí freisin ionas go mbeidís in ann maireachtáil. Sa stair tá na pictiúir feicthe againn sa Ghearmáin roimh an dara cogadh domhanda nuair a bhíodh daoine ag díol as earraí simplí agus trucail bheag lán de Deutschmarks acu leo. Dá mbeadh siad i líne le hearra a cheannach d’fhéadfadh costas an earra dul in airde agus iad fós sa scuaine fiú.

Má tá díluacháil dá déanamh ar an airgead i do phóca, is é sin mura gceannaíonn céad Euro cupán caifé, ní theastódh ó eachtrannaigh a gcuid airgid ‘láidir’ a iompú go dtí do chuidse airgid ‘bog’ mar go gcaillfidh siad ar an margadh. Titfidh luach a gcuid airgid iompairthe go tapa. Má tharlaíonn sé sin, abair leis an Euro, caillean sé a luach i gcoinne airgid eile, an yen, an dollar nó Sterling. Má thiteann luach an airgid ní féidir an oiread céanna earraí ná seirbhísí ó thar sáile a cheannach gan breis a dhíol as agus cuireann sé sin leis an ráta boilscithe.

Tá an-chuid taighde déanta ag eacnamaithe agus iad ag iarraidh tuiscint d’fháil ar an tsíceolaíocht taobh thiar

de bhoilsciú. Is féidir le boilsciú teacht an-tobann, chomh tobann go minic nach bhfuil am ag an rialtas dul i ngleic leis agus réabann sé eacnamaíocht tíre go ceann tamaill. Ag tús na 1990í bhí ráta boilscithe gar do 20% in Éirinn, creid nó ná creid. Ach bíonn casadh eile sa scéal nuair a bhíonn boilsciú ag rith as ord mar sin. Ní fiú airgead tirim a choimeád ar coigilt mar go bhfuil tú ag cailliúint a luacha go han-tapaiddh. Dá bhrí sin ceannaíonn daoine sócmhainní ‘crua’, sócmhainní nó earraí go bhfuil a luach ag dul in airde agus luach an airgid ag titim. Ceannaíonn daoine tithe go minic mar ‘fál’ i gcoinne an bhoilscithe. Ach má cheannaíonn daoine tithe agus má dhéanann dóthain daoine é, de réir na dteacsleabhar rachaidh praghas tithe in airde.

Thosaigh mé agus mé ag rá de bharr an méid airgid atá curtha isteach sa chóras airgeadais domhanda go dtiocfaidh boilsciú as lá éigin. Má leanann iompar an chine dhaonna mar atá leagtha amach sna teacsleabhair eacnamaíochta imeoidh praghas tithe in airde. Má théann praghas tithe in airde déanfaidh tiarnaí talún an brabach as ar fad. Is é NAMA an tiarna talún is mó sa tír. Má thiteann gach rud amach mar is cóir déanfaidh NAMA na mílte milliún de bhrabach. Beidh muid saibhir arís. Eureka!

Ronnie Drew, Banríon Shasana is John Bruton



Le hEoghan Ó Néill

Tá glór Ronnie Drew i mo chluasa agus seo á scríobh agam, é ag canadh amhráin faoi chuairt Bhanríon Victoria ar Éirinn, ‘Sez She’.

‘And they all like me well, sez she. Barring that Anna Parnell, sez she, I don’t know well, sez she ... Right over the foam, sez she. Sure it was like coming home, sez she.’

Dá mbeadh ciall ag na daoine sin atá oibrithe faoi chuairt Bhean Uasal Windsor ar na 26 Contae, thiofadh leo ceacht a fhoghlaim ó Ronnie Drew.

Caith le Banríon Eilís na Breataine faoi mar a chaith seisean le Victoria. Déan dearmad ar agóidí agus ina áit sin, déan céilí mór a réachtáil.

Nó cuir amach dlúthdhiosca don ócáid.

Nó níos fearr arís, déan iomlán neamhairde di.

Is ríchuma Banríon Eilís na Breataine teacht ar cuairt chuig na 26 Contae.

Ní aon bhagairt í don stát agus cuirfidh sé iontas ar go leor againn na scaiftí a thiofadh amach ar shráideanna Bhaile Átha Cliath chun fáilte a chur roimpi.

Ní hamháin na Seoiníní sin (cuir John Bruton faoi ghlas le linn na cuairte, le do thoil!), ach an dream líonmhar sin ar mairg leo gur briseadh riamh ar an nasc leis an Mháthair-Pharlaimint.

Agus lena dtaobh, beidh an sciar sin de ghnáthphobal na hÉireann atá chomh báite anois i saol agus i gcultúr na Breataine agus go motháíonn siad gur cuid dá saol iad Clann Ríoga na Breataine.

Tá náisiúnaithe na Sé Chontae sna trithí gaire ag éisteacht leo sin sna 26 Contae atá ag caint faoi ‘chéad chuairt Bhanríon Eilís na Breataine ar Éirinn’ nuair a bhíonn sí féin agus a sliocht ar cuairt, gach cúpla mí, ar an chuid seo d’Éirinn ina bhfuil mise i mo chónaí.

Ach ar bhealach, léiríonn an rír faoi Bhanríon Eilís an gá le hathnu-achan a dhéanamh ar náisiúnachas agus ar Phoblachtachas na hÉireann.

Rud atá soiléir fosta ón iaróg faoi Aerfort Chorcaí.

Ba mhaith le Sinn Féin go dtabharfaí Aerfort Traolaigh Mhic Shuibhne air feasta, in ómós don Ard-Mhéara a fuair bás ar stailc



ocrais i bPríosún Brixton.

B’fhearr le Fianna Fáil, Fine Gael srl Aerfort Christy Ring a thabhairt air.

Nó go fiú Aerfort Rory Gallagher. Níl a dhath ar bith cearr le moladh ar bith acu.

Ach nach rithfeadh sé le duine ar bith dár n-ionadaithe tofa Aerfort Sheáin Uí Ríordáin a thabhairt air? Ní rithfeadh.

An bhfuil oiread is dealbh amháin sa tír seo a dhéanann laoch Gaelach a cheiliúradh?

Seachas Seán Ó Riada, a ndearnadh ceiliúradh cuí air le dealbh ghalánta i gCúil Aodha.

Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Ríordáin, Máirtín Ó Direáin nó

Caitlín Maude nó Micheál Mac Liammóir nó Seosamh Ó hÉanaí?

Dealbh ar bith, droichead ar bith, sráid ar bith.

Ná labhraimis faoi Phádraig Ó Conaire!

Níl i gceist leis na rudaí seo, ar ndóigh, ach siombalachas.

Ach tá tábhacht leis an siombalachas.

Ní cás le polaiteoirí an Ghaeilge. Dá mba chás leo leas na tíre go firinneach, in aois seo an domhandaithe, ní bheadh le cloisteáil uathu ach Gaeilge.

In am seo an Aontas Eorpaigh, na teilifíse satailíte, agus an idirlín, i ré nua na teicneolaíochta nuair atá 500 milliún ball ag Facebook agus dhá billiún buille ag YouTube sa lá, níl ach aon chosaint amháin ar an rud a dtugaimid ‘Éireannachas’ air.

Agus is í sin an teanga. An t-aon rud a dhéanann éagsúil sinn i saol seo an chomhionannais teanga agus cultúr.

Níl aon slánaitheoir ag dul a theacht ó pháirtí polaitiúil ar bith.

Tiocfaidh sé ó ghnáthdhaoine gan iomrá.

Uathu sin a bhunaíonn Gaelscoileanna, a réachtálann cumainn óige do Ghaeil óga, a chuireann fiontair agus fostaíocht ar fáil do Ghaeil, a thugann faoi bhunú Cultúrlann nó stáisiún raidió

Gaeilge nó nuachtán pobail ar nós Goitse.

Is ag leibhéal logánta pobail a dheánfar tódhchaí na Gaeilge a shocrú - ní ag leibhéal na polaitíochta.

Ó tharla gur luaigh mé YouTube, níor mhiste a lua go bhfuil 12,000 duine i ndiaidh amharc ar fhíseáin Nuacht24 ar YouTube le cúpla mí anuas.

Taobh leis na físeáin tá an tseirbhís nuachta ag dul i dtreis i rith an ama.

Bíodh is nach bhfuil an plé ar an suíomh chomh bríomhar fós is a bhíonn ar leithéidí an tsuimh igaeilge, bíonn i gcónaí tuairimí fiúntacha le léamh ann.

Seoid na seachtaine, dar liom, ná moladh ó Ghearáid Ó Muilleoir.

Chonaic sé Rásaí na gCurach ag Cé Chionn Caslach agus é ar saoire i nDún na nGall le déanaí.

‘Tá Gaeltacht Bhéal Feirste ag cur foirne isteach chuig Comórtas Peile na Gaeltachta le roinnt blianta anuas,’ ar seisean.

‘Nach mbeadh sé le ciall foireann a beith ag Gaeltacht Bhéal Feirste i Rásaí na gCurach, amach anseo?’

Thig leat do thuairim a nochtheadh faoi sin agus scéalta eile ag www.nuacht24.com.

Eagarfhocal



Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An Geilleagar Gaelach

IS é ceann de na rudaí is éasca agus is éifeachtaí arbh fhéidir linn ar fad a dhéanamh ar an talamh leis an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn ná ár bpáirt a ghlacadh sa gheilleagar gaelach a fhorbairt. Is é sin le rá, gur cheart dúinn seirbhísí poiblí agus príobháideacha trí mheán na Gaeilge a éileamh agus a úsáid.

Lena chois sin, ba chóir dúinn a bheith ag smaoineamh, ní hamháin ar na seirbhísí Gaeilge arbh fhéidir linn a fháil ón stát agus ón earnáil phríobháideach, ach ar na seirbhísí arbh fhéidir linn féin a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, cibé acu ina bhfuilimid ag obair, an earnáil phoiblí nó an earnáil phríobháideach.

Tá grúpaí ar nós Gaillimh le Gaeilge, Gael Taca, Forbairt Feirste agus eile le moladh as an obair a dhéanann siad chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn san earnáil phríobháideach. Tá comhlachtaí príobháideacha áirithe ar nós Lidl le moladh as an obair a dhéanann siadsan. Léiríonn na gradaim Barr 50 go bhfuil bá don Ghaeilge amuigh ansin sa saol gnó.

Tá go leor gnólachtaí ann, faraor, cuid mhór acu sa Ghaeltacht féin, a dhiúltaíonn fiú comharthaíocht i nGaeilge a chrochadh, d'ainneoin go bhfuil airgead ar fáil chun cuidiú leo. Sa Bhreatain Bheag agus i dtíortha eile ina bhfuil mionteangacha á labhairt, bíonn

gnólachtaí mar seo faoi bhrú millteanach an dátheangachas a aithint, ach is fada ó chualamar glór Mháirtín Uí Chadhain agus na radacach Gaeilge eile.

Caithfear an cheist a chur, ar cheart do Ghaeil a bheith ag caitheamh airgid le gnólacht sa Ghaeltacht a dhiúltaíonn freastal ar mhuintir na Gaeltachta mar phobal ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt?

Ba cheart ár machnamh a dhéanamh faoi luach ár gcuid airgid agus faoinár gcearta agus muid ag tacú leis na gnólachtaí seo. Ba chóir ceist a chur orthu. Ba chóir brú a chur orthu.

Ach ba cheart dúinn a bheith ag smaoineamh faoi thacaíocht a thabhairt do na gnólachtaí a úsáideann agus a thacaíonn leis an Ghaeilge, seachas baghcatáil a dhéanamh ar na cinn nach dtacaíonn léi.

Den chuid is mó, tá lucht gnó na hÉireann, mar atá muintir na hÉireann i gcoitinne, báuil don Ghaeilge. Caithfear a chur ina luí orthu go bhfuil brabús ann má dhéanann siad freastal ar phobail na Gaeilge agus go bhfuil airgead á chailleadh acu nuair nach ndéanann siad freastal orainn.

Tá cumhacht eacnamaíochta againn agus ba chóir dúinn ár gcumhacht a úsáid go dearfach.

Tá tuairim agus 100,000 cainteoir

laethúil Gaeilge in Éirinn agus tá tuairim agus 26,000 ag labhairt Gaeilge sa bhaile i SAM. Tá an-chumhacht agus tionchar eacnamaíochta ag an mhéad sin daoine ach é a úsáid go héifeachtach.

Mar sin de, is mar thomhaltóirí gur féidir linn dul chun cinn a dhéanamh maidir le cearta teanga san earnáil phríobháideach, agus is céim riachtanach í chun fíorshochaí dhátheangach a chruthú agus chun fíorphobail labhartha na Gaeilge a chaomhnú agus a chruthú.

Ní hamháin gur féidir leis an eacnamaíocht fuascailt na nGael a éascú ach b'fhéidir leis an fhiontraíocht a bheith mar fhoinsé mhór maoinithe do Ghluaiseacht na Gaeilge, rud a bheas de dhíth amach anseo.

Mar shampla, tá Cumann Chluain Ard i mBéal Feirste ar an tsaol ó bhí na tríochaidí ann, ag freastal ar phobal na Gaeilge agus ag cur ranganna agus imeachtaí de gach cineál ar fáil. Déantar é seo gan tacaíocht reatha ón Stát. Is féidir leis an Chumann é seo a dhéanamh ar an ábhar go bhfuil beár ann. B'fhéidir le clubanna sóisialta airgead a shaothrú don Ghaeilge ar fud na tíre ar an dóigh cheannann chéanna; níl le déanamh ach cinneadh a dhéanamh ár gcuid airgid a chaitheamh sa gheilleagar gaelach.

Ardmholadh tuillte ag Caitríona Ruane

TÁ ardmholadh tuillte ag an Aire Oideachais ó thuaidh, Caitríona Ruane, as aitheantas a thabhairt do cheithre Ghaelscoil.

Rinne sí an cinneadh seo d'ainneoin ionsaithe ó gach páirtí aontachtach ó thuaidh.

Rinne siad ar fad neamhaird ar an fhíríocht nach ionann spás sa bhreis i nGaelscoil i mBéal Feirste, mar shampla, agus suíocháin sa Ghaelscolaíocht i gcoitinne.

Tá an Ghaelscolaíocht ag fás ó thuaidh, is é sin an fáth go gcaithfear Gaelscoileanna a oscailt d'ainneoin go bhfuil scoileanna Béarla ag druidim. Níl aon leithcheal i gceist mar a mhaíonn na páirtithe aontachtacha.

Ar ndóigh, ba chóir cur leis na scoileanna atá ann cheana agus ba chóir iad a líonadh ach tá Gaelscolaíocht tuillte ag gach páiste. Is buncheart daonna í an Ghaelscolaíocht in Éirinn, bun agus barr an scéil.

LITREACHA chuig an Eagarthóir



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelsceal.ie. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Litir Oscailte go hEnda Kenny T.D.

A Theachta chóir, CEAPADH an t-uasal Frank Feighan T.D. ina urlabhraí Gaeltachta le déanaí. Ardaíonn an ceapachán seo ceist an-bhunúsach. Conas is féidir leis an urlabhraí Gaeltachta feidhmiú muna bhfuil aon Ghaeilge aige? Tá cearta bunúsacha i gceist anseo, mar atá, saoirse cainte agus tuairimíochta dóibh siúd ar mian leo a dtuairimí a chur in iúl don Teachta Feighan trí mheán na Gaeilge.

Faoi láthair, tá na cearta bunúsacha seo toirmiscthe orainn más mian linn aon idirphlé polaitiúil a bheith againn leis an Teachta Frank Feighan trí mheán

na Gaeilge. Léiríonn an cinneadh seo nach bhfuil Fine Gael sásta an dínit agus an meas is bunúsaí atá dlite do shaoránaigh na tíre seo a thabhairt do phobal na Gaeilge.

Tá ceist amháin againn. Cathain a dhéanfaidh tú leorghníomh san éagóir seo?

Beannacht,
Pádraic Breathnach, Liam Carson, Aedin Clements, Ciara Considine, Michael Cronin, Fionntán de Brún, Louis de Paor, Alan Desmond, Theo Dorgan, Dan Dwyer, Róisín Elsafty, Alex Himmans, Anna Heussaff, Biddy Jenkinson, Angus Lambkin, Aifric Mac Aodha, Proinsias Mac a' Bhaird, Iarla Mac Aodha Bhuí, Eoghan Mac Cormaic, Tadhg Mac Dhonnagáin, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Seosamh Mac Muirí, Robert

McMillen, Cláir Ní Aonghusa, Muireann Ní Bheaglaoich, Ódí Ní Chéilleachair, Marianna Ní Chinéide, Caitríona Ní Chleirchín, Deirdre Ní Chonghaile, Máire Ní Chualáin, Doireann Ní Bhriain, Éilís Ní Dhuibhne, Róisín Nic Dhonncha, Gráinne Ní Ghilín, Bláthnaid Ní Ghréacháin, Tracey Ní Mhaonaigh, Ciara Nic Mhathúna, Gráinne Ní Mhuirí, Áinéad Ní Mhuirthile, Lesa Ní Mhunchaile, Síle Ní Scannláin, Brenda Ní Shuilleabháin, Brian Ó Broin, Aodh Ó Canainn, Maidhc Ó Cathail, Antoine Ó Coileáin, Éanna Ó Cróinín, Tadhg Ó Dúshláine, Éamon Ó hAogáin, Donncha Ó hÉallaithe, Seán Ó Flaithearta, Michael Barry Ó Flatharta, Tadhg Ó Gealbháin, Lillis Ó Laoire, Conchubhar Ó Liatháin, Pádraig Ó

Liatháin, Mícheál Johnny Ó Meachair, Muiris Ó Meara, Gearóid Ó Mórdha, Peadar Ó Muirheartaigh, Colmán Ó Raghallaigh, Darach Ó Scoláir, Peadar Ó Riada, Mícheál Ó Ruairc, Feargus Ó Snodaigh, Gabriel Rosenstockk, Alan Titley, Gearóidín Uí Laighléis, Treasa Uí Lorcáin, Clare Walsh, John Walsh, Jeannine Woods

Suim ag duine ar bith?

A Chara, AONTAÍONN le Pádraig Ó Mathúna (Gaelscéal 16/7/2010) maidir le naisc a dhéanamh idir ceantair ina bhfuil gaelscoileanna agus comharchumann sa Ghaeltacht chun an tean-

ga a chur chun cinn.

Tá baile beag deas i gContae Chiarraí le gailfchúsa iontach ann agus na millte cuairteoirí ag dul tríd gach samhraidh ach níl sé sa Ghaeltacht. Tá coláiste samhraidh Gaeilge thíos an bóthair (Coláiste Bhreanainn) atá ceangailte le comharchumann. Agus é sin ráite, níl aon táisc nó tuairisc ar an nGaeilge i mBaile an Bhuineanaigh. Ní fhaca mé nuachtáin Gaeilge riamh ann.

Is dóigh nach bhfuil suim ar bith ag na heagraíochtaí Gaeilge an teanga a fhorbairt in áit mar seo. An bhfuil smaintí ag aon duine eile faoi seo.

Beir Bua,
Deasún Ó Seanáin
Tír Oileáin
Gaillimh

Baile Átha Cliath mar Gulliver na litríochta



Le Páidí Ó Lionáird

Táimid tagtha chun aibíochta. Tá an t-oileán beag seo ar a dtugaimid Éire aitheanta i measc tíortha móra an domhain. Tá aitheantas idirnáisiúnta bronnta orainn. Cosúil leis an laoch rugbaí Peter Stringer, b'fhéidir go bhfuilimid beag ach níl sé sin mar bhac orainn.

Tá Baile Átha Cliath, príomhchathair na hÉireann ar comhchéim le cathair Iowa Mheiriceá, Melbourne na hAstráile agus Dún Éideann na hAlban. Tá Baile Átha Cliath curtha ar bharr dhréimire idirnáisiúnta na litríochta domhanda ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO).

Ag féachaint ar an liosta cathracha úd, bheadh sé deacair nasc nó snáth coitianta a chumadh in aon tslí.

Tá Iowa i stát den ainm céanna i lár iarthuaisceart Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá 67,000 duine mar dhaonra ann; is baile mór é, seachas cathair, i gcomhthéacs SAM. Tá ollscoil réasúnta aitheanta ann le clár ar leith don scríbhneoireacht chruthaitheach. Ina measc siúd a bhí mar mhic léinn ann áirítear John Irving (*The World According to Garp* agus *Ciderhouse Rules*) agus TC Boyle (*World's End* agus *East is East*).

Maidir le Melbourne? Tá an chathair bhreá seo suite ar bhruch inbhir abhainn an Yarra in oirdheisceart stát Victoria. Tá comhionann daonra na hÉireann (4 mhilliún) sa chathair féin agus an-cháil ar an



Na scríbhneoirí Éireannacha Joseph O'Connor, Siobhán Parkinson agus Thomas Kinsella agus iad i láthair i mBaile Átha Cliath Dé Luain nuair a fógraíodh Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO. PIC: CONOR MCCABE/JASON CLARKE.

gcathair mar chroílár cultúrtha na hAstráile. Is ann atá eagrais náisiúnta teilifíse na hAstráile, mar shampla, agus tá an chathair i measc na dtrí cathracha móra is mó tóir orthu le cónaí iontu go hidirnáisiúnta de réir dealraimh. Bíonn an iliomad féilte ealaíne ann agus díoltar níos mó nuachtán agus leabhar ann ná in aon áit eile san Astráil.

Ar m'anam, áfach, ní féidir liom teacht ar aon údar nó ar aon fhile nó ar aon duine mór litríochta arbh fhiú trácht air as Melbourne. Maithigí dom é, a chairde ó dheas. D'fhéadfainn ainmneacha mar Steven Carroll nó Hal Porter a lua ach cé hiad siúd?

Anois, Dún Éideann (nó Auld Reekie mar a thugann muintir na

háite uirthi). Cad is féidir a rá faoi Dhún Éideann nach bhfuil ráite fiche míle uair cheana? An caisleán ar bharr an chnoic ag faire anuas ar chách, nach mór leathmhilliún áitritheoir, ach i bhfad níos mó ná sin aon ghnáthlá sa tseachtain. Príomhchathair na hAlban agus cathair atá lán le cultúr agus spleodar agus rógaireacht. Agus cathair ar féidir léi a bheith ag maíomh as scoth na n-údar - Robert Louis Stevenson (*Treasure Island*) agus Walter Scott (*Ivanhoe*), mar shampla, gan trácht ar Arthur Conan Doyle (*Sherlock Holmes*) agus JK Rowling (*Harry Potter*).

Mar sin cá seasann Baile Átha Cliath i measc na “bhfathach litríochta” seo? Bhuel, i mo thuair-

imse, seasann Baile Átha Cliath faoi mar a sheas *Gulliver* ós cionn mhuin-tir *Lilliput*. Tá Baile Átha Cliath chomh lán sin le litríocht nach féidir liom tabhairt faoi liosta cuimsitheach ar an gceathrú cuid di fiú. Cá dtosóinn? Bheadh sé ciallmhar agus oiriúnach tosú le Jonathan Swift agus d'fhéadfaí leanúint le Goldsmith agus Moore ón tréimhse chéanna - an dara leath den 18ú haois agus tús an 19ú haois. Ansin, d'fhéadfaí leanúint le Oscar Wilde agus Bram Stoker a thug an oiread sin iomráiteachais agus eas-iomráiteachais chugainn. Agus osclaíonn na geataí ar fad ina dhiad sin. Smaoinigh ar William Butler Yeats, George Bernard Shaw agus Samuel Beckett - triúr ar ar bron-

nadh gradaim Nobel in ainm Dé! Agus cad mar gheall ar James Joyce, Brendan Behan, Hugh Leonard? Nó níos déanaí ná sin tá Colm Tóibín, Joseph O'Connor, John Boyne, Roddy Doyle agus Sebastian Barry. Ná déanaimis dearmad ar na mná - Maeve Binchy, Deirdre Purcell, Patricia Scanlon, Marian Keyes, Celia Ahern. Údair iad seo ar fad a bhfuil na milliúin foilseachán díolta acu agus tuilleadh le teacht.

Níl filí ná údair na Gaeilge luaite agam in aon chor - Ré Ó Laighléis, Gearóid Denvir, Anna Heussaff agus Ruaidhrí Ó Báille. Níl an liosta seo ach ina thús: tá aithne agam ar scríbhneoirí nach bhfuil aitheanta fós agus táim ar bís lena gcuid a léamh!

Chuiqe seo atáim. Is maith leis an gcine daonna a bheith aitheanta ar mhaithe na n-éachtaí éagsúla a ndéanaimid máistreacht orthu. Ón gcéad mholadh a fhaighimid ónár dtuismitheoirí, d'fhásfadh tréith agus gnás ionainn a d'fhorbródh go santach agus a bheadh deacair a shásamh. Ní féidir le haon eagrais, institiúid nó gradam dóthain urraime agus aitheantais a thabhairt d'ealaín na scríbhneoireachta i mBaile Átha Cliath, a iomadúlá atá a toirt, a méid agus dlús na samhlaíochta a bhaineann léi.

Nílím ag gearán go bhfuil na cathracha eile seo áirithe ag UNESCO i measc na gcathracha litríochta is mó ar domhan. Táim bródúil, toirtéiseach, uaibhreach agus mórchúiseach as ár n-ardchathair féin. Táim á rá amach go lom agus gan aon náire - más ar Lilliput a thagann ábhar samhlaíochta na gcathracha sin atá i seilbh an ghradaim chéanna, smaoinigh gur as Baile Átha Cliath a tháinig Gulliver!

Smaoinigh dá bhféachfadh UNESCO ar litríocht na tíre ar fad. Cá stopfaimis? Comhghairdeas le Baile Átha Cliath.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Amárach: 31-8-1961

Eagarfhocal An Daonfhlathas

TRAOSLUIMID do Dáil na Mumhan de Connradh na Gaeilge as comh maith agus d'éirigh leis an daon scoil i gColáiste na Rinne an tseachtain seo a chuaigh thart 7 molaimid go hard iad as an eagrú éifeachtach agus na cainteoirí cumasacha a thug siad ann agus na léachta bunúsacha a sholáthraigh siad.

An daonlathas sa tír seo againn a ba abhar staidéar don daonscoil agus ba mhaith agus ba tráthúil an rogha é. Tugadh leachta bunúsacha

ar gach gné don cheist agus caithfidh go raibh gach duine da dteachaidh ansin lán tsásta buíoch asta. Ní theastaíonn uainn aon chur síos a dhéanamh ar an daonscoil féin a thiofadh idir ár léitheoirí agus an bunabhar. Mar sin, ós rud é go bhfuil na léachta seo tábhachtach bunúsach don phobal uile táimid ag fágáil gach rud eile beagnach as an eagrán seo d'fhonn na leachta seo a thabhairt ina n-íomláine do phobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge. Is maith is fiú a bheith ar fail san eagrán amháin mar ar féidir a gcoiméad le chéile.

I gcúrsaí oideachas ná tíre seo tá roinnt rudaí a bhfuil claonadh láidir dearmad a dhéanamh dóibh nó gan tábhacht ceart a thabhairt dóibh. Sa príomhait imeasc na rudaí a dear-

madtar amhlaidh tá náisiúntacht, bunú an Stáit seo agus na hInstitiúdaí Stáit agus an Daonfhlathas. Ní miste dúinn a chuimhniú áfach go bhfuil tíortha an domhain a ndéighilt ina dhá chuid de réir mar tá siad ar thaobh daonfhlathais nó deachtóireacht. Agus ní féidir seasamh ar son an daonfhlathais mur gcreidimid ann agus ní féidir creidibheáil ann muna bhfuil eolas ceart againn air.

Tá daonlathas a oibriú agus á fhorbairt againn sa tír seo le dachad bliain agus is fiúntach mar rinneadh ach mar sin féin is fíor go bhfuil cuid mhór mhór den phobal dall fós ar modha oibre an daonfhlathais agus ar an uaisleacht bunuis agus cuspoirí atá ann. Mar sin is tráthúil na leachta seo le mórán den

scéal a dhéanamh soilléir agus molaimid dár léitheoirí uile iad a léamh go cúramach.

Tá cúpla rud nár mhiste béim do leagan ortha. Is áthas linn ann go leagann cainteoir in-dhiad cainteora béim ar oideachas mar cheann de na bun riachtanaisí don daonfhlathas agus don tSaoirse. Tá súil againn go spreagfadh seo treoirithe muintir na Gaeltachta le leanstan go tréan agus le dlúthus a chur lena niarrachta go bhfeicidh siad caoi do Gairm-oideachas agus Méan-oideachas ar fáil i ngach ceantar Gaeltachta.

Ins na léachta seo freisin gheibhimid an smaoineamh gur trua nach bhfuil níos mó den dream óg barrshamhailteach ag glacadh a n-ionad san phoilitíocht. Is cinte gur

trua é. Sí an phoilitíocht eolaíocht agus ealaíon an leasa coitinn agus tá dualgas orainn go léir an leas coitinn a shaothrú. Ba cheart go mbeadh suim againn go léir san phoilitíocht 7 go mbeimis gníomhach ar thaobh amháin nó taobh eile. Go hairid ba mhaith dá mbeadh na daoine óga ard aigeantach barrshamhailteach ins na páirtithe poilitíochta. Bheadh feidhm lena n-íomracas 7 lena n-éifeacht agus do b'fhearde an saol poiblí iad a bheith ionta. Ní ceart do searbas nó sionaicúlacht iad a choiméad as. Is linne an tír seo anois, le riarú ar an mbealach féin agus má nithear botúin siad an pobal eile a íocas asta. Is bun nathán den daonfhlathas go bhfaigheann pobal an rialtas atá tuille acu.

4 CÚRSAÍ SAOIL

Díolachán Litríochta na Gaeilge

Más ag lorg coimhlinte atá tú, is leor a rá le lucht na litríochta Gaeilge go bhfuil níos mó scríbhneoirí sa teanga ná léitheoirí.



Le Joanne Ní Riain

“Seafóid!” arsa an scríbhneoir agus foilsitheoir Chló Iar-Chonnachta, Micheál Ó Conghaile. “Cuir deireadh leis an mbréag fhiosrach sin!” arsa an file agus ball foirne de Choiscéim, Fergus Ó Snodaigh.

“Tá mise dubh dóite ag éisteacht leis an bport seo,” arsa scríbhneoir agus bunaitheoir fhéile litríochta IMRAM, Liam Carson.

“Tá leabhair Ghaeilge ann agus bíonn an-éileamh orthu; nuair a bhí mé ag obair le Cois Life, shiúil An Bóthar go Santiago le Mícheál de Barra amach as na siopaí.”

Tá na díoltóirí den tuairim chéanna. “Sin raiméis ar fad!” a d’fhreagair Tomás Mac Gearailt, úinéir an tsuímh litríocht.com. “Tá luach breis is €600,000 de leabhair Ghaeilge díolta ag litríocht.com le cúig bliana anuas. Dhíolamar 13,615 leabhar idir mí Iúil 2009



agus mí Iúil 2010 amháin.”

De réir Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar (Áis), dáileadh luach miondíola os cionn €2.2 milliún de leabhair le linn 2009. Chuir siad in iúl nach bhfuil san áireamh anseo ach na leabhair a dháil Áis agus go mbíonn foilsitheoirí ag díol a gcuid leabhar féin ag ócáidí agus seoltaí leabhar chomh maith.

Díoladh 2,000 cóip den úrscéal coireachta Bás Tobann, an chéad saothar leis an mBaile Átha Cliathach, Anna Heussaff, agus tuairim is míle níos mó den úrscéal bleachtairéachta Dúnmharú sa Daingean le hÉilís Ní Dhuibhne. Díoladh beagnach 1,900 cóip den leagan Gaeilge de Artemis Fowl a d’aistrigh Máire Nic Mhaoláin, díolachán a raibh Penguin Ireland “an-sásta” leis mar shaothar Gaeilge.

De réir an scríbhneora agus foilsitheora, Tadhg Mac Dhonnagáin, tá suas le 8,000 cóip díolta de Gugalái Gug, an teideal is mó ráchairte atá foilsithe ag a chomhlacht, Futa Fata. “Bheadh foilsitheoir Béarla ar bith in Éirinn an-sásta leis sin mar dhíolachán ar theideal dá chuid.”

Ach cé go bhfuil éileamh suntasach ar theidil áirithe, glactar leis i gcoitinne go bhfuil margadh na leabhar Gaeilge fíorb-

heag. Deir foilsitheoirí go ndíolann siad, ar an meán, idir 300 agus 700 cóip an teideal agus creidtear gur “leabhar mór-ráchairte” i nGaeilge leabhar a ndíoltar 1,000 cóip de nó níos lú fiú. Tugann an scríbhneoir Tomás Mac Síomóin ‘leabhar mór-ráchairte’ ar leabhar neamhoideachasúil a ndíolfaí 500 cóip de.

Pé dearcadh atá agat, is léir nach bhfuil ach cuid bhídeach de na daoine a bhfuil Gaeilge ar a gcumas acu ag ceannach leabhar. “Léann na mílte an iris idirlín Beo! gach mí,” dar le hÉamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais le Gaelchultúr agus bunaitheoir an tsuímh clubleabhar.com. “Ach níl ach sciar an-bheag den dream sin ag léamh leabhar Gaeilge.”

De réir taighde margaíochta ar leabhair Ghaeilge neamhoideachasúla a d’fhoilsigh Bord na Leabhar Gaeilge in 2007, mhaigh leath na nGaeilgeoirí a cuireadh faoi agallamh go raibh ardchumas léitheoireachta acu sa Ghaeilge. Ach d’admhaigh siad go gcaitheann siad leath an ama ag léamh leabhar Gaeilge agus a chaitheann siad ag léamh leabhar Béarla.

De réir an taighde, ceann de na baic is mó ar dhaoine leabhair Ghaeilge a

De réir Liam Carson tá sé de dhualgas ar na meáin Ghaeilge léirmheasanna a choimisiúnú chomh maith chun an “fáinne fí” atá ann, dar leis, a réiteach. “Muna bhfuil léirmheasanna agus agallaimh leis na scríbhneoirí le feiceáil sna meáin, ní bheidh an pobal ar an eolas faoi na leabhair atá ag teacht amach; muna bhfuil said ar an eolas, ní théann siad sa tóir ar na leabhair sna siopaí; muna bhfuil an pobal ag lorg na leabhar, níl suim ag na siopaí iad a ordú.”

léamh ná easpa spéise sna leabhair Ghaeilge atá ar fáil, dearcadh a thuigeann Ó Dónaill go maith. “Tá roinnt mhaith gearrscéalta á scríobh (a bhuíochas sin leis an Oireachtas, déarfainn), ach is beag úrscéal a fhoilsítear gach bliain,” a mhíníonn sé. “Tá sé go hiontach go bhfuil leithéidí Anna Heussaff agus Éilís Ní Dhuibhne ag scríobh úrscéalta éadroma sothuigthe, ach tá gá le go leor údar eile mar iad.”

Bac níos mó atá ar léitheoirí, de réir an taighde, nach mbíonn a fhios acu faoi na leabhair atá ar fáil. Deir Sarah Bannan, Ceannasaí Litríochta leis an gComhairle Ealaíon, go bhfuil ganntanas mór margaíochta agus poiblíochta sa réimse. “Cé go bhfoilsítear leabhair den scoth i nGaeilge in Éirinn gach bliain, fanann an pobal aineolach orthu den chuid is mó,” a deir sí. “I gcásanna ar bhain foilsitheoirí úsáid as acmhainní chun poiblitheoir nó oifigeach margaíochta lánaimseartha a fhostú (Cois Life, mar shampla), méadaíodh ar an díolachán agus ar an ioncam.”

De réir Liam Carson tá sé de dhualgas ar na meáin Ghaeilge léirmheasanna a choimisiúnú chomh maith chun an “fáinne fí” atá ann, dar leis, a réiteach. “Muna bhfuil léirmheasanna agus agal-

laimh leis na scríbhneoirí le feiceáil sna meáin, ní bheidh an pobal ar an eolas faoi na leabhair atá ag teacht amach; muna bhfuil said ar an eolas, ní théann siad sa tóir ar na leabhair sna siopaí; muna bhfuil an pobal ag lorg na leabhar, níl suim ag na siopaí iad a ordú.”

Deirtear sa taighde go gcuirtear bac ar bhreis agus leath na nGaeilgeoirí leabhair a cheannach mar nach bhfuil fáil go héasca orthu, rud a shéanann Tomás Mac Gearailt. “An fáth gur bhunaigh mé litríocht.com in 1999,” a deir sé, “ná go raibh sé deacair an uair sin. Anois tá sé éasca.” Deir Tomás go bhfuil breis is 5,000 teideal le díol ar a shuíomh faoi láthair agus tá sé mar aidhm aige “gach leabhar Gaeilge atá i gcló” a chur ar fáil ann.

Ach cé go bhfuil na leabhair ar fáil ar líne anois, deir na foilsitheoirí agus uile go bhfuil fadhbanna ollmhóra fós ag baint leis an ngnáthchóras dáileacháin. “Tá siopaí áirithe ann agus níl siad sásta na leabhair a chur ar fáil,” a deir Liam Carson. “Níl suíomh ag Áis, agus níl acu ach ionadaí amháin ar an bhóthar.”

Pádraic Ó Flatharta is ainm don ionadaí aonarach sin atá ag Áis agus aontaíonn sé go pointe. “Tá na siopaí ag iarraidh leabhair Ghaeilge a stocáil, ach tá laghdú ar an méid a thógann siad - ó 10, abair, dhá bliain ó shin go péire nó trí cinn anois mar ní féidir leo iad a dhíol,” a deir Pádraic. “Ansin bíonn daoine ag gearán nach bhfuil leabhair ar fáil, ach in ionad bheith ag gearán, caithfear iad a cheannach!”

De réir Phádraic, tá géarghá le córas níos éifeachtaí don réimse ar fad. “Ba cheart go mbeadh na leabhair faighte againn (Áis) ó na foilsitheoirí níos luaithe, go mbeadh a fhios ag an bpobal go bhfuil siad foilsithe agus go mbeadh suíomh agus córas ar líne chun orduithe siopaí a láimhseáil, seachas a bheith ag brath ar an nguthán agus ar fhacs mar atáimid faoi láthair.”

Ina theannta sin, deir Pádraic go bhfuil saincheisteanna inmheánacha le réiteach. “D’imigh bainisteoir Áis nuair a aistríodh feidhmeanna Bhord na Leabhar Gaeilge go Foras na Gaeilge. Tógadh An Gúm isteach ag an am céanna agus fágadh muid gan bhuiséad. Le blianta, táimid ag fanacht ar fhoireann. Tá muidne inár ‘Cinderella’ san Áis!”

Bac eile ar dhaoine litríocht Ghaeilge a léamh, de réir an taighde, ná go meastar go bhfuil

caighdeán na bhfoilseachán íseal. Dearbhaíonn Tomás Mac Síomóin agus go leor eile go bhfuil “cuid den litríocht is fearr dá bhfuil á cumadh in Éirinn á cumadh ag scríbhneoirí agus filí na Gaeilge.” Ach deirtear freisin go bhfuil éagsúlacht chaighdeán ann de thoradh barraíocht ábhair fhoilsithe agus easpa eagarthóireachta.

“Rud a thug mé faoi deara tríd na blianta,” a deir Pádraic, “ná go bhfuil ardú iontach ar na foilseacháin, ach níl mórán feabhais ag teacht orthu.”

Mar a deir Tadhg Mac Dhonnagáin i mbeagán focal, “Tá sé chomh tábhachtach agus níos tábhachtaí, b’fhéidir, a bheith ag diúltú do leabhair áirithe is a bheith ag foilsíú ceann eile.”

“Tá caighdeán an-ard go roinnt de na foilsitheoirí, go háirithe ag Cló Iar-Chonachta agus ag Cois Life,” creideann

Éamonn Ó Dónaill.

“Ach i gcoitinne tá sé i bhfad ró-éasca leabhair a fhoilsiú i nGaeilge.”

“Níl daoine ag iarraidh é a rá ós ard,” maíonn an t-údar Anna Heussaff, “ach tá roinnt foilsitheoirí den mheon gur cheart ábhar a fhoilsiú agus a léamh ar son go bhfuil sé i nGaeilge. Creidim féin go ndéanann an meon sin dochar. Cuireann sé daoine ó dhoras na Gaeilge; agus tá sé an-éasca daoine a chur ó dhoras na Gaeilge!”








Tá Sarah Bannan den tuairim freisin go bhfuil formhór an mhaoinithe dírithe go stairiúil ar tháirgeacht agus go bhfuil “fócas feabhsaithe ar scríbhneoireacht agus eagarthóireacht ag foilsitheoirí ag teastáil.”

“Léim féin leabhair go minic agus is léir go bhfuil smaoineamh maith ann ach níl tús, lár nó críoch acu,” a deir Heussaff. “Tá cúiseanna dóchais agam. Tá daoine ag scríobh agus tá daoine ag léamh ach tá an t-uafás le déanamh.”

Deir Aedín Ní Bhroin, Stiúrthóir Chlár na Leabhar Gaeilge go bhfuil comhráití ar siúl leis an gComhairle Ealaíon faoi láthair maidir “le sraith cheardlann

deireadh seachtaine” a chur ar fáil ar eagarthóireacht liteartha. De réir Philip Cummings, scríbhneoir agus iar-eagarthóir litríochta Lá Nua, ba cheart don Fhoras airgead a chur ar fáil do na tithe foilsitheoireachta le heagarthóirí a cheapadh agus a íoc chomh maith.

B’é ciste iomlán Scéim na Foilsitheoireachta in 2009 ná €867,864, “pingeacha suaracha” de réir Liam Carson. “Tá níos mó airgid de dhíth orainn - agus plean straitéiseach. Agus ní tráth moille é.”



5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

An cuimhin libh ‘Y2K’?



Anois an bhfuil dóthain seoltaí IP againn?

Le Diarmaid Ó Muirgheasa

An bunús a bhí le “Y2K” (is é sin an Millenium Bug, nó pé ainm eile a bhí agat féin air) ná cinneadh a rinneadh sna 1960í dátaí a stóráil gan ach dhá fhigiúr don bhliain. Cinneadh ab ea é a bhí réasúnta a dhóthain ag an am. Ní raibh gá le “1960” nuair a dhéanadh “60” an jab ceannann céanna, go háirithe san am a raibh 50 diosca de thrastomhas 24 orlach an ceann ag teastáil le 5MB a stóráil! Cé gur réasúnta agus gur cliste an réiteach úd ó thaobh airgead a shábháil de, is cuimhin linn uilig an costas a bhain le himpleachtaí an chinnidh sin a réiteach sa deireadh!

Anois, in 2010, tá an chéad Y2K eile linn. An uair seo, áfach, ní ar mhaithe le hairgead a shábháil ar spás stórála atá sé. Is é an córas IP an bunchóras ar a bhfuil gluaiseacht eolais ar an idirlíon bunaithe. Dearadh an córas IP tamall gairid i ndiaidh do dhuine de phríomheolaithe an idirlín a rá nach mbeadh riamh níos mó ná 5 nó 6 ríomhaire ar an idirlíon.

In ainneoin thuairim seo an phríomheolaí, áfach, socraíodh ar chóras IP a dhearadh a mbeadh slí

ann do neart seoltaí IP, le neart gléasanna a cheangal leis an idirlíon. Socraíodh os cionn 4 billiún seoladh IP (le bheith cruinn, tá 232 seoladh ar fáil san iomlán, nó 4,294,967,296). Ag an am, b’ionann é sin agus seoladh ag gach duine ar an bpláinéad, a bheag nó a mhór, agus ní raibh seans dá laghad ann go mbeadh gá riamh leo siúd ar fad, an raibh? I ndiaidh cúpla triail (IPv1, IPv2 agus IPv3, is dócha) scaoileadh IPv4 saor ar an domhan in 1981.

Mar a tharla i gcónaí riamh le cúrsaí teicneolaíochta le 60 bliain anuas, áfach, níorbh fhada go ndeachaigh an fás as smacht go hiomlán.

Faoin mbliain 1985, agus IPv4 díreach ceithre bliana d’aois, bhí 40 milliún seoladh cláraithe. In 1990, bhí an figiúr sin ag tarraingt ar 300 milliún, agus daoine ag breathnú go neirbhíseach ar an tsleáil úd a bhí fós i bhfad uathu ach a bhí ag éirí níos cóngaraí.

Leanadh den fhás míchuibheasach, agus baineadh 1 billiún amach i 1995, 2 billiún faoi thús na mílaoise agus san am i láthair, tá 3 billiún sáraithe againn. Is deacair fáisnéis chruinn a fháil air, ó tharla go bhfuil sé iontach deacair a rá cé mhéad daoine a rachaidh ar líne den

chéad uair i dtréimhse ar bith, ach deir eolaithe áirithe go mbeidh deireadh leis an stoc seoltaí taobh istigh de bhliain!

Bunús na faidhbe seo uilig ná an méid millteanach gléasanna nua atá ag dul ar líne an t-am ar fad. Cé gur féidir seoladh amháin IP a shocrú do ghléasanna éagsúla sa bhaile, díreach mar a bhíonn an seoladh poist céanna ag na hárasáin go léir in aon cheap árasán amháin, tá seoladh IP ar leith ag teastáil le nasc a dhéanamh tríd an bhfón póca, agus tá os cionn dhá mhilliún iPhone agus fón Android nua á ndíol in aghaidh na seachtaine anois. Chomh maith leis sin, ar ndóigh, tá níos mó daoine i dtíortha mar an tSín agus an India ag dul ar líne an t-am ar fad, agus níos mó agus níos mó suíomh idirlín nua ann chomh maith.

Anois, díreach cosúil le Y2K, ní fadhb é seo nach féidir a sháru, agus fiú muna ndéantar rud ar bith ní stopfadh rudaí go tobann chomh luath agus a bheadh na seoltaí folmha tógtha, ach bheadh na comhlachtaí ISP, ar nós Eircom, fágtha ag iarraidh gach éinne a shásamh le lámhcleasaíocht chliste. Tá gach seans ann go dtitfeadh an rud iomlán as a chéile go han-tapa.

Díreach cúpla seachtain ó shin reáchtáil Google comhdháil leis an fhadhb seo a phlé, agus díreach mar a tharla i gcás ‘Y2K’ tá réiteach ar na bacáin agus tá gach seans ann nach dtabharfaidh daoine faoi deara fiú amháin go bhfuil rud ar bith mícheart. IPv6 atá ar an réiteach sin, agus má thugaimid neamhaird ar na gnéithe teicniúla ar fad, is í an phríomhdhifriocht ná an méid seoltaí a bheidh ar fáil. I gcás an tseanchórais bhí 232 seoladh éagsúil ar fáil, nó seoladh an duine beagnach. I gcás an chórais nua, beidh 2128 seoladh ar fáil. Is ionann é sin agus 56,713,727,820,156,410,577,229,101,238 seoladh éagsúil ... an duine. Sin figiúr i bhfoisceacht 56 billiún billiún billiún seoladh IP do gach uile fhear, bean agus páiste i ngach uile chathair, baile agus sráidbhaile ar domhan. Réiteoidh fuascailt Y2K an fhadhb go ceann 8,000 bliain nó mar sin, ach le hais IPv6 tá an chuma air nach bhfuil ann ach leathréiteach, ar a mhéid!

Ní féidir a shamhlú i gceann 8,000 bliain, nó aon am riamh, go mbeidh gá le breis agus 300 billiún billiún billiún seoladh IP. Ach gach seans go ndúradar rud éigin cosúil leis sin i 1981 chomh maith.

“Eoraip níos tarraingtí do lucht na n-ardbhuanna”: Coimisiún na hEorpa

AGUS breis agus 1000 smaoineamh nuálaíochta maoinithe ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (CET) faoi seo agus €661m breise ar fáil do thaighdeoirí atá i dtús a ngairmréime, tá Coimisiún na hEorpa ag maíomh go bhfuil an “Eoraip níos tarraingtí do lucht na n-ardbhuanna.”

I measc na smointe maoinithe, tá carr gan tiománaí ag taisteal ón Iodáil go Shang-hai chun uath-thiomáint faoi chúinsí foircneacha a thástáil, brúchtáí bolcánacha a cruthaíodh sa tsaotharlann chun idirghníomhaíocht an luaithrigh bholcánaigh leis an atmaisféar a iniúchadh, róbát ceimiceach micreascópach a thugann cógaís chuig an áit cheart laistigh de chorp an duine.

Is í an 1000ú duine ar bronnadh deontas uirthi ná an t-imdhíoneolaí, an tOllamh Erika von Mutius, atá ag taiscéaladh bealaí nua chun aghaidh a thabhairt ar phlúchadh is ar ailléirgí - iarracht a bhféadfadh sé tionchar mór a imirt ar shaol laethúil na ndaoine. Is sampla tipiciúil é sin den chur chun feidhme a tháinig ón taighde “de bharr fiosracha” a bhíonn á mhaoiniú ag an CET. Bunaíodh an CET beagán thar 3 bliana ó shin agus leagadh mar chúram uirthi an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí do lucht na srábhanna. Bronnann sí deontais ar na taighdeoirí is fearr, is cuma cén náisiúntacht, aois nó disciplín eolaíochta a bhaineann leo.

Dar leis an gCoimisinéir Geoghegan-Quinn, “Is ollmhór a bhfuil bainte amach ag an CET i mbeagán ama agus tá sárthorthaí seachadta aici don eolaíocht is don Eoraip. Níl aon dul thar infheistíocht sa taighde ceannródaíoch anois seachas riamh má táimid chun tacú leis an nuálaíocht agus le cumas iomaíochta na hEorpa i leith na coda eile den domhan.”

Ach tá tuilleadh le teacht: tá €661m breise ar fáil anois mar “Dheontais Thosaithe”. Tig le taighdeoirí atá i dtús a ngairmréime cur isteach ar dheontas chuig an CET ó 20ú Iúil amach.

Tá gairm an CET ar thograí mar chuid den infheistíocht is mó riamh ag an AE i dtaighde agus sa nuálaíocht: beagnach €6.4bn i bhfás cliste agus i bpoist.

Sa phacáiste, a fógraíodh ar 19ú Iúil, tá raon ollmhór disciplíní eolaíochta, réimsí beartais phoiblí agus earnálacha tráchtála. Bronnfar deontais trí ghairm ar thograí agus trí luachálacha le linn na 14 mhí atá romhainn agus meastar go gcruthófar breis agus 165 000 post.

Obair bhuan gann sa Ghearmáin

Tá coinníollacha oibre ag dul chun donais sa Ghearmáin agus rialtas Angela Merkel faoi léigear.

Le Diarmuid Johnson

Tá athrú mór i saol oibre na Gearmáine ó thús na géarchéime eacnamaíochta. Maíonn comhrialtas an CDU agus an FDP go bhfuil laghdú ar líon na ndaoine dífhostaithe. Ach nuair a scoir an Reichstag i gcomhair an tsamhraidh, de réir Die Stern, ní raibh ag an Seansailéir Angela Merkel ach tacaíocht 34% den phobal.

Ní ar an tsráid amháin atá bonn lag faoin gcomhrialtas. I rith na bliana, d'éirigh seisear de bhaill shinsearacha an CDU as a gcuid dualgas. Is é méara Hamburg an té is deireanaí díobh: easaontas faoin leasú ar an gcóras bunscolaíochta ba chúis le himeacht Ole Von Beust.

I dtús mhí Iúil, ceapadh Christian Wulff ina uachtarán ar Phoblacht na Gearmáine. B'eisean iarrthóir an chomhrialtais. Ach chuaigh rite dó an bua a fháil ar iarrthóir an fhreasúra, Joachim Gauck, lá an vóta sa Reichstag. B'éigean do na feisirí an tríú vóta a chaitheamh sula raibh móránh

iomlán ag lucht an rialtais.

Imeasc na gceisteanna atá ag dó na geirbe ag an tír tá ceist na gcoinníollacha oibre. Bhí sé de cháil ar an nGearmáin le fada go raibh caighdeán maireachtála an-ard ann. Faoi am seo, áfach, tá easpa postanna buana ann. Obair ar conradh agus obair pháirtaimseartha cuid den toradh atá ar an ngéarchéim. Leiharbeit a thugann na Gearmánaigh air.

Ní rud neamhghnách i dtíortha go leor feasta imeacht ó phost go chéile. Ach i gcás na Gearmáine tá dhá ní le rá. Ar an gcéad dul síos, an luach saothair a bhíonn ar obair chonartha, is ísle go mór é ná an tuarastal a théann le post buan. Ar an dara dul síos, is rídheacair anois clann a thógáil sa Ghearmáin gan an dara tuarastal. Fágann córas oideachais na tíre go gcaitheann an t-aos óg go leor ama sa bhaile, agus ós mná tí atá i sciar mór de na máithreacha, ní féidir leis an mbantracht margadh na hoibre a fhreastal.

Deir an status quo gur deis oibre a bhíonn in obair chonartha do dhaoine atá gan



chéim. De réir na bhfigiúirí, áfach, tá céim nó cáilíocht ghairmiúil ag tromlach mór na ndaoine atá gan phost buan. De réir na bhfigiúirí chomh maith, ní éiríonn ach le 15% de na daoine atá ag obair ar conradh post buan a aimsiú.

Is é an port atá ag na tion-

scloirí gur buntáiste don eacnamaíocht solúbthacht a bheith sa lucht oibre mar gheall ar an síorathrú a bhíonn ar an margadh earraí. Ar an taobh eile den scéal, deirtear nach féidir leis na daoine obair go héifeachtach ó bhliain go bliain mura bhfuil árachas sláinte acu, mura mbíonn saoire acu ó am go chéile, agus mura bhfuil pinsean á gheallúint dóibh.

Le trí bliana anuas sa Ghearmáin, b'éigean do dhaoine go leor socrú a dhéanamh lena gcuid fostaitheoirí obair in aisce lá sa tseachtain le súil go dtiocfadh feabhas ar chúrsaí. I mí Iúil in Elsass chomh maith,

ghlac fostaithe General Motors le laghdú tuarastail ar mhaithe le todhchaí an chomhlachta. Chuir an bunchomhlacht i Meiriceá in iúl dóibh in Strasbourg gurbh éigean na costaisí foirme a laghdú ar 10%.

Céard atá á thuar d'eacnamaíocht na Gearmáine go ceann bliana? Beagán feabhais agus ráta fáis idir 1% agus 2.5%, de réir na bhfoinsí eolais atá ann. Is é an borradh nua faoi mhargadh na heasportála is cúis leis sin go mór mhór. Ach ní leor é sin ann féin le teacht slán ón ngéarchéim. Fiú más 2.5% an ráta fáis a bheas ann i mbliana, beidh an ráta

táirgíochta faoi bhun an ráta a bhí ann cúig bliana ó shin. Sa deireadh thiar, caillfear postanna atá á gcoinneáil ar éigean. Is baol nach laghdú ach méadú ar líon na ndaoine dífhostaithe atá i ndán sa Ghearmáin as seo go ceann tamaill.

Ach oiread le tíortha eile, is é an laghdú caiteachais an phaidir atá ag an rialtas. Caithfidh siad na billiúin Euro a shábháil sa tréimhse atá romhainn. Ní gan láimh a chur go domhain sna pócaí a líonadh na poill mhóra a bhí i gcistí na Gréige i mbliana. Cuirfidh an CDU-FDU cáin ar lucht gnó, ach cuirfidh siad oiread eile ar theaghlaigh na tíre. Méadóidh an bhearna idir lucht rachmais agus an gnáthdhuine.

Ar shuíomh idirlín *Die Stern*, is mar seo a leanas a labhair Karl Tröger as Hanau ag trácht dó ar phribhléidí lucht bainistíochta: 'Caithfear na hathruithe a dhéanamh ón mbarr anuas agus ní ón mbun aníos leis an scéal a chur ina cheart.' Agus is éard a deir Reinhard Felten: 'Ní féidir le fear an phoist a chlann a bheathú sa lá atá inniu ann leis an tuarastal a shaothraíonn sé sa tír seo.' Arsa Ursula Jordan, Beirlín: 'Níl i gceist sa tír seo anois ach brabach agus airgead. Tá leas an duine féin caite i dtraipisí'. I láthair na huairé, más i mBeirlín é, in Hanau, nó in Frankfurt, tá an imní agus an ganntanas ann go forleathan, in ainneoin go bhfuil an ghéarchéim eacnamaíochta féin ag maolú.

Ciorruithe ar bhonn Deisceartach i ndán don Tuaisceart

le hAnton Mac Cába

TÁ ciorruithe ar bhonn Deisceartach i ndán don Tuaisceart, de réir tuarascála a rinne Oxford Economics do Chomhairle Thuaisceart Éireann um Ghníomhaíochtaí Deonacha. Taobh istigh de dhá bhliain, beidh fiacha £1.2 trilliún (€1.4 trilliún) ar rialtas na Ríochta Aontaithe. Mar sin, tá 250,000 post san earnáil phoiblí le himeacht; cruthaíodh 1.4 milliún le 10 mbliana anuas. Beidh na ciorruithe seo crua ag an Tuaisceart.

Tá 31% ó thuaidh fostaithe san earnáil phoiblí, i gcomparáid le 25.9% sa Ríocht Aontaithe i gcoitinne. Is ionann an caiteachas poiblí agus 70% den Oll-Luach Suimithe, i gcomparáid le 43% i gcás na Ríochta Aontaithe i gcoitinne. Faigheann an Tuaisceart fóirdheontas suntasach ó státchiste na Breataine.

Ní fios go díreach an difear idir an caiteachtas poiblí ó thuaidh agus na cánacha a bhailítear ann; is é an meast-

achán is lú ná £7 mbilliún (€8.37 billiún), agus Oxford Economics den bharúil gur £9 mbilliún (€10.77 billiún) atá i gceist. Agus na Trioblóidí thart, ní cás speisialta an Tuaisceart níos mó: "Tá sé beagnach cinnte go dtabharfar cluas bhodhar d'argóint ar bith go bhfuil díolúine speisialta ó chiorruithe de dhíth ar an réigiún, nó go bhfuil cúinsí sainiúla faoi leith ann a fhágann go bhfuil tacaíocht mharthanach riachtanach."

Mar sin, tá ciorruithe £1.2 billiún (€1.4 billiún) i ndán taobh istigh de chúig bliana. Cuireann na scríobhneoirí cuid den locht ar an bhFeidhmeannas, as bheith flaithiúil leis an phobal: gan cáin uisce a chur i bhfeidhm, agus mar gur thug sé oidis saor in aisce, agus taisteal saor in aisce do dhaoine thar 60.

Níor cheart go mbeadh 'ba naofa' ar bith ann maidir le ciorruithe. Dar le húdair na tuarascála go bhfuil sé riachtanach cuid den ualach bhei-

th ar an Roinn Sláinte agus ar an Roinn Oideachais. Dá mbeadh ciorruithe ar gach roinn, dhéanfaí ciorrú 8.4% ar gach roinn thar chúig bliana. Dá mbeadh an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteachta slán ó chiorruithe, bheadh sé riachtanach ciorrú 15% a dhéanamh ar gach roinn eile.

Dá mbeadh an Roinn Oideachais díolmhaithe chomh maith, 22% a bheadh i gceist le gach roinn eile.

Bheadh impleachtaí polaitiúla le ciorruithe móra ar chaiteachas reatha. Bheadh cuid mhór daoine dá ndéanamh iomarcach.

Meastar go mbuailfear an buiséad caipitil go trom, le ciorrú 22% thar thréimhse cúig bliana. Tá impleachtaí aige sin don earnáil phríobháideach.

Tá an-imní ar an earnáil dheonach agus phobail. Faigheann sin 45% dá hioncam ón rialtas. Is minic a shábhálann sé airgead don rialtas, trí na seirbhísí a chuirtear ar fáil.



Comharchumann Shailearna Teoranta

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Tel: 091 593017 Fax: 091 593715 Ríomhphost: cst@eircom.net

Tairiscintí á lorg

Comharchumann pobal-bhunaithe é Comharchumann Shailearna Teo. a bhfuil sé mar aidhm aige tionscnaimh forbartha a chur chun cinn agus seirbhísí a sholáthar chun leasa an phobail ina cheantar feidhme. Tá céimeanna tógtha ag an gComharchumann tionscadal fuinnimh in-athnuaite (feirm mhuilte gaoithe) a fhorbairt faoina scáth. Áirítear anseo úinéireacht a bheith faighte ag C.S.T. ar GATE 3 (le hacmhainneacht 24 Meigeavata) le feirm mhuilte gaoithe a cheangal leis an ngréasán leictreachais náisiúnta.

Tá tairiscintí á lorg anois ag C.S.T. ó chomhairleoirí gnó nó/agus airgeadais a bhfuil cuntas teiste acu ag déileáil le ceisteanna maoinithe, páirtnéireachta agus infheistíochta do thionscadail in-athnuaite fuinnimh gaoithe. Beidh sé d'fhreagracht ar an gcuideachta a roghnófar moltaí a chur faoi bhráid C.S.T. faoin rogha bealach le spriocanna an Chomharchumainn don tionscadal a bhaint amach. Tá eolas cuimsitheach faoin dtionscnamh ar fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag:

Comharchumann Shailearna Teo.
Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil. 091 593017, R-phost: cst@eircom.net

Ní mór do thairiscintí (cóipeanna crua amháin) a bheith faighte ag Oifig an Chomharchumainn ó chomhairleoirí ionchasacha roimh 5pm Dé hAoine 13 Lúnasa.
Is fostóir comhionannais deiseanna é Comharchumann Shailearna Teo.

6 COMHSHAOL

Tuairisc ón UN: cearta bia

Le Pól Mac Cana

SÍLEANN a lán daoine gurb ionann na modhanna a úsáidtear ar an fheirm thionsclaíoch san Iarthar agus na modhanna a bheidh mar shlándáil na hAfraice ar easpa bia. De ghnáth is é atá i gceist leis an réiteach slándála seo ná síolta ‘feabhsaithe’ agus barra atá spleách ar lotnaidicídí (pesticides) agus ar leasachán ceimiceach. Cuirtear barra géinathraithe (GM crops) ina measc siúd go minic chomh maith.

Ach, de réir thuairisce ón chomhairleoir neamhspleách de chuid na Náisiún Aontaithe, Olivier De Schutter, nuair a chuireann lucht déanta na gcinntí a gcuid straitéisí chun cinn i dtaca le saincheisteanna bia sa tríú domhan, déanann siad neamhaird de na modhanna agra-éiceolaíochta nach mbíonn ag brath an oiread sin ar cheimiceáin. Is modhanna iad a oireann níos fearr don fheirmeoir bheag, a deir De Schutter. Ach seachas iad a chur chun tosaigh, táthar ag díriú barraíocht, ina thuairimse, ar na hinfeistíochtaí ollmhóra le talmhaíocht thionsclaíoch a fhorbairt, nach n-oireann don scológ.

Ní féidir an tsamhail talmhaíoch atá ag an ghnáthfheirmeoir Eorpach (más ann dó) a aistriú anonn go furasta chuig an ghnáthscológ Afracach. Níl na hacmhainní sochaí nó airgeadais céanna acu. An bhfuil sé réadúil na forbairtí talmhaíochta a d’aimsigh an Eoraip agus Meiriceá dóibh féin a aistriú anonn go dtí an Afraic?

Ní féidir go furasta, i dtuairim Olivier De Schutter. Agus de réir chomhairleoirí eile, tá seans ann go bhfuil na straitéisí atá i bhfeidhm ag cur na hAfraice i mbaol leis an scrios atá á dhéanamh ar shaibhreas na hithreach.



Scriostar éiceachórais na hithreach le ceimiceáin fheirmeoireachta, agus cruthaítear comhshaol saorga nach féidir leis é féin a chothú gan a bheith ag santú tuilleadh ceimiceán. Cruthaítear, mar sin, eamail talmhaíochta a bhraitheann ar thionsclaíocht cheimiceán an Iarthair agus ar an saormhargadh atá faoi smacht an Iarthair.

Molann De Schutter agus comhairleoirí eile an fheirmeoireacht agra-éiceolaíochta a chur chun tosaigh. Ach cad é atá inti siúd, agus cad iad na buntáistí a bhaineann léi? Is réimse modhanna atá i gceist leis seo a dhíríonn ar bhealaí leis an ionchur seachtrach is lú sa talmhaíocht a aimsiú. Aimsíonn sé bealaí le lotnaidí agus galair a smachtú trí chreachadóirí nádúrtha a mhealladh; meascann sé barra agus beithigh éagsúla in aon chóras amháin, rud a chothaíonn córas níos nádúrtha agus níos seasmhaí ann féin i dtaca le

hionchur ceimiceán, leis an aeráid, le galair srl. Mar shampla simplí, tá grúpa beag feirmeoirí sa Mhaláiv (Malawi) a ghlac an cineál seo talmhaíochta chucu féin, agus baineann siadsan úsáid as barra a fhasaíonn nítrigin (nitrogen-fix-

Molann De Schutter agus comhairleoirí eile an fheirmeoireacht agra-éiceolaíochta a chur chun tosaigh. Ach cad é atá inti siúd, agus cad iad na buntáistí a bhaineann léi? Is réimse modhanna atá i gceist leis seo a dhíríonn ar bhealaí leis an ionchur seachtrach is lú sa talmhaíocht a aimsiú.

ing crops) mar chuid den chóras talmhaíoch acu – leithéidí soighe (soya) agus piseanna talún. Úsáidtear iad siúd in áit na gceimiceán. Is é an córas céanna é seo agus an uainíocht a d’úsáidtear go minic fadó. Cé go bhfuil sé simplí mar chóras agus nach mbraitheann sé ar ardteicneolaíocht, tá sé éifeachtach. Agus cealaíonn sé an gá atá le leasachán ceimiceach a cheannach. Tá gné eile atá níos bunúsai arís a bhaineann leis an chóras agra-éiceolaíochta. Tá éagsúlacht ann. Má theipeann ar bharr amháin, tá barra eile go fóill ann.

Úsáidtear na barra is fóirsteanaí don éiceachóras chomh maith – go minic na barra dúchasacha a d’imigh le teacht isteach mhodhanna talmhaíochta an Iarthair. Faoi láthair tá cuid mhaith daoine san Afraic ag brath go trom ar an ábhar Indiach amháin nó ar bharr margaidh (cash crop) ar leith, agus iad spleách ar leasachán ceimiceach.

Má theipeann ar an ábhar amháin seo – nó mura bhfuil sé d’acmhainn ag an fheirmeoir na ceimiceáin a cheannach – tá sé i bponc. Ach an scológ a chleachtann agra-éiceolaíocht, is mó seans go seachnóidh sí an chruatan má theipeann ar ábhar amháin, agus is lú gá a bhíonn ann le hairgead a aimsiú ar mhaithe le ceimiceáin a cheannach.

Ná dearmadaimis ach oiread cad is ceimiceáin thionsclaíocha ann a úsáidtear san fheirmeoireacht. Is ola iad – amhola ón talamh. Mar sin, tá tionchar nach beag ag praghas an ola sa mhargadh dhomhanda ar theacht i dtír na scolóige a bhraitheann ar leasachán ceimiceach lena clann a chothú. Is beag an sólás é sin sna saolta seo leis an chruatan agus leis an ghorta a choinneáil ón Afraic nuair is doiligh do na geilleagair fhorbartha déileáil le praghsanna sa mhargadh seo. Is léir, mar a mhaíonn Olivier De Schutter, go bhfuil géarghá le straitéis níos fóirsteanaí le todhchaí na mbocht a dhéanamh níos seasmhaí agus níos neamhspleáiche. Tá gá le straitéisí nach gceanglaíonn na daoine is boichte go docht le cinntí móra domhanda nach bhfuil ionchur acu féin iontu. An amhlaidh go bhfuil córas laissez-faire eile á chur i bhfeidhm i dtírí domhan an lae inniu amhail an chóras a raibh tionchar aige ar scológa na hÉireann sa naoú haois déag; ach amháin go bhfuil an córas nua seo faoi snas ‘ardteicneolaíochta’ an aonú haois is fiche? Más snas amháin atá i gceist, gheobhaimid amach roimh i bhfad cén caighdeán atá san adhmaid atá thíos faoi: crann an ghorta faoin nuachóilíneachas.

Tuilleadh eolais: UN: Special Rapporteur on the right to food - <http://www2.ohchr.org/english/issues/food/index.htm>

An cheathrú feirm gaoithe is mó sa tír le tógáil?

le hAnton Mac Cába

TÁ iarratas pleanála curtha isteach chuig Comhairle Contae Dhún na nGall leis an ceathrú feirm gaoithe is mó sa tír a thógáil. Tá sin beartaithe don Srath Buí agus do chúig bhaile fearainn eile, trí mhíle soir ó thuaidh ó na Gleanntaí, ar imeall na Gaeltachta. Tá 38 tuirbín le bheith sa bhfeirm. Beidh siad 99 méadar in airde san iomlán. Is é Straboy Wind Energy, a bhfuil seoladh i mBaile Átha Cliath aige, atá ag cur isteach ar an chead pleanála. Is iad stiúrthóirí na comh-

lachta ná John Ward agus Liam Shanahan go bhfuil seoltaí i mBaile Átha Cliath acu, agus Sean Doyle, go bhfuil seoladh i Lann Léire, Co Lú aige.

Tá an tríúr ina stiúrthóirí ar roinnt comhlachtaí eile a bhaineann le fuinnimh gaoithe. Tá Doyle ina stiúrthóir ar roinnt chomhlachtaí dramhaíola chomh maith.

Is iad scairshealbhóirí na comhlachta ná Ward; Conal Shovlin, gníomhaí pobail as Ard na Rátha atá ina stiúrthóir ar ceithre comhlacht eile a bhaineann le fuinneamh gaoithe;

agus Renewco Energy, comhlacht fuinnimh go bhfuil seoladh i mBaile Átha Cliath.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall le cinneadh a dhéanamh ar an iarratas faoin 5 Meán Fómhair. Anuraidh, dhiúltaigh An Bord Pleanála do feirm gaoithe eile ag bailte fearainn An Charcair Mhór agus Mín an Draighin, thart ar 10 míle ó dheas ón Srath Buí. Is i nDún na nGall atá an líon feirm gaoithe is mó sa tír, 28 acu ann. Tá Grúpa Caomhnuithe Gaoth Beara ag iarraidh ar dhaoine cur in éadan iarratais pleanála an tSrath Buí.



Príomhfheidhmeannach nua do BP

Le Treasa Bhreathnach

TÁ Príomhfheidhmeannach BP, Tony Hayward, chun éirí as a phost ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair agus tá Bob Dudley chun teacht i gcomharbacht air. Is é Bob Dudley atá ag déanamh maoirseachta ar ghlanadh an doirtheadh ola is measa riamh i Meiriceá agus beidh sé ar an gcéad Phríomhfheidhmeannach ar an gcomhlacht riamh nach Sasanach é. Cáineadh Tony Hayward mar gheall ar an gcaoi ar dhéileáil sé leis an doirtheadh ola a tharla mar gheall ar phléasc inar maraíodh 11 duine. Dúirt sé go gairid i ndiaidh don eachtra titim amach nach raibh uaidh ach bonn ceart a chur faoina shaol arís agus chuaigh sé ag seoltóireacht ar bhonn pléiseartha a fhad agus a bhí iarrachtaí fós ag dul ar aghaidh srian a chur ar an doirtheadh. Tá Tony chun íocaíocht de £1 milliún á



fháil agus é ag fágáil an chomhlachta agus meastar go mbeidh pinsean de luach £10 milliún á íoc ag BP leis chomh maith. D'fhógair BP an caill-teanas is measa acu riamh an tseachtain seo. Tá €24.8 billiún caite acu ar an nglanadh go dtí seo agus d'fhógair siad an tseachtain seo go bhfuil sé i gceist acu €23 billiún dá sócmhainní a dhíol taobh istigh de 18 mí. Rinne Greenpeace iarracht a míshástacht le BP a léiriú an tseachtain seo chomh maith trí suas le 50 stáisiún peitрил i Londain a dhúnadh ar an Mháirt. Thug na hagóideoirí cuairt ar gach ceann de na stáisiúin seo agus ar an mbealach amach astu ghearr siad an chumhacht sna stáisiúin. Ní fios cé mhéad de na stáisiúin pheitрил seo ar le BP iad ach deir na hagóideoirí nach raibh sé i gceist acu díriú go sonrach ar stáisiúin pheitрил a dhíolann táirgí BP.



Loisceoir an Phoill Bhig

Le Treasa Bhreathnach

TÁ sé i gceist ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath píosa talún a aimsiú iad féin le gur féidir tús a chur le hobair ar an gcóras aeraithe don loisceoir an Phoill Bhig láithreach. Níl an comhlacht Meiriceánach, Covanta, chun leanúint ar aghaidh leis an obair ar an togra, ar fiú €350 milliún é, go dtí go mbeidh siad tosaithe ar chóras aeraithe a thógáil. Níor cheadaigh an Roinn Comhshaoil an ceadúnas don obair seo go fóill. Is in 2008 a rinneadh an t-iarratas don cheadúnas. Tá an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, John Gormley, i gcoinne tógáil an loisceora atá beartaithe agus a bheadh lonnaithe ina dháilcheantar féin. Tuairiscíodh sa Sunday Business Post an tseachtain seo caite go bhfuil an comhlacht Covanta tar éis scríobh chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag cuardach ordú ceannaigh éigeantach don talamh, rud a chiallódh go mbeidís in ann tús a chur le hobair ar an

gcóras aeraithe gan fanacht le cead ón Aire. Tá súil ag an gcomhlacht go mbeidh an loisceoir ag oibriú faoi 2013 agus tá siad fós ag cloí leis an spriocam sin. Tá comhaontú i bhfeidhm idir an ceithre údarás áitiúil agus Covanta go mbeidh orthu íoc as 320,000 tonna dramhaíola ar a laghad fiú mura mbíonn an oiread sin dramhaíola acu le déileáil leis. Síleann an tAire Gormley go mbeidh an loisceoir rómhór, go mbeidh sé mar leithscéal ag daoine gan athchúrsáil a dhéanamh agus go gciallaíonn sé go mbeidh dramhaíl á hiompar trasna na cathrach. Ar an taobh eile den argóint deirtear go mbeidh dramhaíl ón taobh amuigh den chathair á tabhairt chuig an loisceoir agus go bhfuil dramhaíl á hiompar thart timpeall na cathrach cheana féin. Deir Covanta gurb iad an comhlacht oibriúcháin loisceoirí is mó ar domhan iad ach nár tháinig siad ar a leithéid de choinníollacha riamh cheana agus atá feicthe acu in Éirinn.

Féileacáin faoi bhrú

Le Treasa Bhreathnach

TÁ rabhadh tugtha ag caomhnóirí go bhfuil deireadh i ndán do roinnt speiceas den fhéileacán. Meastar go bhfuil seachtar as deichniúr cineálacha féileacán i mbaol sa Bhreatain agus go bhfuil an seans ann go rachaidh timpeall leath acu in éag ar fad. Meastar go raibh tionchar nach mór ag an méid báistí a cuireadh sa samhradh le roinnt blianta anuas ar an scéal. Tá an

eagraíocht 'Butterfly Conservation' sa Bhreatain i mbun suirbhé náisiúnta mar iarracht chun a fháil amach cé mhéad speiceas den fhéileacán atá fágtha. Deir cathaoirleach na heagraíochta, Ian Rippey, gur comhartha iad na féileacáin go bhfuil gach rud togha sa nádúr agus má tá siadsan ag dul i léig tá gach seans ann go bhfuil speicis eile ar tí dul an bealach céanna. Táthar ag iarraidh go gcuirfidh an pobal ceathrú uaire ar leataobh

chun cabhrú leo an suirbhé a dhéanamh agus nótaí a bhreacadh de na féileacáin ar fad a fheiceann siad chomh maith le leamhain (moths) le linn na ama sin. Tá suíomh idirlín nua ar an bhfód inar féidir libh na féileacáin a aithint agus comhad a choinneáil díobh agus mar sin páirt a ghlacadh sa suirbhé. Tá tús curtha leis an suirbhé cheana féin agus beidh deis agaibh páirt a ghlacadh ann suas go dtí an 1ú Lúnasa. www.big-butterflycount.org

Sroicheann an Plastiki Cé Sydney

Le Treasa Bhreathnach


TÁ bád déanta as na mílte buidéal plaisteach tar éis Cé Sydney a shroichint go sábháilte tar éis di an tAigéan Ciúin a thrasnú. Mhair an turas seo, ó San Francisco, ceithre mhí agus sheol an Plastiki agus an criú de sheisear 8,000 míle farraige. Is ag an gcomhshaolaí, David de Rothschild, de cháil mhuintir an bhainc i Sasana, a bhí an smaoineamh an chéad lá riamh tar éis dó tuarascáil na Náisiún Aontaithe a léamh ina ndúradh go raibh truailliú ag déanamh damáiste do na farraigí.

Shocraigh David ar a chruthú gurbh fhéidir linn dramhaíl athúsáid ar bhealach praiticiúil. Bhí sé d'aidhm aige spotsolas a chur ar fhadhbanna athchúrsála an domhain agus chun an tábhacht a bhaineann le hathúsáid dramhaíola a thaispeáint. Thóg sé catamarán an Plastiki as 12,500 buidéal plaisteach. Ceanglaíodh na buidéil leis na pontúin agus iad greamaithe le chéile le gliú déanta as cána siúcra agus crotal crann caisiú. Is as plaisteach athchúrsáilte atá na seolta déanta chomh maith. Bhí an criú ag brath ar chumhacht athchúrsáilte

chomh maith le linn an turais, idir grianphainéal, tuirbín gaoithe agus liáin agus gineadóirí á gcumhachtú ag rothar. Ainmníodh an Plastiki as an Kon-Tiki a sheol Thor Heyerdahl i 1947 trasna an Aigéin Chiúin ar rafta crotal balsa. Sheol an Plastiki agus an criú tríd an Aigéan Ciúin Thiar agus deir an tUasal de Rothschild go raibh firinne thuarascáil na Náisiún Aontaithe le feiceáil ar na farraigí a sheol siadsan agus go raibh siad lofa le truailliú. Beidh an Plastiki á thaispeáint i Músaem Muirí Sydney ar feadh míosa.

ESB ecars

Ag stiúrú an lucht




Ag stiúrú an lucht

www.esb.ie/ecars

7 BEATHA

Alex Kennedy: Ealaíontóir Nua na hEorpa



Le Scott De Buitléir

Níl mórán daoine cinnte cén treo a bhfuil siad ag dul ina saol. Más duine óg atá i gceist, is lú an seans arís; caitear an-chuid ama ag pleidhíocht thart sa choláiste nó le post páirtaimseartha, ag tuilleamh airgid le haghaidh oícheanta amuigh le cairde.

Bíodh sé sin mar atá, cé nach bhfuil Alex Kennedy ach trí bliana is fiche d'aois, is deas a fheiceáil go bhfuil sé níos cinntí dá threo ná roinnt mhaith de na daoine atá ar comhaois leis.

Agus a thréimhse sa choláiste caite aige cheana féin, tá Alex ag díriú ar phaisean mór ina shaol - an ealaín. Cé go bhfuil sé fós an-óg, tá ealaín de chuid Alex Kennedy le feiceáil i mBaile Átha Cliath faoi láthair, agus beidh sé ar an Mór-Roinn go luath le taispeántais i Maidrid agus Barcelona na Spáinne níos déanaí i mbliana. Is adhúil d'aon ealaíontóir an seans a fháil a chuid oibre a thaispeáint in aon dánlann, ach is dochreidte an t-ádh go mbeadh sé ar fáil i dtrí mhórchathair san Eoraip in aon bhliain amháin.

"Bhí spéis agam san ealaín i gcónaí," arsa Alex, a bhfuil a sheanmháthair, Anne Kennedy, ina múinteoir ealaíne, dearthóir gúnaí agus maisitheoir. "Mar gheall ar mo mhamó, bhí an ealaín i gcónaí timpeall an tí agus mar ábhar cainte i mo shaol."



Rinne Alex staidéar ar an ealaín agus é ar scoil, agus cé gurbh dhifriúil agus 'níos praiticiúla' a chúrsa ollscoile, níor chuir sé sin srian ar a chuid suime san ealaín. "Bhí cúpla múinteoir ealaíne agam agus mé ar scoil," a mhínigh Alex, "a thug inspioráid dom feabhas a chur ar mo cheird, don Ardteist go háirithe, ach spreag siad mé chun mo stíl féin a aimsiú."

É sin ráite aige, tá stíl éagsúil ag an gCinnéideach. Ag tógáil inspioráide ó leithéidí Salvador Dalí, Johannes Vermeer agus M.C. Escher, baineann sé úsáid as pinn luaidhe, gualach agus foirmeacha níos neamhchoitianta ar nós na céarach chun a chuid ealaíne a chur le chéile.

Is ealaíontóir den chéad aois is

fiche é, áfach, mar aimsíodh a chuid tallainne trí Facebook, suíomh mór an líonraithe shóisialta. "Bhíos gan phost tamaillín ó shin."

Toisc go raibh an t-am saor agam, phioc mé suas scuab phéinte agus thosaigh mé ag déanamh ealaíne nuair nach raibh faic déanta agam le haghaidh ceithre bliana.

Ansin, i ndiaidh dom cúpla píosa a fhoilsiú ar mo phróifíl Facebook, mhol cara liom iad a chur ar taispeáint i ndánlann de chuid cara leisean."

Cé nach bhfuil mórán ama caite ag Alex mar ealaíontóir 'proifisiúnta', tá luach a chuid ealaíne ag dul i méid cheana féin. "Cuireadh luach de €200 ar phíosa de spideog a rinne mé go

tapa taobh istigh de chúig nóiméad déag.

Níor cheapas riamh go raibh sé chomh maith sin, ach bhí tuilleadh iontais orm nuair a ceannaíodh ceann de mo phíosáí." Thairis sin, tá cúpla coimeádaí dánlainne ag coimeád súile ar Alex, agus tugadh cuireadh dó a chuid ealaíne a thaispeáint i Maidrid agus Barcelona na Spáinne in Galería Marlborough.

Níos giorra dá thinteán féin, tá cúpla ceann dá phíosáí le feiceáil i nDánlann Keeling ar Shráid Clarendon i mBaile Átha Cliath, agus ba cheart go mbeidís le feiceáil ó mhí na Samhna ar aghaidh i LemonJelly, caife breá bríomhar ar Shiúlán na Mílaoise sa Cheathrú Iodálach sa phríomhchathair.

Ní hiad na taispeántais an t-aon tionscadal atá á dhéanamh aige. Is amhránaí snagcheoil í Rachel Kelly, Éireannach atá ina cónaí agus ag obair i Londain Shasana faoi láthair. "Is amhránaí den chéadscóth í," arsa Kennedy, "beidh sí ag seoladh albaim go luath, agus d'iarr sí orm ealaín an albaim a dhéanamh di. Táim ar bís agus ag tnúth go mór leis."

Is féidir leathanach Alex Kennedy a aimsiú ar Facebook ach a ainm a chlóschríobh sa bhosca cuardaigh. Muna bhfuil tú chomh heolach sin ar an idirlíon, is féidir cuairt a thabhairt ar Dhánlann Keeling ar Shráid Clarendon nó ar Caife LemonJelly na Ceathrú Iodálaí, Baile Átha Cliath.

EcoGalway.com

Tá sí go hiomlán nádúrtha...
Lámhdhéanta ar an gcaighdeán is airde

Táirgí Aloe Vera

Handmade and 100% natural



NUACHT Litríochta



Scéalta Ban ó Thuaisceart na hÉireann


BEIDH leabhar úr le Silvia Calamati, aistrithe ag Seán Mac Aindrea, á sheoladh amárach ag a haon a chlog tráthnóna. Scéalta Ban ó Thuaisceart na hÉireann is ainm don leabhar úr agus tá Club Leabhar Choiscéim Feirste ag cur fáilte roimh chách chuig an seoladh. Cnuasach aon agallamh is fiche atá sa leabhar seo le mná a insíonn scéal a n-eispéireas le linn na coimhlinte i dThuaisceart na hÉireann. Chuir an t-údar agallamh ar mhná i nDoire, i bPort an Dúnáin, i nDeisceart Ard Mhacha agus i mBéal Feirste.

Léirmheasanna

Le Ciarán Dunbar

Aesóp i gConamara

Curtha in eagar ag Nollaig Mac Congáil, Arlen House, €20



CÉ nach féidir a bheith iomlán cinnte faoi shonraí saoil Aesóip, is féidir linn a rá gurbh Ghréagach é a mhair tuairim agus 2,500 bliana ó shin go bhfuil clú air mar gheall ar na finscéalta a luaitear leis.

Tá fabhalscéalta Aesóip ar na bailiúcháin bhéaloidis is tábhachtaí sa saol agus is iontach an rud é iad a bheith ar fáil arís as Gaeilge. Ní hé go raibh seanchas Aesóip beo i mbéal na ndaoine i gConamara, áfach. Aistriúcháin atá sna scéalta, ach is aistriúcháin iad ó bhéal sheanchaí mór Gaeilge, Pádraic Mac Con Iomaire as Carna. Aistriúcháin den scoth atá ann iontu, mar sin, ach ní aistriúcháin lom díreach atá i gceist óir rinneadh na scéalta a Ghaelú go dtí pointe áirithe.

Leabhar galánta is ea é seo, lán scéalta galánta atá lán saíochta is saoihiúlachta agus tá breis agus 100 acu ann.

Bheadh an leabhar seo fóirsteanach do Ghaeil de gach aois is cineál.

Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO

Ainmníodh Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO Dé Luain. Níl ach trí chathair eile ar domhan leis an stádas litríochta seo, is iad sin Melbourne, Dún Éideann agus Iowa. Cén tábhacht a bhaineann leis an ainmniúchán seo don phríomhchathair agus don chuid eile dár dtír? Fiafraíonn **MEADHBH NÍ EADHRA** an cheist seo de chúig mhórscribhneoir - Eilís Ní Dhuibhne, Liam Mac Cóil, Ré Ó Laighléis, Aifric Mac Aodha agus Gabriel Rosenstock.

Vox Pops

● Eilís Ní Dhuibhne

“Is iontach an onóir é seo do Bhaile Átha Cliath. Tugann sé aitheantas don dlúth-ghaol atá ag an gcathair leis an litríocht, go stairiúil agus sa lá atá inniu ann. Tá a fhios againn féin gur cathair liteartha atá againn, cathair inar rugadh nó inar chónaigh na céadta mórúdar agus mionúdar, leis na cianta, idir scríbhneoirí na Gaeilge agus scríbhneoirí Béarla; cathair lán de léitheoirí, agus ina bhfuil meas agus eolas ag an ngnáthdhuine ar an litríocht. Cathair ina gcruthaíonn an gnáthdhuine an litríocht, mar sílim nach bhfuil aicme liteartha faoi leith againn i mBaile Átha Cliath, ach go bhfuil daonlathas ag baint leis an léamh agus an scríbhneoireacht agus an díospóireacht. Sin an neart is mó atá againn. Braitheann sé orainn féin conas a bhainfear úsáid as an teideal amach anseo, ach an tseachtain seo, is cúis ceiliúrtha é thar aon ní eile.”



● Liam Mac Cóil

“Bíodh is go bhfáiltím roimh aon aitheantas a thugtar don litríocht agus go bhfuilim sásta faoi aon rud a rachadh chun sochair chultúr na cathrach inar rugadh mé (sa Rotunda), táim amhrasach faoin mbéim mhór atá á leagan ag Dublin City of Literature ar theanga agus ar litríocht an Bhéarla. I gcomparáid leis sin is stádas beag go maith atá siad a thabhairt do theanga agus do litríocht na Gaeilge. Feictear dom go bhfuil litríocht na Gaeilge fágtha in áit Dhroichead na Leithphingine - níl mórán tráchta uirthi. Is aisteach liom go mbeadh UNESCO ag tabhairt tacaíochta d’fheachthas arb í an phríomhaidhm atá leis go dtí seo litríocht an Bhéarla a chur chun cinn, ag cur san áireamh gur aidhm shonrach ag UNESCO tacaíocht a thabhairt do theangacha atá i mbaol.



Má tá an dá theanga ar comhstádas ó thaobh dlí de - agus ceann amháin acu i mbaol - ba cheart go mbeadh Dublin City of Literature ag plé ar bhonn iomlán cothrom le litríocht na Gaeilge. Ní ceart go mbeadh sé ag brath ar Fhoras na Gaeilge nó ar na scríbhneoirí aonair iad féin a chur chun cinn. Ba cheart go ndéanfaí sin mar chuid lárnach den fheachtas oifigiúil. Ní stádas ‘also featured’ ná ‘also ran’ atá ag teastáil ó scríbhneoirí na Gaeilge ach muid a bheith ar comhcheim agus ar comhstádas iomlán lenár gcairde agus lenár gcomhleacaithe Béarla. Go pearsanta, mar scríbhneoir, ní miste liom a bhfuil ar siúl; mar a dúirt Seán Ó Faoláin - scríbhneoir as cathair mhór litríochta eile - ní mór don scríbhneoir a champa a shuí lasmuigh de na ballaí. Sin í an áit a bhfuil mise le tamall de bhlianta anois, agus b’fhéidir gurb in mar is fearr liom - agus mar is fearr dom: lasmuigh de na ballaí.”

● Ré Ó Laighléis

“Mar Bhleá Cliathach, a scríobhann in dhá theanga oifigiúla na tíre seo, áirím an cinneadh seo a bheith fiorthábhachtach. Cé gurb é Baile Átha Cliath féin atá ainmnithe ag UNESCO, fáiltím ach go háirithe roimh dhá ghné den eisiúchán atá déanta ina thaobh seo: ar an gcéad dul síos, gur aitheantas é d’iarracht na litríochta sa tír ina hiomlán, agus sa dara háit, gur aitheantas ionannach ionadaíoch é do thábhacht litríocht na tíre mar chorpas cuimsitheach, idir Ghaeilge agus Bhéarla.”



● Aifric Mac Aodha

“D’fhéadfadh go mbeadh an-tionchar ag Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO ar an nGaeilge. Beidh imeachtaí móra á n-eagrú agus na sluaite turasóirí cultúrtha ag triall ar an tír. An-deis is ea í seo le próifil



litríochta na Gaeilge a ardú. Ba bhréa liom féin dá gcuirfimis trí ní romhainn i mbliana: comhdháil léirmheasanna (in áit páipéar) a reáchtáil, printiseachtaí a chur ar fáil d’ábhar eagarthóirí liteartha agus togra nua dar teideal ‘Línte Luais’ a chur i gcrích. I gcás ‘Línte Luais’, bheadh dánta Gaeilge le feiceáil ar an Luas féin agus ar fhallaí na stáisiún, ar nós ‘Poems on the Underground’ i gcathair Londan. Ní lipéad amú a bheadh ann ach na trí ní sin a bheith curtha i bhfeidhm.”

● Gabriel Rosenstock

“An mbeidh tionchar ag Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO ar an nGaeilge? Braitheann sé sin ar mhuintir na Gaeilge féin, san ardchathair agus ar fud na tíre. Baineann Baile Átha Cliath, mar phríomhchathair, linn go léir. An spéis le muintir na Gaeilge an litríocht? An gceannaíonn siad leabhair? An ordaíonn siad leabhair Ghaeilge óna leabharlanna áitiúla? An dtacaíonn siad le féilte litríochta ar nós IMRAM? Níl an lipéad seo is déanaí chun aon ní a athrú, dar liomsa. D’fhéadfadh sé, ar ndóigh, d’fhéadfadh cinnte, dá gcuirfí pleananna straitéiseacha i bhfeidhm agus dá gcuirfí na hacmhainní cuí ar fáil chun na pleananna sin a chur i gcrích go héifeachtach. Níl a fhios ag muintir Bhaile Átha Cliath ná muintir na hÉireann trí chéile cad atá á fhoilsiú i nGaeilge. Easpa poiblíochta is cúis leis sin. Caithfidh seastáin leabhar Gaeilge a bheith ag mórfhéilte na tíre agus ag féilte leabhar thar lear. Caithfear spás fuinneoige sna siopaí leabhar a cheanach. An bhfuil lipéad UNESCO chun tuilleadh clubanna leabhar Gaeilge a chruthú? An bhfuil sé chun tuilleadh léirmheasanna ar leabhair Ghaeilge a chruthú? An bhfuil sé chun próifil litríochta na Gaeilge a ardú ag baile agus i gcéin? An bhfuil sé chun díola-maí de shean- is de nualitríocht na Gaeilge a chur ar fáil i dteangacha eile? An bhfuil sé chun breis drámaí Gaeilge a chur á léiriú, drámaí stáitse, drámaí teilifíse, drámaí raidió? Ná bímis ag brath ar UNESCO ná ar éinne eile chun ár gcuid fadhbanna a réiteach dúinn. Fúinn féin atá sé dul i mbun gnímh. Anois.”



TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Measúnú á dhéanamh ar RTÉ agus TG4



Le Treasa Bhreathnach

IS é Colm McCarthy atá mar chathaoirleach ar ghrúpa atá faoi chúram na Roinne Airgeadais chun ciorruithe a dhéanamh ar na costais a bhaineann le socmhainní an Stáit, RTÉ agus TG4 ina measc. Ba é Colm McCarthy a bhí mar údar ar thuarascáil 'Bord Snip Nua' anuraidh agus tá sé de dhualgas air anois tuarascáil eatramhach a chur faoi bhráid an Rialtais roimh dheireadh na bliana maidir lena athbhreithniú ar shócmhainní an Stáit. Mar chuid den phróiseas seo tá sé ráite ag an Roinn Airgeadais go bhfuil siad ag cuardach aighneachtaí ón bpobal agus ó dhaoine a bhfuil leas acu sna cúrsaí seo.

D'fhógair an tAire Airgeadais, Brian Lenihan, go bhfuil an Rialtas chun breathnú ar an bhféidearthacht sócmhainní Stáit a dhíol chun na fiacha náisiúnta de €84 billiún a ghlanadh. Mar chuid de na dualgais atá ar an ngrúpa, caithfidh siad sócmhainní poiblí an stáit a mheas chun a fheiceáil an féidir diúscairt a dhéanamh orthu, agus liosta de shócmhainní indiúscartha a chur le chéile.

Mar chuid de na moltaí a rinne Colm McCarthy sa doiciméad a scríobh sé anuraidh, moladh go bhféadfaí páirtmhaoiniú a chur ar fáil do TG4 tríd an gceadúnas teilifíse. Míníodh gurbh fhéidir an t-athrú seo a bhaint amach i gcéimeanna thar tréimhse suas le 3 bliana. Ag deireadh an doiciméid seo deir sé, áfach, nár cheart go mbeadh aon tionchar ag an athrú seo ar chostas an cheadúnais theilifíse. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an nGrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit téigh chuig www.finance.gov.ie.

Féach ar:

RTÉ: 'Take on the Take-away': Is é beatha Indiach atá ar an gclár an tseachtain seo. Taistealaíonn Derry Clarke go dtí An Srath Bán, Contae Thír Eoghain chun iarracht a dhéanamh 'Lamb Rogan Josh' a dhéanamh níos tapúla ná an bhialann Indiach áitiúil. Dé Céadaoin @ 8.30i.n.

BBC TÉ: 'The Soldier and the Stone' Tosaíonn an scéal seo nuair a fuarthas cloch le hainm saighdiúra mhairbh ó Bhéal Feirste in aice le hainn Áth na Long i gContae an Dúin. Beagnach 100 bliain tar éis bhás an fhir leanann an clár faisnéise seo scéal a mhuintire go dtí an suíomh inar maraíodh é sa chéad chogadh domhanda. Dé Máirt @ 10.35i.n.

BBC Alba: 'Live Shinty' An cluiche ceannais den 'Sutherland Cup' a bheidh ag tarlú i Newtonmore. Amárach @ 4i.n.



Scannánú ar Thaobh an Bhogaigh

Le Treasa Bhreathnach

TÁ sé i gceist go ndéanfar scannán bunaithe ar an leabhar atá suite ar Thaobh an Bhogaigh, Reading in the Dark le Seamus Deane an bhliain seo chugainn. Is é an comhlacht léiriúcháin De Facto Films atá i mbun oibre chun scéal an leabhair a athchóiriú. Tá an scéal bunaithe ar bhuachaill óg agus é ag fás aníos ar Thaobh an Bhogaigh i nDoire idir na 1940í agus na 1970í i gcathair atá scoilte ag an bpolaitíocht. Is é Tom Collins, as Doire ó dhúchas, a bhí mar stiúrthóir ar an scannán 'Kings' a bheidh mar stiúrthóir ar an scannán seo chomh maith. Beidh Ronan Bennett, as Béal Feirste, ar dhuine de scríbhneoirí na scripte. Bhí Ronan Bennett mar chomhscríbhneoir ar 'Public Enemies' le Michael Mann le déanaí. Táthar ag súil go dtosófar ar scannánú ar Thaobh an Bhogaigh ag tús na bliana seo chugainn cé nach bhfuil sé soiléir ag an bpointe seo an mbeidh foireann áitiúil ag obair ag an gcomhlacht léiriúcháin don togra seo.

Éist le:

RTÉ Lyric fm: 'The Lyric Concert' Beidh Ceolfhoireann Shi-ansach an NDR agus an pianódóir Alice Sara Ott ag seinm clár de Mussorgsky, Rachmaninov agus Liszt sa cheolchoirm seo. Is é Alan Buribayev stiúrthóir na ceolchoirme. Dé Luain @ 8.30i.n.

Spin 103.8fm: 'Irish Alternative' Seó ina mbíonn deis aigibh ceol Éireannach den scoth a chloisteáil, idir cheoltóirí atá sínithe ag lipéad ceoil agus iad sin nach bhfuil. Bíonn agallaimh leis na ceoltóirí le cloisteáil chomh maith. Curtha i láthair ag Eva Staic. Dé Domhnaigh @ 10.45i.n.

KCLR96fm: 'Oscailt' Clár comhordaithe ag Disability Ireland. Is clár é seo a chuireann éagsúlacht daoine le hábaltachtaí éagsúla, chomh maith lena, muintir agus a gcairde, i láthair. Breathnaítear ar áiseanna traenála, oideachais agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas go háitiúil i gCeatharlach agus Cill Chainnigh. Dé Máirt @ 9i.n.

Tuilleadh fógraí ar an teilifís

Le Treasa Bhreathnach

TAR éis próiseas comhairliúcháin a thosaigh i mí na Bealtaine tá cinneadh déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann cead a ligean do chraoltóirí teilifíse neamhspleácha cosúil le TV3, Setanta agus City Channel dhá nóiméad sa bheis fógraíochta a chraoladh gach uair an chloig. Roimhe seo bhí cead ag aon stáisiún craoltóireacht teilifíse 10 nóiméad fógraíochta a chraoladh gach uair an chloig, sin 15% de sceideal clár an lae. Tá sé sin anois ardaíthe go 18% in aghaidh an lae.

Tá srian de 10 nóiméad curtha ar an méid fógraíochta is féidir a thaispeáint le linn clár do pháistí. Chas bord an Údarais Craolacháin le chéile Dé Luain seo caite chun plé a dhéanamh ar an 18 n-aighneacht a fuarthas ó thús an phróisis chomhairliúcháin ón bpobal agus eagraíochtaí eile agus bhí an cinneadh fógartha acu faoin gCéadaoin. Níl aon tionchar ag na rialacha seo ar an gcéatadán fógraíochta a bhaineann le craoltóirí poiblí mar

TG4 nó RTÉ. Creideann Údarás Craolacháin na hÉireann gurb é an bealach is fearr chun cabhrú le craoltóirí teilifíse sa ghéarchéim eacnamaíochta seo ná deis a thabhairt dóibh a ngnóthaí a choinneáil mar atá leis an 2 nóiméad breise fógraíochta agus gur bealach é seo gur féidir leo dul in iomaíocht le craoltóirí Sasanacha. Níl aon athrú déanta i leith na gcraoltóirí raidió tráchtála ach tá sé i gceist ag an Údarás Craolacháin súil a chaitheamh ar chás na gcraoltóirí raidió taobh istigh de roinnt seachtainí.

Ní aontaíonn The Independent Broadcasters of Ireland leis an moladh seo. Ní aontaíonn National Newspapers of Ireland ach an oiread agus meastar nach n-aontaíonn RTÉ leis an gcinneadh seo ach an oiread. Leis an gcinneadh seo tá an baol ann go gcaillfidh nuachtáin agus craoltóirí poiblí teilifíse agus raidió deiseanna fógraíochta agus go mbeidh an fhógraíocht sin ar fad ag dul chuig na craoltóirí teilifíse neamhspleácha.

BUÍON CEOIL na Seachtaine

Labharaíonn Caitríona Ní Chadhain le Mo Hat Mo Gheansaí

IS deartháireacha as Cill Mhantáin iad Tadhg agus Oisín Walsh-Peelo atá ag seinm ceoil le chéile ó bhí siad an-óg. Tá amhráin Ghaeilge dá gcuid féin acu, atá ag tarraingt aird phobal na Gaeilge ar shuímh ar nós YouTube agus MySpace, chomh maith le haistriúcháin Ghaeilge ar amhráin ar nós “Gnéas ar Lasadh” (Kings of Leon) agus “Fir Bheaga na Leon” (Mumford and Sons)

Bhí sibh ag seinnt ag Picnic Ráth Chairn le gairid, cén chaoi a raibh sé sin?

Bhí sé an-mhaith ar fad, bhí na ceoltóirí is fearr Gaelacha sa tír ag seinnt ann. Bhí sárcheol ann agus sár-atmaisféar. Is é an t-aon rud ná nach raibh go leor daoine ann, ach b'é an chéad bhliain é agus bíonn sé deacair spéis a spreagadh i rud mar sin sa chéad bhliain. Tá súil agam go mbeidh sé ar siúl an bhliain seo chugainn arís, agus go mbeidh níos mó daoine ar an eolas faoi.

Cén uair ar thosaigh tú ag scríobh as Gaeilge?

Bhuel nuair a thosaigh mé in UCD chaith mé bliain sa teach Gaelach ar an champas; d'eagraigh mé cúpla gig agus thosaigh mé ag aistriú roinnt amhrán chun seinnt ag na gigs



seo. Chuir daltaí UCD an-spéis ann, an chéad cheann a rinne mé ná “Gnéas ar Lasadh” agus chuir me fíis díom féin agus Oisín á seinnt ar YouTube - thaitin sé go mór le daoine. D'úsáid mé sin chun suim a spreagadh sna hamhráin

Ghaeilge a scríobh mé féin. Tháinig an dá rud le chéile.

Cén uair ar thosaigh sibh ag scríobh bhur gcuid amhrán féin?

Bhí an bheirt againn i gcónaí ag scríobh rudaí, ach is é an bhliain seo an chéad bhliain a thosaigh muid ag teacht le chéile ag scríobh agus ag déanamh gigs cearta. Bhí muid i gcónaí ag seinm le chéile ó aois óg, ach seo an chéad bhliain a tháingamar le chéile agus tháinig an Ghaeilge agus an ceol agus gach rud le chéile dúinn freisin.

Cén chaoi a dtéann sibh i mbun amhráin a scríobh?

An rud a tharlaíonn de ghnáth ná scríobhann duine amháin againn creatlach d'amhrán agus ansin cuirimid ár smaointe ar fad le chéile. Tá sé i bhfad níos éasca amhrán a thosú leat féin nuair atá smaoineamh agus cruth agat i do cheann agus tá tú ag iarraidh é a chur le chéile. Ach má tá bun-amhrán scríofa agamsa agus téim chuig Oisín leis, go hiondúil athraimid an cruth agus na liricí, armóin a chur leis b'fhéidir. Agus déanaim an rud céanna ar na hamhráin a dtagann Oisín suas leo. Is comhoibriú atá i gceist.

An dtógann an próiseas sin tamall?

Braitheann sé, níl sé i gcónaí

éasca ach nuair a thagann an spreagadh chugam bíim in ann amhrán a scríobh an-tapa, ach ní féidir liom suí síos agus a rá liom féin go bhfuil mé chun amhrán a scríobh - tagann na hamhráin chugam agus rithim leo. Ní féidir iad a bhrú; má dhéanann duine iarracht amhrán a bhrú, ní bhíonn sé go maith, ceapaim féin.

An raibh suim mhór agaibh sa Ghaeilge i gcónaí?

Bhí i gcónaí suim sa Ghaeilge inár dteach. Don mheánscoil d'fhreastail muid ar an Ghaelscoil, Coláiste Ráithín. Spreag sin níos mó an tsuim sa

Ghaeilge dúinn. Chaith mé bliain ansin i measc 16 dhalta agus muid ar fad ag labhairt Gaeilge i dteach na Gaeilge in UCD agus ag eagrú eachtraí Gaelacha ar an champas - bhí sé sin iontach domsa i dtaobh na Gaeilge de.

Cé a cheap an t-ainm?

Nuair a bhí neart amhrán Gaeilge againn thosaíomar ag cur rudaí le chéile i gcomhair Sheachtain na Gaeilge i mbliana. Bhí muid ag iarraidh ainm éigin Gaelach, cliste agus greannmhar chomh maith. Chaitheamar an-chuid ama ag smaoineamh air ach sa

deireadh tháinig ár máthair suas leis an ainm sin. Caithfimid 'go raibh maith agat' mór a rá le Mamaí! Feileann sé go mór dúinn.

An bhfuil aon gigs móra ag teacht aníos daoibh?

Tá cúpla rud beag ar nós gigs ag Gaelcholáistí samhraidh, Coláiste Lurgan agus mar sin. I nDún na nGall táimid ag déanamh gig ar son chúrsa Ghael Linn. Chomh maith leis sin tá súil againn dlúthdhiosca beag a chur le chéile roimh dheireadh an tsamhraidh. Táimid ag caitheamh roinnt ama ag déanamh taifeadta ar chúpla amhrán, tá súil againn airgead a fháil chun roinnt cóipeanna a dhéanamh agus iad a dhíol leis an lucht leanúna beag atá againn. Má thaitníonn sé le daoine déanfaimid iarracht albam ceart a chur le chéile.

Céard atá i ndán do Mo Hat Mo Gheansaí?

Bhuel tá mise ag críochnú suas ar an ollscoil agus tá Oisín ag críochnú suas ar an scoil. Ina dhiaidh sin ba bhreá linn leanúint leis an mheon atá againn faoi láthair. An méid gigs agus scríbhneoireachta agus is féidir linn a dhéanamh, agus tá súil againn feabhas a chur ar ár seinnt bheo agus na hamhráin atá á scríobh againn. Ba bhreá linn ceol a dhéanamh go lánaimseartha más féidir linn. Is dócha go gcaithfimid cúpla bliain ag triail é sin a dhéanamh. Is é an rud is fearr é inár saol faoi láthair - tá anghrá againn don cheol agus don Ghaeilge. Ba bhreá linn leanúint leis chomh fada agus is féidir linn.



Raidió Uirbeach Gaeilge

106.4FM

RAIDÍO NA LIFE

Cúisle na Cathrach

do Bhaile Átha Cliath!

Stáisiún Gaeilge Átha Cliath

Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruth ar

www.raidionalife.ie



Stúideo DEARG Studio

Taifeadadh & Léiriú Fuaime

Tel: 01-6616333

Le cabhair ó:



Foras na Gaeilge



near90³fm

"AR MUIN NA MUICE"

Clár Gaeilge de chuid Near 90fm

Ag críochnú ag 5.30 gach lá i rith na seachtaine

Ag athchríochnú ag 9:00 ar maidin

Albair: polaitíocht, curraí reatha, spóirt, taisteal, na healaíona

Agallaimh le daoine áitiúla ó Bhaile Átha Cliath

Thoir-Thuaidh agus ó thimpeall na tíre

Podchraoladh: www.nearfm.ie/podcast

fón: 01 8671190 r-phost: gaeilge@nearfm.ie

8 OIDEACHAS

Cén Pátrún atá ag do scoil?

Feidhmeannach nua ceaptha le Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Ceapadh Siobhán Seoige mar fheidhmeannach de chuid Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge cúpla seachtain ó shin. Cé hí an bhean óg seo agus céard atá i gceist lena post nua? Labhair sí le **Meadhbh Ní Eadhra** faoin bpost, faoi chúrsaí Gaeloideachais agus faoina cúlra féin.

Tá bunchéim ag Siobhán Seoige sa Nua-Ghaeilge agus sa Luath-Ghaeilge ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht aici sa Nua-Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ní hamháin sin, ach tá cáilíocht múinteoireachta aici. Is as Ráth Chairn i gContae na Mí do Shiobhán agus chaith sí cúpla bliain obair le Gaelchultúr. Bhí sí mar Bhainisteoir Imeachta ar Rith 2010 freisin. Cad as ar tháinig suim Shiobhán sa phost seo in earnáil an oideachais?

“Bhuel nuair a bhí mé ag déileáil le Rith 2010, bhuail mé le go leor daoine ó Bhord Stiúrtha an Fhorais, agus thosaigh muid ag caint. Mar gheall go raibh an oiread sin béime ar scoileanna a

hán agus chaith sí cúpla bliain obair le Gaelchultúr. Bhí sí mar Bhainisteoir Imeachta ar Rith 2010 freisin. Cad as ar tháinig suim Shiobhán sa phost seo in earnáil an oideachais?



áirithe.

“Ní dóigh liom go bhfuil an Ghaelscolaíocht chomh sláintiúil agus a cheapann daoine,” ar sí. “Níor tugadh aitheantas oifigiúil do Ghaelscoil ar bith le dhá bhliain anuas. Tá géarghá le scoileanna nua.”

“Ní dóigh liom go bhfuil an ghaelscolaíocht chomh sláintiúil agus a cheapann daoine ... Tá géarghá le scoileanna nua.”

Tá Siobhán ag obair in éineacht le Caoimhín Ó hEaghra, atá ina Ard-Rúnaí ar an bhForas le naoi mí anuas. Tá an bheirt acu ag iarraidh go mbeadh níos mó eolais ag an bpobal faoin bhForas agus faoin ról atá acu.

“Tá dhá phríomhról ag an bhForas Pátrúnachta,” a deir Siobhán. “Táimid i gceannas ar scoileanna áirithe, nó táimid mar phátrún ar scoileanna ar leith.

Tá thart ar 60 scoil faoinár gcúram faoi láthair. Is éard atá i gceist agam leis sin ná go mbíimid ag cuidiú leis na scoileanna nuair a bhíonn siad ag plé le cúrsaí áirithe nó léasa nó nuair a bhíonn fadhbanna acu ó thaobh cúrsaí

den chineál sin de.”

Tá ról difriúil ag an bhForas Pátrúnachta freisin, ceann atá thar a bheith tábhachtach.

“Cothaímid éiteas (ethos) scoile sna scoileanna ar fad,” arsa Siobhán. “De ghnáth, bíonn éiteas scoile ceangailte le cúrsaí creidimh, ach i gcás na scoileanna faoinár gcúram, tá scoileanna ilchreidmheacha agus idirchreidmheacha ann agus meascán idir scoileanna ina bhfuil an reiligiún lárnach agus scoileanna eile nach bhfuil. Ach, bíonn éiteas na Gaeilge lárnach sna scoileanna ar fad, rud atá thar a bheith tábhachtach.”

Beidh suíomh idirlín an Fhorais beo i gceann míosa agus deir Siobhán gur “áis tacaíochta” a bheidh ann do scoileanna.

Tá plean á chur le chéile ag Siobhán agus ag Caoimhín faoi láthair don bhliain amach rompu agus an chloch is mó ar phaidrín an Fhorais, is cosúil, ná eolas a scaipeadh ar an saol mór faoin bhForas agus faoin obair atá ar bun acu, chomh maith le caidreamh a chothú le pairtnéirí eile oideachais, an Roinn Oideachais san áireamh.

“Ba mhaith liom an Foras a chur ar an mapa,” a deir Siobhán.

Tá Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge lonnaithe in Institiúid Oideachais Marino i mBaile Átha Cliath.

bheith páirteach i Rith, thug mé faoi deara an obair chrua ar fad atá ar bun ag Gaelscoileanna ar fud na hÉireann.

Mar sin, nuair a chonaic mé folúntas don phost seo leis an bhForas, dúirt mé liom féin gur bhreá liom cuidiú ar bhealach éigin leis na scoileanna agus leis an oideachas lán-Ghaeilge,” ar sí. Labhraíonn Siobhán faoin easpa aitheantais atá ag cuid de Ghaelscoileanna na tíre seo, agus luann sí Gaelscoil Rath Tó, atá lonnaithe ina contae dúchais féin, Contae na Mí.

“Tá obair iontach á déanamh ag tuismitheoirí agus ag lucht na scoile sin,” ar sí. “Is céim ollmhór é scoil a bhunú gan aitheantas ón Roinn Oideachais ach tá sé déanta ag Gaelscoil Rath Tó. Bhí mé amuigh ag tabhairt cuairte ar an scoil an tseachtain seo caite agus caithfidh mé a rá go bhfuil caighdeán an-ard ann. Níl an scoil lonnaithe i dtithe réamhdhéanta (prefabs). Tá sí suite in ionad pobail faoi láthair. Táimid féin, Comhluadar, Glór na nGael, Conradh na Gaeilge ag tacú leis an scoil.”

Cén ról atá ag an bhForas Pátrúnachta i gcásanna mar seo ina mbíonn aitheantas á lorg ag scoileanna ón rialtas, nó an bhfuil ról ar bith acu?

“Tugaimid treoir agus eolas do scoileanna agus mar go bhfuilimid mar Phátrún ag Gaelscoil Rath Tó, cinnte táimid anseo le cabhair

a thabhairt dóibh i ngach rud a dhéanann siad,” a deir Siobhán.

“Nuair atá éileamh ann do Ghaelscoil, tá sé de nós ag tuismitheoirí agus múinteoirí tarraingt le chéile agus an deis a thabhairt do pháistí oideachas lán-Ghaeilge a bheith acu. Is dócha gur rud speisialta é sin faoi Ghaelscoileanna.”

Agus í ag caint faoi chúrsaí Gaeloideachais, deir Siobhán nach bhfuil gach rud chomh maith agus a shíleann daoine



An dornálaí Bernard Dunne le Róisín Morgan (ag gáire) agus iníon Bernard, Caoimhe, ag spraoi le míreanna mearaí ag oíche oscailte Ghaelscoil Rath Tó i gConate na Mí. PIC: MAXWELLS.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Léachtóir (Faoi Bhun an Bhaic) le Fiseolaíocht

Spriodcháta: Déardaoin, 2 Meán Fómhair 2010

Léachtóir (Tearma Seasta) le Teiripe Urlabhra agus Teanga

Spriodcháta: Déardaoin, 19 Lúnasa 2010

Tuarastal: €40,256 - €56,782 sa bhliain

Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna i Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.




publicjobs.ie

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service



www.nuigalway.ie

Crosfhocal 30.07.2010



NODANNA

- TRASNA
- 1 An t-ochtú mí den bhliain (6)
 - 4 Cáipéis scríofa nach bhfuil an leagan deireanach de réidh go fóill (7)
 - 7 Tá sé deacair ceann nua acu seo a mhúineadh do shean mhadra (5)
 - 8 Bíonn rás ar lá spóirt scoile léi seo, agus ubh ina shuí uirthi (6)
 - 10 Caite, bia críochnaithe (3)
 - 11 Muintir iomlán na tíre agus a bhfuil ar siúl acu (6)
 - 13 Créatúr beag miotasach a chónaíonn i lios (2)
 - 15 Smaoinigh, creid (4)
 - 16 Ón bhun, an chéad chéim i bpróiseas (3)
 - 18 Go deo (3)
 - 19 Bearna, áit fholamh (4)
 - 20 Tá sé idir do shúile agus do bhéal (4)
 - 21 Rud a choinníonn longa sábháilte ó áiteanna char raigeacha (4)
 - 23 Bealach faoin talamh (6)
 - 25 Foinse airgid le dáileadh amach ar thograí (5)
 - 27 Pianta (4)
 - 30 Go leor rudaí trína chéile (7)
 - 32 Scamall (4)
 - 33 'Liathróid' iomána (7)

- SÍOS
- 2 An toradh lena chathaíodh Adamh? (3)
 - 3 Scíth, bris (3)
 - 5 Naomh ____; an scoil a bhunaigh Pádraig Mac Piarais (5)
 - 6 Duine a chinntíonn go bhfuil gach rud mar a ba chóir a bheith i scoileanna (6)
 - 7 Dhá phiosa adhmaid trasna a chéile ar a gcuirtí daoine chun bás ag na Rómhánaigh (4)
 - 8 Naisc miotal lena gcuirtíonn glas ar rothar, mar shampla (7)
 - 9 Béile éadrom le harán agus cáis nó sícín nó sailéad laistigh (8)
 - 12 Tiontaigh, mar rópa súgáin, mar shampla (3)
 - 14 Spideog, faoileán, seabhac srl (3)
 - 15 Cearnóg, ach le sé aghaidh (3)
 - 16 Costais a iocfar le dul ar bhóthar, nó ar choláiste (6)
 - 17 Brabús a dhéantar as airgead sa bhanc (2)
 - 22 Airgead a bhaillíonn an stát ionas gur féidir le seirbhísí poiblí a chur ar fáil (4)
 - 23 Tarraing go dlúth, righin (5)
 - 24 Téigh faoi uisce (3)
 - 25 Rudaí a dhíol don duine atá sásta an méid is mó a íoc (5)
 - 26 Peil, ach ní peil Ghaelach (5)
 - 28 Traenáil a thabhairt (3)
 - 29 Daoine i gcoitinne (3)
 - 31 Mac do dheirfear nó dhearthár (3)

Crosfhocal
23.07.2010
Buaiteoir na Seachtaine
seo:
Siún Nic Mhuirí,
Coillín na mBodhar,
Ceathrú na Dumha,
An Leathros,
Co. Shligigh



Duais na seachtaine

Bronnfar rogha leabhar Gaeilge ar bhuaitheoir na seachtaine. Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 4 Lúnasa, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

“Soiléiriú” de dhíth ó ASTI agus TUI i leith Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ ceardchumainn mhúinteoirí meánscoile ar ais i mbun cainteanna leis an Roinn Oideachais maidir le Comhaontú conspóideach Pháirc an Chrócaigh. Cé gur ghlac formhór de na ceardchumainn san earnáil phoiblí leis an gComhaontú, dhiúltaigh Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI) agus Aontas Múinteoirí Éireann (TUI), a dhéanann ionadaíocht ar

mhúinteoirí meánscoile, don chomhaontú.

Tá sé ráite ag ASTI gur bhuail siad le hoifigigh ón Roinn Oideachais ar 21ú Iúil agus go ndearna an dá thaobh plé ar an gceist. Dar le ASTI, tá a gcuid ball i ndiaidh diúltú don chomhaontú ach tá an ceardchumann sásta é a phlé go fóill.

Bhuail siad leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun soiléiriú a fháil ar an gcomhaontú. Deir siad go

mbeidh tuilleadh cruinnithe ar siúl i mí Lúnasa.

Tá sé deimhnithe ag an TUI freisin gur bhuail siad leis an Roinn Oideachais chun an cheist a phlé. Deir siad go raibh siad ag iarraidh comhairle a fháil agus soiléiriú ar rudaí áirithe, ach nach bhfuil athrú tagtha ar an seasamh atá acu maidir leis an gcomhaontú. “Nílimid i mbun idirbheartaíochta ar shonraí a bhaineann leis na tairiscintí leasúcháin atá san áireamh i

gComhaontú Pháirc an Chrócaigh, mar a thugtar air.”

Deir an TUI go ndéanfaidh siad tuairisciú dá gcoiste feidhmiúcháin in am cuí. Cé go bhfuil an TUI ag maíomh nach bhfuil siad i mbun idirbheartaíochta faoi na tairiscintí leasúcháin sa Chomhaontú, tá sé suntasach go bhfuil an dá cheardchumann, an ASTI agus an TUI, i ndiaidh bualadh leis an Roinn Oideachais chun comhairle a fháil ar an seasamh atá acu.

Infheistíocht in Oideachas

Le Treasa Bhreathnach

MAR chuid den Phlean Infheistíochta Caipitiúla tá sé i gceist ag an Rialtas breis agus €4 billiún a chaitheamh ar uasghrádú scoileanna agus ar infheistíocht i gcúrsaí oideachais na tíre. Beidh an chuid is mó den infheistíocht chaipitiúil, €3.1 billiún, á chaitheamh ag an Rialtas chun uasghrádú a dhéanamh ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh siad infheistíocht de €650 milliún in ollscoileanna agus in ionaid eile oideachas 3ú leibhéil. Beidh €265 milliún sa bhreis infheistithe chun teicneolaíocht cumarsáide a chur ar fáil do scoileanna na tíre chomh maith.

Leis an infheistíocht seo tá an Rialtas ag súil go gcruthóidh siad 70,000 áit scoile i mbunscoileanna na tíre, 15,000 áit i scoileanna iar-bhunscoile agus 8,600 áit in insti-tiúidí 3ú leibhéil.

Leanfaidh an Plean Infheistíochta Caipitiúla ar aghaidh go dtí 2016 agus is taobh istigh den achar ama seo a bhfuil-tear súil go bhfeicfar na figiúirí réamh-mheasta. Sileann an Rialtas go dtabharfaidh an Plean Infheistíochta Caipitiúla, ar fiú €39 billiún é, spreagadh don Rialtas agus go gcruthóidh sé 270,000 post sa tír.

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an Rialtas i ndiaidh pleananna conspóideacha a dhéanamh le ceannas a fháil ar chuid de na scoileanna Caitliceacha thart fán tír. Tá dearbhú tugtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna don pháipéar The Irish Catholic go bhfuil liosta tugtha acu don Eaglais Chaitliceach de cheantair ar fud na tíre ina bhfuil siad ag iarraidh ceannas a fháil ar scoileanna Caitliceacha.

Cé nach bhfuil an Roinn sásta a rá cé mhéad ceantar atá i gceist, tá an chuma ar an scéal go bhfuil os cionn 30 áit dhifriúil i gceist, agus formhór acu i mBaile Átha Cliath.

Is scoileanna Caitliceacha iad 92% de bhunscoileanna an

stáit agus ní ritheann an rialtas ach trí bhunscoil. Tuigtear nach bhfuil an Roinn Oideachais i ndiaidh spriocam a thabhairt don Eaglais maidir leis an bpróiseas táthcheangail agus fágfar faoin Eaglais é le roghnú cé na scoileanna laistigh de na ceantair a luaitear a bheidh á n-aistriú ón Eaglais. Tá sé ráite ag an Roinn Oideachais go dtuigeann siad go gcuirfeadh an difheistiú pátrúnachta seo tús le “próiseas dian” don Eaglais. Deir siad go mbeidh siad sásta cuidiú le húdaráis na hEaglaise ach go bhfuil an dualgas ar na pátrúin atá ann faoi láthair dul i mbun comhairle le geallsealbhóirí áitiúla maidir leis an bplean aistrithe. Deir an Moinsíneoir Jim Cassin, Rúnaí

Feidhmiúcháin le Coimisiún Oideachais na hEaglaise, gur bhuail an Eaglais leis an Roinn Oideachais le plé a dhéanamh ar an gciest seo ach “nach bhfuil sé soiléir” go fóill céard a bheidh ag tarlú. “Níl an ceart ag an Eaglais na scoileanna seo a fhágáil. Is acmhainní pobail iad agus bheadh idirphlé fada agus dáiríre ag teastáil le tuismitheoirí agus paróistí ar dtús. Beidh ar na pobail an rogha a dhéanamh dóibh féin,” ar sé.

Táthar ag súil go bhfoilseoidh an Roinn Oideachais ráiteas foirmiúil faoi seo go luath. Má aontaítear leis na tairiscintí, deir siad go mbeidh orthu athdháileadh a dhéanamh ar mhaoiniú.

Dublin City University
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



Scoláireachtaí €2,000 ar fáil!
MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais

Cúrsa suimiúil solúbtha ar bhonn páirtaimseartha.
Léachtaí 8 deireadh seachtaine sa bhliain.
Deiseanna gairme den scoth do chéimithe.

Déan d'iarratas ar líne ag www.pac.ie roimh 31 Iúil 2010
Breis eolais: www.dcu.ie/fiontar fiontar@dcu.ie 01 700 5614

Táillí laghdaithe, agus scoláireachtaí ar fáil don MSc.

Fiontar - i lár an aonaigh i bhforbairt na Gaeilge

9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa i Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag nuacht@gaelsceal.ie. Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie



Bhí na páistí seo an-sásta leis an obair ealaíne a rinneadar ag an gCampa Samhraidh trí Ghaeilge a d'eagraigh Glór Cheatharlach an tseachtain seo caite. Bhí an-éileamh ar áiteanna sa champa i mbliana. Glacadh leis an gcéad caoga a chláraigh agus bhí an-díomá orthu siúd a cuireadh ar an liosta feithimh ag súil le folúntais. Is do pháistí idir seacht agus deich mbliana d'aois an Campa agus bhí sé lonnaithe i nGaelscoil Cheatharlach.



Caoimhe White (5) ó Rath Tó in éineacht le peileadóir na Mí Patrick O' Rourke agus Caoimhín King ag lá oscailte Ghaelscoil Rath Tó.



Éanna Ó Croinín ón ngrúpa Ceol-Tec ar an stáitse le linn Picnic Ráth Chairn an Satharn seo caite. (PIC: SEÁN Ó MAINNÍN)



Nóra Frainc Chonaill Uí Rathallaigh as Rann na Feirste ag glacadh go réidh le cúrsaí ag Aonach Jack, Mín na Leice, Tír Chonaill an deireadh seachtaine seo chuaigh thart. (PIC: LE HEON MC GARVEY)



Ciarán Ó Dubháin, Sarah Ní Cheannabháin agus Síle Ní Shuilleabháin ag traenáil in ionad traenála raidió BIM. (PIC: BOYD CHALLENGER)



Anna Nic Dhonncha agus Áine Ní Chuaig, Cill Chiaráin ag 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!' i Seanscoil Sailearna, Indreabhán. (PIC: MIKE SHAUGHNESSY)



Kiera Mc Donagh, Philadelphia, Maggie Herzog, Bayonne, Kate Ferguson, Carrie Murray, An Clochán Liath agus Sarah Molloy, Londain atá ag glacadh páirte i bhféile Máire an Chlocháin Léith. (PIC: EONIN MC GARVEY)



Antaine Óg Ó Mainnín, Máirtín Bairéad, Catherine Ní Dhroighneáin agus Eileen de Búrca ag foghlaim cén chaoi eangacha a dheisiú le BIM. (PIC: BOYD CHALLENGER)

Cill Airne i lár léarscáil ghailf na hEorpa an tseachtain seo



Le Páidí Ó Lionáird

Táinig siad ag tús na míosa seo nuair a chuir JP McManus fios orthu. Thugadar sárthaispeántas agus luach a gcuid airgid do na mílte daoine a chuaigh ann - 35,000 thar an dá lá úd.

Chonaic siad Darren Clarke ag tabhairt sárthaispeántais, a dhóthain leis an gcomórtas a bhuachan, agus fuair sé an misneach le haghaidh a thabhairt ar chomórtas oscailte na hAlban agus dul i ngiorracht a bhua ansin. Tá sé i measc a chairde i gCiarraí an deireadh seachtaine seo, é ag imirt leis an imreoir is spleodraí le maide gailf a luascadh le blianta anuas, Rory McIlroy, agus fear óg as an mBreatain Bheag, Rhys Davies. Is maith le Clarke a bheith ag imirt in Éirinn agus is breá leis na sluaite in Éirinn é. Tá údar eile ceil-

iúrtha anois ag Clarke óir go bhfuil sé ina leaschaptaen ag Colin Montgomerie ar fhoireann Chorn Ryder na bliana seo. D'fhéadfadh sé a bheith san iomaíocht don bhua. Bígí cinnte go mbeidh na hÉireannaigh eile sa tóir freisin. Tá Pádraig Harrington agus Damien McGrane ag tabhairt aghaidhe ar an gcúrsa i dteannta buaiteoir an chomórtas craoibhe oscailte i Meiriceá an mhí seo caite, Graeme McDowell. Bí cinnte go mbeidh an slua is mó ag faire ar an ngrúpa seo arís. Bheadh daoine ag súil le héacht ó

cheachtar den triúr seo agus b'fhéidir go mbeadh sé iomarcach a bheith ag súil le bua eile ó imreoir éigin ón oileán seo ach le Philip Walton, Peter Lawrie, Gary Murphy agus Paul McGinley ag glacadh páirte, d'fhéadfadh sé tarlú. Coimeád súil ar Stephen Gallagher, Chris Wood, Justin Rose agus Ross McGowan freisin, iad ar fad ag imirt sárghailf faoi láthair. Is deacair a chreidiúint go bhfuil bliain caite ó bhain an t-imreoir óg amaitéarach as Uíbh Fhailí, Shane Lowrey, geit as lucht an ghailf nuair a bhuaigh sé craobh oscailte na

hÉireann i mBaile Trá anuraidh. Nar bhreá leisean a bhua a chosaint i gCill Airne? Agus beidh an-ócáid i seoid na Ríochta. Cúrsa den scoth cois locha é lena dhóthain dúshlán ar lá breá ach má bhíonn aon bháisteach agus gaoth ann, cuirfear constaicí crua roimh phlúr imreoirí na hEorpa. Tá Cill Airne ar cheann de na bailte is fearr in Éirinn chun sluaite a chothú. Tá taithí na nglúnta acu ar aire a thabhairt dá gcuairteoirí agus bí deimhin de gurb amhlaidh an scéal a bheidh ann an deireadh seachtaine seo.

Ábhar réalta don todhchaí

Le Gráinne McElwain

TÁ na lúthchleasaithe is fearr in Éirinn ag glacadh páirte i gCraobhchomórtas Lúthchleasaíochta na hEorpa faoi láthair ach is léir go bhfuil mianach i gcailín óg as an Dún a bheith chomh maith leo. Bhuaigh Ciara Mageean bonn airgid ag Craobh Sóisir Lúthchleasaíochta an Domhain sa 1500 méadar an tseachtain seo caite i gCeanada. Le cúpla bliain anuas, tá daoine ag déanamh comparáide idir í féin agus an laoch Sonia O'Sullivan agus d'éirigh le Ciara an churiarracht náisiúnta a bhí ag Sonia O'Sullivan bliain ó shin a sháru. Thóg sí sé shoicind eile den churiarracht sin nuair a thrasnaigh sí an líne tar éis 4.09.51. Seo an chéad bhonn ag Éirinn ar an traic agus bhí áthas an domhain ar Chiara é seo a bhaint. "Táim chomh

sásta agus chomh bródúil sin. Bhí mé ag iarraidh curiarracht nua Éireannach a dhéanamh agus is ar son gach duine sa bhaile atá an bua seo chomh maith." Bhuaigh Tizita Bogale ón Aetóip an rás san am 4.08.06. Ní hé seo an chéad uair go bhfuil bonn buaite ag Ciara. Sháraigh sí curiarracht anuraidh agus í ag rith i gCluichí Oilimpeacha óige na hEorpa san Fhionlainn agus bhain an bonn óir. Níl Ciara ach ocht mbliana déag d'aois ach bí ag faire amach di - réalta cinnte í don todhchaí (nó 'is cinnte gur ábhar réalta í')! Agus scéala eile ó shaol na lúthchleasaíochta, cháiligh David Gillick don Chluiche Ceannais 400 méadar ar siúl inniu. Chríochnaigh sé sa chéad áit ina bhabhta leathcheannais san am 44.79, an t-am is fearr a rith sé an séasúr seo.



Ciara Mageean. PIC: HASSE SJÖGREN / SPORTSFILE

Campa Chormaic

CUIRFEAR tús le Campa Chormaic i mBéal Feirste den chéad uair i mbliana ar an Luan 9ú Lúnasa. Bunaíodh Campa Chormaic sé bliana ó shin i mBréantar, Tír Eoghain, i gcuimhne ar Chormac McAnallen, a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann le Tír Eoghain in 2003 agus a fuair bás go tragóideach in 2004. Bhí an-dúil ag Cormac i gcursaí CLG,

sa Ghaeilge agus in oidhreacht na hÉireann. Beidh an campa ag freastal ar pháistí idir 9-14 bliana d'aois agus gheobhfarr seans Gaeilge agus cultúr na Gaeilge a fhoghlaim chomh maith le peil, iomáint agus camógaíocht. "Thóg muid Campa Chormaic amach ar an bhóthar as Bréantar den chéad uair anuraidh go Caisleán Uidhílin i gCo. an Dúin agus d'éirigh thar

barr linn. Seo an chéad uair a bheidh muid in Aontroim agus Doire agus tá muid ag súil go mór leis" a deir Paul McAnallen ó Champa Chormaic. Leanfaidh an campa ar aghaidh ar feadh seachtaine agus beidh sé ar siúl i mBunscoil an tSléibhe Dhuibh, Bóthar na Carraige Gile i mBéal Feirste. Tosnóidh na ranganna ag a deich a

chlog agus críochnóidh siad ag a ceathair a chlog gach tráthnóna. Cosnóidh an Campa £40 agus gheobhaidh na gasúir ar fad T-léine Champa Chormaic ó O'Neills leis sin. Má tá spéis agat ann, gabh i dteagmháil le Brenda Uí Cléirigh ag brendaclarke24@yahoo.co.uk nó tabhair cuairt ar an suíomh idirlín www.campachormaic.com.



“Tá m’ainm luaite le seachtain anuas leis an post bainistíochta le hiománaithe sinsir Luimnigh..”



Le John Allen

Bhuel, tá deireadh le hiománaithe na Gail-
limhe agus Aontroma don
bhliain seo. Nach iontach
an dara cluiche a bhí
againn sa cheanncheathrú an Domh-
nach seo caite. Ó thosach go
deireadh bhí coimhlint den scoth
againn le hardscóranna, spiorad,
neart, luas, fuinneamh, ach le críoch
nár thug seans am breise do Ghail-
limh mar bhí am breise tuillte acu i
ndiaidh sár-thaispeántais. Ach sin
spórt agus is minic a bhíonn sé
cruálach.

Bhí ard-chluiche mar seo ag teast-
áil uainn mar is fíorbheagán cluichí
iontacha iomána a bhí againn i
mbliana .

San leath-chraobh tabharfaidh
Tiobraid Árann aghaidh ar Phort
Láirge agus má bhí an ceathrú-
chraobh ar fheabhas, d’fhéadfadh an
cluiche seo bheith níos fearr, más
féidir é.

Bhí bearna ollmhór idir an
caighdeán a bhí sa chéad chluiche
agus an dara ceann nuair a bhí an
lámh in uachtar ag Corcaigh ar Aon-
troim ar feadh an chluiche ar fad .
Ach má imríonn foireann Denis
Walsh mar an gcéanna i gcoinne
Chill Chainnigh déanfaidh na Cait
scios orthu.

Ta an feachtas peile ag bogadh léi
agus deireadh seachtaine suimiúil
amach romhainn.

Is cinnte go mbeidh ganntanas
ticéad nuair a thabharfaidh na Dubs
aghaidh ar fhir iontacha Thír
Eoghain ar an Satharn. I ndiaidh sé
mhí agus beagnach dosaen cluiche
idir shraith agus chraobhchomórtas,
tá comharthaí ann go bhfuil cúpla
tosáí eile ag BÁC taobh amuigh de
Bernard Brogan. Le tamall anuas
anois tá na Dubs ag brath beagnach
an t-am ar fad ar Brogan agus má tá
aon rian de dhóchas le bheith acu an
beart a dhéanamh nuair a thiocfaidh
an tríú Domhnach de Dheireadh
Fómhair, caithfidh níos mó ainm-
neacha a bheith ar an gléar scórála
acu ag deireadh cluichí. Bhí ocht n-
ainm dhifriúla air i gcoinne Lú an
Satharn seo caite agus is maith san.

Ach tá fórsa eile os a gcomhair an
deireadh seachtaine seo. Cuirfidh
foireann Mickey Harte mórán ceis-

teanna ar fhoireann na hard-
chathrach. Ná déan dearmad an
difríocht sa chaighdeán a bhí idir
Baile Átha Cliath agus na
hardmháistrí le dhá bhliain anuas. I
gcoinne Chiarraí anuraidh níor
ghnóthaigh siad ach cúl amháin
agus seacht gcúilín bheaga agus an
bhliain roimhe sin ní bhfuairadar
ach cúilín amháin níos mó. Dar
ndóigh ní bhuafaidh siad le scór mar
sin an Domhnach beag seo.

Deirtear gur fada an tréimhse
seachtain i bpolaíocht ach tá sé mar
an gcéanna i spórt. Taobh istigh de
sé la thit Sligeach ó bharr go bun an
tsléibhe peile. Domhnach amháin,
bhíodar ag tosú Chraobh Chonnacht
mar rogha na coitiantachta i ndiaidh
dhá bhua státúla ar ríthe an Chúige,
Gaillimh agus Maigh Eo agus an
Satharn dár gcionn bhí deireadh lena
séasúr leis an dara cailliúint i sé lá. Ní
hé amháin gur chailleadar an cluiche
seo ach fuairadar léasadh ceart ó
foireann an Dúin a tháinig aniar
aduaidh orainn go léir ó thosaigh na
cluichí craoibhe.

Ach tharraing an Dún an sop gearr
don Satharn seo agus is mór an
dúshlán dóibh bheith maith agus
láidir go leor do Chiarraí. Agus nach
iontach iad peileadóirí an Chontae
Ríoga. An deireadh seachtaine beidh

siad ag imirt gan Paul Galvin agus
Marc Ó Se atá ar fionraí agus gan na
leids atá éirithe as ó anuraidh agus
an bheirt atá imithe thar sáile agus
fós is iad rogha na n-údar iad. Tais-
peánann sé cé chomh láidir is atá
cúrsaí peile sa taobh sin tíre agus is
dócha go mbeidh an lá leo arís i
gcoinne fhoireann James McCartan.

Tá an mhuinín ag fás de réir a
chéile ag foireann Chill Dara. Seo é
an tríú bliain i ndiaidh a chéile dóibh
bheith san ochtar deireanach sa
pheil agus is mór an t-éacht é sin
d’fhoireann Kieran McGeeney.

Chuir gortuithe isteach go mór
orthu sa chéad leath den bhliain ach
ó thosaigh na cluichí cáilithe tá siad
ag dul ó neart go neart. Le himreoirí
mar James Cavanagh, Johnny Doyle,
Dermot Earley agus Morgan O’Fla-
herty beidh sé deacair buachan
orthu. Ach tá contae na Mí freisin ag
treisiú an t-am ar fad agus cé go
raibh an t-ádh dearg leo craobh
Laighean a bhuachan cuirfidh siad
suas troid mhór i gcoinne a
gcomharsana . Is deacair an ceann
seo a mheá. B’fhéidir go gcuirfidh an
t-aighneas go léir faoi chríoch
Chraobh Laighean isteach ar an Mí.
Feicimid.

Tá an-trua agam do pheileadóirí
Luimnigh. Chríochnaíodar go láidir i

gcoinne Chorcaí an Satharn seo caite
ach fós theip orthu arís. Mar sin tab-
harfaidh Corcaigh aghaidh ar Ros
Comáin, seaimpíní Chonnacht. Cad
é mar bhua gan choinne a bhí acusan
sa chraobh. Tá éacht déanta ag Fer-
gal O’Donnell mar bhainisteoir mar
anuraidh bhíodar go hainnis ar fad .
Ach an foireann iad nach bhfuil ach
tosáí amháin ag feidhmiú i gceart
dóibh? Sea bhí Donie Shine thar barr
i gcoinne Shligigh ach cosúil le BÁC
ní féidir bheith ag brath ar thosaí
amháin ag an leibhéal seo. Tabhair
sracfhéachaint ar thosaithe Chiarraí
agus Thír Eoghain.

Tá Corcaigh fós ann ach níl mórán
déanta acu fós a thabharfadh dóchas
duit go bhfuil siad ullamh chun an
choróin a chaitheamh i mbliana ach
is dócha go mbeidh siad róláidir do
Ros Comáin ar an nDomhnach.

Beir Bua


*Focail Scoir: Tá m’ainm luaite le
seachtain anuas leis an post bain-
istíochta le hiománaithe sinsir
Luimnigh. Cé gur mór an onóir é bhei-
th luaite le post mór mar seo, faraor,
níl suim agam i láthair na huaire
bheith ag plé le post lánaimseartha
mar seo. Guím gach rath agus ádh ar
mhuintir iomána an chontae don tod-
hchaí.*

SÚIL ar an Liathróid

Le Gráinne McElwain


Dé Sathairn 31ú Iúil
An Dún v Ciarraí
Cluiche Ceathrú Ceannais Peile na hÉireann
Páirc an Chrócaigh @ 2.00i.n
Bhuaigh an Dún Craobh na hÉireann den
chéad uair i 1960 in aghaidh Chiarraí agus níl
Ciarraí tar éis an Dún a bhualadh ó shin ná
riamh sa Chomórtas Craoibhe. Tá trí
cluiche as a chéile buaite ag an Dún sna
babhtaí cáilithe. Deirtear gurb í an chosaint
an áit is laige ar fhoireann an Dúin. Lig siad
isteach 3-65 sa tSraith ach tá siad tar éis a
bheith i bhfad níos déine sa Chraobh leis an
fhear mór, Dan Gordon, ag imirt go maith
mar lánchúlai. Ba cheart go mbeadh an
choimhlint idir é féin agus Kieran Donaghy
ar an lá suimiúil. Úsáideann siad cosantóir
breise agus tugann sé sin cuidiú maith don
líne lánchúlaithe. Tá imní ann faoi Damien
Rafferty (lámh) agus Benny Coulter (cos)
ach tá na bainisteoirí muiníneach go mbeidh
siad in ann imirt. Níl Ciarraí tar éis imirt le mí
anuas ó bhuaigh siad Craobh na Mumhan in
aghaidh Luimnigh. Tá Paul Galvin agus
Tómás Ó Sé in easnamh mar go bhfuil siad ar
fionraí agus tá imní ann faoi Phádraig Reidy
(glúin) agus Daniel Bohan (cromán). Seans
go bhfeicimid Aidan O’Mahony ag tosnú
den chéad uair i mbliana. Tá fadhbanna fós
ag Ciarraí i lár na páirce ó d’éirigh Darragh Ó
Sé as agus d’fhéadfadh sé a bheith cinniú-
nach ar an lár. Deacair dul in aghaidh Chiarraí
anseo ach ní bheidh an Dún ag scaoileadh
ró-éasca leo.
Bua: Ciarraí

Baile Átha Cliath v Tír Eoghain
Cluiche Ceathrú Ceannais Peile na hÉireann



Dónal Shine, Ros Comáin


Páirc an Chrócaigh @ 4.00i.n
Seo í an tríú huair le sé bliana anuas go
mbeidh an dá fhoireann seo ag imirt in
aghaidh a chéile sa bhabhta Ceathrú Cean-
nais. Rinne Tír Eoghain slad ar Bhaile Átha
Cliath dhá bhliain ó shin 3-14 in aghaidh 1-8
agus níl ach seisear ón fhoireann a thosaigh
in 2008 ainmnithe ar fhoireann Bhaile Átha
Cliath don lá amárach. Tá an chuma ar an
scéal go bhfuil Pat Gilroy sásta leis an fhoire-
ann atá aige mar in aghaidh Lú, ainmníodh
an fhoireann chéanna dhá chluiche as a
chéile den chéad uair i mbliana. Mhothaigh
Mickey Harte nach raibh an meas ceart ag
daoine ar Thír Eoghain i mbliana ach tar éis
an bua comórdach a bhí acu in aghaidh
Mhuineacháin i gCluiche Ceannais Uladh, tá
gach duine ag tabhairt airde orthu arís. Tá



James kavanagh, Cill Dara

imní mór ann faoi Tommy McGuigan a ghor-
taigh a ghlúin ach seans go mbeidh Stephen
O’Neill ar ais agus ábalta imirt den chéad
uair ó bhí mí an Mheithimh ann. Chomh
maith leis sin tá Enda McGinley ar ais ar a
sheanléim agus seans go mbeidh sé ainm-
nithe ar an fhoireann amárach. Tá Baile Átha
Cliath i lár próiseas atógála agus ba chóir go
mbeadh an lár le Tír Eoghain.
Bua: Tír Eoghain

Dé Domhnaigh 1ú Lúnasa
Corcaigh v Ros Comáin
Cluiche Ceathrú Ceannais Peile na hÉireann
Páirc an Chrócaigh @ 2.00i.n
Cé gurbh iad Corcaigh agus Ciarraí a ainm-
níodh mar rogha na n-údar do Chorn Mhic



Dan Gordon, An Dún

Uidhir i mbliana, tá roinnt daoine amhrasach
faoi Chorcaigh anois. Bhí dhá chluiche ion-
tacha acu in aghaidh Chiarraí i gcluiche
Leathcheannais na Mumhan agus cé gur
chaill siad le pointe amháin, ní fhaca muid
aon taispeántas chomh maith leis sin ó shin.
B’fhéidir go bhfuil siad ag fanacht leis na
babhtaí Leathcheannais, ach ticifimid. Chun
cothrom na Féinne a thabhairt do Chor-
caigh, ní raibh dúshlán mór curtha rompu go
dtí an deireadh seachtaine seo caite in
aghaidh Luimnigh. Fuair Corcaigh an lámh in
uachtar go héasca ar an Chabhán agus Loch
Garman agus cé go bhfuil roinnt tráchtairí ag
caint faoi easpa muiníne san fhoireann, ainm-
níodh an fhoireann chéanna den tríú huair
as a chéile an tseachtain seo caite. Is léir go
bhfuil an-mhuinín ag Conor Counihan as a

foireann. Seo tástáil a bheidh uafásach
géar do Ros Comáin ach mar a dúirt bainis-
teoir na foirne, Fergal O’Donnell, is bun-
táiste mór anois é aon rud eile a tharlóidh as
seo amach. Beidh jab le déanamh ag
Michael Shields ar Donie Shine a bhfuil 1-26
aimsithe aige go dtí seo. Feicimid cé chomh
maith agus atá Corcaigh ar an Domhnach.
Bua: Corcaigh.

An Mhí v Cill Dara
Cluiche Ceathrú Ceannais Peile na hÉireann
Páirc an Chrócaigh @ 4.00i.n
Ní bheidh mórán idir an dá fhoireann seo.
Seo í an chéad uair don Mhí a bheith ar ais i
bPáirc an Chrócaigh ó fuair Joe Sheridan an
cúl conspóideach a chríochnaigh an deis a
bhí ag Lú Craobh Laighean a bhaint den
chéad uair ó bhí 1957 ann. Chuaigh an Mhí
chomh fada le cluiche Leathcheannais na
hÉireann anuraidh agus in 2007 ach caith-
fidh siad feabhsú ón taispeántas a bhí acu in
aghaidh Lú. Seo í an tríú bliain as a chéile go
bhfuil Cill Dara sa bhabhta Ceathrú Cean-
nais. Chaill siad in aghaidh Chorcaí in 2008
agus Thír Eoghain anuraidh. Bhí go leor gor-
tuithe ag cur isteach ar Chill Dara níos
luaithe sa bhliain ach tá James Kavanagh
agus Éamonn Callaghan ar ais i ndiaidh
dóibh a bheith gortaithe le 1-10 aimsithe ag
Kavanagh agus 1-7 ag Callaghan go dtí seo.
Bhí a ghlúin ag cur isteach ag Dermot Earley
an tseachtain seo caite agus beidh le feiceáil
cé chomh maith agus a bheidh sé. Seo é an
séú deireadh seachtaine as a chéile ag Cill
Dara a bheith ag imirt agus níl siad
críochnaithe fós.
Bua: Cill Dara

Neart le déanamh ag Maigh Eo



Le Gráinne McElwain

Beidh Maigh Eo ag imirt a gcéad chluiche sa Chomórtas Craoibhe an Luan beag seo nuair a bhuaifidh siad le Ciarraí i mBeannchar, Uíbh Fhailí i mbabhta a haon de na babhtaí cáilithe . Do dhaoine nach bhfuil a fhios acu, tharraing bord an chontae i Maigh Eo (le treoir ó na clubanna) amach as an Chomórtas Craoibhe i mbliana mar nach raibh siad in ann bainisteoir nua a fháil, nuair a d’éirigh Pat Costelloe as a phost. Rinne Cumann Peil Gael na mBan iarracht cinneadh an bhoird a athrú ach níor éirigh leo. Cuireadh an cás os comhair na

Comhairle Láir agus dúradh le Maigh Eo go gcaithfidís foireann a chur isteach sa chomórtas agus thosaigh Maigh Eo ag cuartú bainisteoir nua.

Ceapadh an tAthair Ó Murchú mar bhainisteoir thart fá choicís ó shin agus beidh an-jab le déanamh aige neart agus spiorad na foirne a spreagadh arís. Tá an-taithí aige ag obair leis na coláistí sa chontae agus d’oibrigh sé cheana le Cora Staunton nuair a bhí sé ag plé le Coláiste Naomh Seosamh agus í mar chuid den fhoireann tacaíochta leis. Ach seo dúshlán mór dó agus cheana féin tá sé gann ar chuid den fhoireann a bhí ann anuraidh ar chúis amháin nó cúis eile. Ní bheidh Fiona McHale, Caroline McGing, Noelle Tierney, Catherine O’Sullivan ná Nicola Hurst ar fáil mar go bhfuil siad i Meiriceá. Níl na cailíní atá fágtha aige tar éis imirt le chéile le dhá sheachtain déag ach de réir cosúlachta tá an traenáil ag dul go maith agus bhuaigh siad roinnt cluichí dúshláin le déanaí.

“ Bhí an-díomá agus brón orm a chloisteáil go raibh na fadhbanna móra seo i Maigh Eo” a deir Robbie Ó Griffin, iarbhainisteoir Chiarraí. “Ní ceart go mbeadh a leithéid ag tarlú. Tá imreoirí chomh maith i Maigh Eo agus atá in aon chontae eile sa tír. Tugann imreoirí, bainisteoirí agus bord an chontae go leor leor ama don spórt gan aon airgead. Is obair dheonach ar fad atá ann agus bíonn na daoine seo flaitiúil lena gcuid ama. Caithfidh gach duine teacht le chéile agus obair lena chéile agus muna bhfuil siad in ann, níl spás ann dóibh”.

“Sílím go bhfuil Maigh Eo tar éis seacht mbainisteoir a bheith acu ó Finbar Egan in 2004. Níor tharla sé sin riamh i bPeil na mBan agus is mór an trua é. Is rud maith é go bhfuil an fiosrúchán ag dul ar aghaidh agus tá súil agam go bhfeicimid toradh maith as ar mhaithe le peil Mhaigh Eo” a deir Robbie. Tá Cumann Peil Gael na mBan ag

déanamh fiosrúcháin ar na cúiseana ar tharraing Maigh Eo amach as an Chraobh i mbliana.

“Ní féidir leis an Athair Ó Murchú tada a dhéanamh anois ach imreoirí a thabhairt le chéile. Tá go leor de na himreoirí is fearr a bhí ag Maigh Eo imithe” dar le Robbie.

Bhí Robbie mar bhainisteoir le Ciarraí in 2008 nuair a chuaigh siad chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann in aghaidh Sheaimpíní na hÉireann Corcaigh, ach mothaíonn Robbie go bhfuil an-deis ag Ciarraí ar an Luan.

“ Bhí drochshraith ag Ciarraí i mbliana. Níor bhuaigh siad cluiche ar bith ach tá bainisteoir nua acu ó mhí an Mhárta agus tá William O’Sullivan tar éis difear mór a dhéanamh. Tá an fhoireann ullmhaithe go maith, tá siad aclaí agus tá imreoirí nua óga tagtha isteach san fhoireann”.

“Chaill Ciarraí in aghaidh Chorcaí i gCluiche Leathcheannais na

Mumhan i mbliana ach ní raibh ach cúig phointe idir na foirne ag an deireadh. Níor scóráil Valerie Mulcahy sa chluiche sin agus rinne Aisling Leonard an-jab uirthi. Tá imreoirí maithe acu ar nós Aisling, Aoife Lyons agus Louise Ní Mhuircheartaigh agus sílim go bhfuil an-seans acu.”

Beidh Tiobraid Árann agus an Mhí ag imirt in aghaidh a chéile sa dara cluiche ar an Luan le Paddy Morrissey ar ais mar bhainisteoir le Tiobraid Árann. Bhuaigh na Tiobradaigh Craobh Idirmheánach na hÉireann dhá bhliain ó shin faoina stiúir. Ach tá an-taithí ag an Mhí agus tá sé deacair a rá cé a thiocfas amach chun cinn.

Croifan an dhá chluiche seo beo ar TG4 ag tosnú ag a dó a chlog.

Dé Luain 2ú Lúnasa
Beannchar, Uíbh Fhailí
Ciarraí v Maigh Eo @ 2.30i.n.
An Mhí v Tiobraid Árann @ 4.15i.n.

Mithrócaireacht ag teastáil ó Bhaile Átha Cliath!

Le Gráinne McElwain


AR an Sunday Game Live ar RTÉ an Domhnach seo caite, rinneadh an tarraingt do na babhtaí Ceathrú Ceannais i gCraobh Peile na hÉireann. Tharraing Uachtarán CLG, Críostóir Ó Cuana as Baile Átha Cliath amach as pota a haon agus ansin, phioc Coman Goggins, iarchaptaen Bhaile Átha Cliath, Tír Eoghain as an phota eile agus bheadh orthu aghaidh a thabhairt ar a chéile. Bhí sé feiceálach ar an phointe sin cad a chiallaigh sé sin, mar d’fhéach Coman suas sa spéir agus tháinig miongháire ar a aghaidh.

“Níor stop an fón ag bualadh díreach ina dhiaidh sin le teachtaireachtaí drochbhéasacha ó neart daoine. Mar a shamhlófá, ní raibh siad lán le grá,” a deir Coman.

An chúis nach raibh siad lán le grá ná gur imir Baile Átha Cliath agus Tír Eoghain in aghaidh a chéile cheana sa bhabhta seo in 2005 agus 2008 agus ba é Tír Eoghain a tháinig chun cinn gach uair.

“Is cuimhin liom go maith 2005 mar go raibh mé féin ag imirt sa chéad chluiche a chríochnaigh ar comhscór. Bhí muid ag imirt go maith agus bhí muid chun cinn ag dul isteach ag leatham ar 1-10 in aghaidh 0-8. Ach an eachtra a sheasann amach domsa sa chluiche sin ná an cúl a fuair Owen Mulligan. Cúl den scoth ab ea é, agus chas an taoide ina dhiaidh sin.”

Bhí Owen Mulligan ciúin go maith go dtí sin sa chraobh ach nuair a fuair sé an liathróid caoga méadar amach ó chúl Bhaile Átha Cliath, bhuail sé bob ar bheirt chosantóirí agus chiceáil sé rapsar isteach san



Ryan McMenamin ag iarraidh croíthe Bhaile Átha Cliath a bhriseadh arís. Pic: Sportsfile.

eangach chun cúl a fháil. Fuair Tomás Quinn cúilín i ndeireadh na himeartha ó chic shaor chun an cluiche a chothromú ach dúradh go raibh an deis cailte ag Baile Átha Cliath an lá sin.

“Chaill muid an seans cinnte agus d’fhág muid an cluiche sin taobh thiar dinn. Ní raibh Tír Eoghain ag imirt go rómhaith an lá sin. San

athimirt bhí Tír Eoghain i bhfad níos fearr ná muid agus bhuaigh siad 2-18 go 1-14.”

“Is é an rud faoi Thír Eoghain ná go bhfuil an méid sin imreoirí maithe acu a sheasann in airde ar an lá mór. Mar shampla, thig le foireann a cheapadh gurb iad Seán Kavanagh nó Stephen O’Neill na fir is contúirtí ar an pháirc agus ansin, bíonn an-

chluiche ag Owen Mulligan nó ag an líne leathchúil. Is é sin an fáth go bhfuil siad chomh contúirteach sin; caithfidh gach duine a bheith ag marcáil go dian, ach fós, tagann duine eile nua chun cinn ansin nach raibh tú ag súil leis.”

Tá Baile Átha Cliath ag atógáil faoi láthair faoi stiúir Pat Gilroy ach an mbeidh an lucht tacaíochta réasúnta

sásta leis an dul chun cinn atá déanta má chailleann siad ar an Satharn?

“Chonaic mé iad ag imirt in aghaidh na Mí agus cheap mé go raibh siad uafásach ach tá siad tar éis feabhsú. Ach seachas Ard Mhacha, níl foirne maithe buailte acu, foirne a bhfuil traidisiún láidir peile acu. Mar gheall ar an slad a rinneadh orthu le cúpla bliain anuas, Tír Eoghain in 2008 agus Ciarraí anuraidh, bhí athrú ag teastáil agus géarghá le himreoirí nua a thabhairt isteach ar an fhoireann. Sílim go bhfuil deacrachtaí ann le meascán na foirne faoi láthair. Cinnte, caithfidh tú imreoirí nua a thabhairt isteach ach ag an am céanna, bíonn taithí de dhíth chomh maith. Bheinn féin amhrasach faoi cé chomh cothrom is atá an fhoireann. Tá siad ag brath go hiomlán ar Bernard Brogan agus cé gur scóráil Eoghan O’Hara 2-1 in aghaidh Lú, níl an oiread sin taithí aige ag imirt don chontae go fóill,” a deir Coman.

“Is dúshlán iomlán difriúil é imirt in aghaidh Thír Eoghain. Tá taithí, scil agus imreoirí den scoth acu agus bí cinnte go mbeidh sé dian ó thaobh na fisiciúlachta agus síceolaíochta de ar an pháirc. Braitheann sé ar chumas Bhaile Átha Cliath é a láimhseáil. Ní bheidh mórán daoine ag tnúth go mbeidh an bua ag Baile Átha Cliath ach chun aon seans a bheith acu, caithfidh siad a bheith an-chóngarach do Thír Eoghain ar an pháirc agus ar chlár na scór.”

“Níl brú ar Bhaile Átha Cliath ach ní hiad na daoine deasa a bhaineann an cluiche. Léiríonn Ciarraí, Tír Eoghain agus Ard Mhacha tréithe mithrócaireacha agus caithfidh Baile Átha Cliath a bheith gan trócaire amárach.”

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie

Gaelscéal

● 30.07.2010



Staid Aviva ag oscailt amárach

Ré nua amach romhainn



Le Gráinne McElwain

Dúnadh na doirse ar staid Bhóthar Landsdowne trí bliana ó shin chun í a atógáil go hiomlán agus staid nua-aoiseach agus nua-aimseartha a bhunú ina háit. Anois tá doirse

Staid Aviva á n-oscailt don phobal agus lucht rugbaí nuair a bhuaifidh comhfhoireann rugbaí Laighean/Uladh le comhfhoireann Chonnacht/ na Mumhan amárach.

Rud atá an-spéisiúil faoin tion-scamh seo ná gur chríochnaigh sé in am agus gur chosain sé €410 milliúin, an costas a bhí beartaithe an chéad lá riamh. Ar a laghad, fuair siad luach a gcuid airgid! Beidh cluichí idirnáisiúnta sa bhaile ag foireann rugbaí agus sacar na hÉireann agus feicfear Cluiche Ceannais Europa 2011 san ionad chomh maith. Is féidir le

caoga míle duine dul isteach ann agus tá pleananna ann ceol-choirmeacha a reáchtáil ann amach anseo.

An tseachtain seo chugainn beidh an chéad chluiche sacar ar siúl nuair a thiocfas Manchain Aontaithe chun imirt in aghaidh foirne ó Shraith Airtricity ar an Chéadaoin. Tá ocht n-imreoir déag ainmnithe ag an bhainisteoir Damien Richardson don chluiche seo, seisear acu ag teacht as Bohemians. Chuir Bohs an tais-peántas díomách a bhí acu san Eoraip in aghaidh The New Saints

taobh thiar díobh le bua maith in aghaidh Fhánaithe Bhré sa tSraith an tseachtain seo caite. Dúirt Damien Richardson “go bhfuil sé ag siúl go mór leis an chluiche agus go bhfuil an staid nua seo antábhachtach d’fhorbairt an chluiche sa bhaile. Is ócáid an-stairiúil í seo i Sraith Airtricity.”

Beidh foireann láidir ag Manchain Aontaithe in Éirinn don chluiche dúshláine seo. Chuaigh Wayne Rooney, Michael Carrick, Patrice Evra, Park Ji-Sung agus Nemanja Vidic ar ais ag traenáil i rith na seachtaine agus dúirt Alex

Ferguson go mbeidh siad i Staid Aviva ar an Chéadaoin.

Tá John O’ Shea ag siúl go mór leis: “Tá lucht tacaíochta mór againn in Éirinn agus tá a fhios agam go gcuirfear fáilte mhór romhainn i Staid Aviva.”

Beidh John O’Shea agus a chomhimreoirí ar ais arís ag imirt le foireann na hÉireann in aghaidh na hAirgintíne an tseachtain dár gcionn ach ní bheidh Maradona, bainisteoir spleodrach na hAirgintíne ann mar briseadh as a phost é i rith na seachtaine.